**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0162/2023**

28.4.2023

# ***I
# TUARASCÁIL

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le laghdú ar astaíochtaí meatáin in earnáil an fhuinnimh agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/942
(COM(2021)0805 – C9-0467/2021 – 2021/0423(COD))

An Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia
An Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

Rapóirtéirí: Pascal Canfin, Jutta Paulus

(Nós imeachta coiste comhpháirteach — Riail 58 de na Rialacha Nós Imeachta)

## *Eochair do na siombailí a úsáidtear*

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## *Leasuithe ar dhréachtghníomh*

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

## CLÁR

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................5

IARSCRÍBHINN: LIOSTA DE NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR.........................................................................................123

LITIR ÓN gCOISTE UM THALMHAÍOCHT AGUS UM FHORBAIRT TUAITHE.........124

NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH .......................................................................126

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH......128

## DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le laghdú ar astaíochtaí meatáin in earnáil an fhuinnimh agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/942**
**(COM(2021)0805 – C9-0467/2021 – 2021/0423(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2021)0805),

– ag féachaint d'Airteagail 294(2) agus 194(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0467/2021),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don tuairim réasúnaithe a thíolaic Teach na dTeachtaí sa tSeic, faoi chuimsiú Phrótacal Uimh. 2 maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm, á mhaíomh nach gcomhlíonann an dréachtghníomh reachtach prionsabal na coimhdeachta,

– ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 19 Bealtaine 2022[1],

– ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún an 12 Deireadh Fómhair 2022[2],

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don litir ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia agus ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (A9-0162/2023),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an

---
[1] IO C 323, 26.8.2022, lch. 101.
[2] IO C 498, 30.12.2022, lch. 83.

gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) ***Is é*** meatán ***an phríomh-chomhpháirt atá sa ghás nádúrtha, agus tá sé*** ar an dara gás is mó, seachas dé-ocsaíd charbóin, a chuireann leis an athrú aeráide agus is é is cúis le timpeall aon trian den téamh atá ag tarlú faoi láthair. | (1) ***Tá an*** meatán ar an dara gás is mó, seachas dé-ocsaíd charbóin, a chuireann leis an athrú aeráide agus is é is cúis le timpeall aon trian den téamh atá ag tarlú faoi láthair. ***D'fhoilsigh an Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) sa Séú Tuarascáil Mheasúnachta uaidh an cinneadh go bhfuil gá le laghduithe móra ar astaíochtaí antrapaigineacha meatáin faoi 2030 chun fanacht faoi bhun 1,5 °C.*** |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) ***Ar an leibhéal móilíneach,*** cé go ***bhfanann*** an meatán ***san atmaisféar go ceann tréimhse is giorra*** (idir 10 agus 12 bhliain) ná an dé-ocsaíd charbóin (na céadta blianta), ***is suntasaí a*** iarmhairt ceaptha teasa ar an aeráid***,*** agus ***rannchuidíonn sé le foirmiú an ózóin, ar truailleán aeir láidir é is cúis le fadhbanna sláinte tromchúiseacha***. Tá ardú géar tagtha ar mhéid an mheatáin san atmaisféar ar bhonn domhanda le 10 mbliana anuas. | (2) Cé go ***bhfuil meánaga cónaithe atmaisféarach níos giorra ag*** an meatán (idir 10 ***mbliana*** agus 12 bhliain) ná ***mar atá ag*** an dé-ocsaíd charbóin (na céadta blianta), ***baineann*** iarmhairt ceaptha teasa ar an aeráid ***leis atá breis*** agus ***80 oiread níos mó ná iarmhairt ceaptha teasa na dé-ocsaíde carbóin ($CO_2$) thar thréimhse 20 bliain***. Tá ardú géar tagtha ar mhéid an mheatáin san atmaisféar ar bhonn domhanda le 10 mbliana anuas. |

---

[1a] ***De réir IPCC, ar amscála 100-bliain, tá poitéinseal téimh dhomhanda 29,8 oiread níos mó ag an meatán ná atá ag an dé-ocsaíd charbóin agus tá sé 82,5 oiread níos láidre ar amscála 20 bliain. An Séú***

***Tuarascáil Mheasúnaithe ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (AR6, Tábla 7.15 ag https://www.ipcc.ch/report/ar6/wg1/downloads/report/IPCC_AR6_WGI_FullReport.pdf )***

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(2a) Is gás réamhtheachtach é an meatán le haghaidh ózón díobhálach ar leibhéal na talún agus cuireann sé le truailliú an aeir, agus bíonn baint ag an ózón ar leibhéal na talún le beagnach 20 000 bás anabaí gach bliain[1a]. Trí dhul i ngleic le hastaíochtaí meatáin, tabharfar aghaidh ní hamháin ar an gcomhshaol agus ar an aeráid ach cuirfear feabhas freisin ar chosaint na sláinte i gcomhréir leis an gcur chuige Aon Sláinte Amháin.*** |
| | ***[1a] An Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, Air quality in Europe – 2020 report [Cáilíocht aeir san Eoraip – tuarascáil 2020], lch. 7;*** |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(3a) I rún ó Pharlaimint na hEorpa an 21 Deireadh Fómhair 2021 maidir le straitéis AE chun astaíochtaí meatáin a laghdú[1a], iarrtar ar an gCoimisiún anailís a dhéanamh ar na himpleachtaí do bheartais agus do bhearta a bhaineann le tréimhse ama 20 bliain a úsáid do*** |

***phoitéinseal téimh dhomhanda, mar chomhlánú ar an gcreat ama 100 bliain atá in úsáid faoi láthair i gcomhréir le treoirlínte Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) maidir le fardail gás ceaptha teasa. Tugtar faoi deara ann freisin, ach tuilleadh trédhearcachta a bheith ann faoi impleachtaí gearrthéarmacha an téimh dhomhanda a bhaineann le hastaíochtaí meatáin, gur chabhrú a bheadh ann le beartais aeráide an Aontais a dhéanamh níos eolasaí, agus cuirtear i bhfios go láidir ann nár cheart úsáid a bhaint, ar bhealach ar bith, as an méadrach comhlántach sin chun moill a chur ar an ngníomhaíocht is gá chun astaíochtaí CO2 a laghdú go mór agus go tapa freisin.***

______________

***1a***

***https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-9-2021-0436_GA.html - Tuairisc Spyraki***

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) De réir shonraí an Aontais maidir le fardail gás ceaptha teasa (‘GCT’), meastar ***go bhfuil*** an earnáil fuinnimh ***freagrach as*** 19 % de na hastaíochtaí meatáin laistigh den Aontas. Ní áirítear leis sin na hastaíochtaí meatáin atá nasctha le hídiú fuinnimh iontaise an Aontais atá ag tarlú lasmuigh den Aontas. | (4) De réir shonraí an Aontais maidir le fardail gás ceaptha teasa (‘GCT’), ***is ón talmhaíocht a thagann 53 % d’astaíochtaí meatáin antrapaigineacha, tagann 26 % ó dhramhaíl agus*** meastar ***gurb í*** an earnáil fuinnimh ***is cúis*** 19 % de na hastaíochtaí meatáin laistigh den Aontas. Ní áirítear leis sin na hastaíochtaí meatáin atá nasctha le hídiú fuinnimh iontaise an Aontais atá ag tarlú lasmuigh den Aontas. ***Is é an tAontas an t-allmhaireoir gáis iontaise is mó ar domhan, agus dá bhrí sin, imríonn an tAontas ról tábhachtach in astaíochtaí meatáin a spreagadh ar fud an domhain.*** |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) Nasctar le chéile sa Chomhaontú Glas don Eoraip sraith chuimsitheach beart agus tionscnamh a threisíonn a chéile go frithpháirteach agus atá dírithe ar an aeráidneodracht a bhaint amach san Aontas faoi 2050. Sonraítear sa Teachtaireacht maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip[14] go ndéanfar dícharbónú na hearnála gáis a éascú, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar cheist na n-astaíochtaí meatáin ó earnáil an gháis. Ghlac an Coimisiún straitéis AE chun astaíochtaí meatáin a laghdú ('an Straitéis Meatáin') i mí Dheireadh Fómhair 2020 ina leagtar amach bearta chun astaíochtaí meatáin a laghdú san Aontas Eorpach, lena n-áirítear in earnáil an fhuinnimh, agus go hidirnáisiúnta. I Rialachán (AE) 2021/1119[15] ('an Dlí Aeráide Eorpach'), chumhdaigh an tAontas sa reachtaíocht sprioc na haeráidneodrachta ar fud an gheilleagair faoi 2050, agus bhunaigh sé gealltanas ceangailteach inmheánach de chuid an Aontais um laghdú 55 % ar a laghad faoi bhun leibhéil 1990 sna glanastaíochtaí gás ceaptha teasa (astaíochtaí tar éis asbhaint na n-aistrithe) faoi 2030. Leis an leibhéal ***laghduithe*** sin ar ***astaíochtaí GCT a bhaint amach, ba cheart na*** hastaíochtaí meatáin ***ó earnáil an fhuinnimh a laghdú faoi thimpeall 58 % faoi 2030 i gcomparáid le 2020***. | (5) Nasctar le chéile sa Chomhaontú Glas don Eoraip sraith chuimsitheach beart agus tionscnamh a threisíonn a chéile go frithpháirteach agus atá dírithe ar an aeráidneodracht a bhaint amach san Aontas faoi 2050. Sonraítear sa Teachtaireacht maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip[14] go ndéanfar dícharbónú na hearnála gáis a éascú, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar cheist na n-astaíochtaí meatáin ó earnáil an gháis. Ghlac an Coimisiún straitéis AE chun astaíochtaí meatáin a laghdú ('an Straitéis Meatáin') i mí Dheireadh Fómhair 2020 ina leagtar amach bearta chun astaíochtaí meatáin a laghdú san Aontas Eorpach, lena n-áirítear in earnáil an fhuinnimh, agus go hidirnáisiúnta. I Rialachán (AE) 2021/1119[15] ('an Dlí Aeráide Eorpach'), chumhdaigh an tAontas sa reachtaíocht sprioc na haeráidneodrachta ar fud an gheilleagair faoi 2050, agus bhunaigh sé gealltanas ceangailteach inmheánach de chuid an Aontais um laghdú 55 % ar a laghad faoi bhun leibhéil 1990 sna glanastaíochtaí gás ceaptha teasa (astaíochtaí tar éis asbhaint na n-aistrithe) faoi 2030. ***Tugann an Coimisiún le fios sa mheasúnú tionchair a ghabhann*** leis an ***Rialachán seo gur féidir 77 % d'iomlán na n-astaíochtaí meatáin réamh-mheasta a bheidh os cionn na bonnlíne a laghdú in 2030 go*** leibhéal ***níos lú ná suim na dtairbhí sóisialta agus comhshaoil[15a]. Beidh sé*** sin ***ina rannchuidiú dearfach leis an téamh domhanda a theorannú go 1.5 °C agus chuirfeadh sé*** ar ***chumas an Aontais a bheith ar thús cadhnaíochta maidir le*** hastaíochtaí meatáin ***a chomhrac agus slándáil fuinnimh a neartú***. |

[14] COM(2019) 640 final.

[15] Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021).

[14] COM(2019) 640 final.

[15] Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021).

***[15a] https://eur-lex.europa.eu/LexUriServ/LexUriServ.do?uri=SWD:2021:0459:FIN:GA:PDF (lch. 67)***

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) Áirítear astaíochtaí meatáin le raon feidhme spriocanna an Aontais do laghduithe ar gháis cheaptha teasa do 2030 a leagtar amach sa Dlí Aeráide Eorpach, agus sna spriocanna náisiúnta ceangailteacha chun astaíochtaí a laghdú de réir Rialachán (AE) 2018/842[16]. Níl aon chreat dlíthiúil ann ar leibhéal an Aontais faoi láthair áfach, ina leagtar amach bearta sonracha chun astaíochtaí meatáin ***antraipigineacha in earnáil an fhuinnimh*** a laghdú. Ina theannta sin, cé go gcumhdaítear astaíochtaí meatáin ó scagadh na hola mianraí agus an gháis i dTreoir 2010/75[17] maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha, ní chumhdaítear gníomhaíochtaí eile in earnáil an fhuinnimh. | (6) ***Tagann astaíochtaí meatáin ó réimse leathan earnálacha, lena n-áirítear an talmhaíocht, dramhaíl, fuíolluisce agus fuinneamh.*** Áirítear astaíochtaí meatáin le raon feidhme spriocanna an Aontais do laghduithe ar gháis cheaptha teasa do 2030 a leagtar amach sa Dlí Aeráide Eorpach, agus sna spriocanna náisiúnta ceangailteacha chun astaíochtaí a laghdú de réir Rialachán (AE) 2018/842[16]. Níl aon chreat dlíthiúil ann ar leibhéal an Aontais faoi láthair***,*** áfach, ina leagtar amach ***spriocanna agus*** bearta sonracha ***lena gcumhdaítear gach earnáil*** chun astaíochtaí meatáin ***antrapaigineacha*** a laghdú***, agus laghdú suntasach á dhéanamh dá bhrí sin ar astaíochtaí meatáin san Aontas faoi 2030, i gcomhréir le Comhaontú Pháras***. Ina theannta sin, cé go gcumhdaítear astaíochtaí meatáin ó scagadh na hola mianraí agus an gháis i dTreoir 2010/75[17] maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha, ní chumhdaítear gníomhaíochtaí eile in |

| | |
|---|---|
| | earnáil an fhuinnimh. |

[16] Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhaíocht ar son na haeráide chun na gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 (IO L 156, 19.6.2018).

[17] Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) (IO L 334, 17.12.2010).

[16] Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhaíocht ar son na haeráide chun na gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 (IO L 156, 19.6.2018).

[17] Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) (IO L 334, 17.12.2010).

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) Sa chomhthéacs seo, ba cheart go mbeadh feidhm ag an Rialachán seo ar laghdú na n-astaíochtaí meatáin sa taiscéalaíocht agus táirgeadh réamhtheachtach ola agus gáis iontaise, i mbailiú agus próiseáil gáis iontaise, i dtarchur, dáileadh, stóráil faoi thalamh an gháis agus críochfoirt gáis iontaise leachtaithe (GNL), agus ba cheart go mbeadh feidhm aige ar mhianaigh ghuail faoi thalamh agus dhromchla atá á n-oibriú, agus ar mhianaigh ghuail atá dúnta nó tréigthe. | (7) Sa chomhthéacs seo, ba cheart go mbeadh feidhm ag an Rialachán seo ar laghdú na n-astaíochtaí meatáin sa taiscéalaíocht agus táirgeadh réamhtheachtach ola agus gáis iontaise, i mbailiú agus próiseáil gáis iontaise, i dtarchur, dáileadh, stóráil faoi thalamh an gháis agus críochfoirt gáis iontaise leachtaithe (GNL), agus ba cheart go mbeadh feidhm aige ar ***pheitriceimiceáin, ar*** mhianaigh ghuail faoi thalamh agus dhromchla atá á n-oibriú, agus ar mhianaigh ghuail atá dúnta nó tréigthe. |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(7a) Ós rud é go dtagann nafta agus leachtanna gáis nádúrtha lena n-úsáid san earnáil pheitriceimiceach freisin as taiscéalaíocht agus táirgeadh réamhtheachtach agus as bailiú agus próiseáil ola agus gáis iontaise agus go mbíonn astaíochtaí meatáin mar thoradh orthu. Ba cheart an earnáil pheitriceimiceach a bheith faoi réir na mbeart maidir le faireachán agus tuairisciú, brath agus deisiú sceite, agus faoi réir teorainneacha le scaoileadh agus bladhmadh cosúil leo siúd in earnáil an fhuinnimh.*** |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) Na rialacha maidir le tomhas cruinn, tuairisciú agus fíorú ar astaíochtaí meatáin sna hearnálacha ola, gáis agus guail, chomh maith le rialacha maidir le laghdú ar na hastaíochtaí sin, lena n-áirítear trí shuirbhéanna braite agus deisithe sceití agus srianta ar scaoileadh agus ar bhladhmadh, ba cheart go dtabharfaí aghaidh orthu le creat dlíthiúil iomchuí an Aontais. Ba cheart ***go bhfaighfí rialacha i gcreat den sórt sin chun*** trédhearcacht a fheabhsú maidir le hallmhairí fuinnimh iontaise isteach san Aontas, agus ***na dreasachtaí á bhfeabhsú dá réir do ghlacadh*** níos forleithne na réiteach maolaithe meatáin ar fud na cruinne. | (8) Na rialacha maidir le tomhas cruinn, tuairisciú agus fíorú ar astaíochtaí meatáin sna hearnálacha ola, gáis agus guail, chomh maith le rialacha maidir le laghdú ar na hastaíochtaí sin, lena n-áirítear trí shuirbhéanna braite agus deisithe sceití agus srianta ar scaoileadh agus ar bhladhmadh, ***agus cosaint oibrithe ar astaíochtaí meatáin á háirithiú,*** ba cheart go dtabharfaí aghaidh orthu le creat dlíthiúil iomchuí an Aontais. ***Leis na rialacha a leagtar síos sa Rialachán seo,*** ba cheart trédhearcacht a fheabhsú maidir le hallmhairí fuinnimh iontaise isteach san Aontas, agus ***ba cheart glacadh*** níos forleithne na réiteach maolaithe ***astaíochtaí*** meatáin ar fud na cruinne ***a bheith mar thoradh orthu amach anseo***. |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Is dócha go mbeidh infheistíochtaí ó oibreoirí rialáilte de dhíth ar mhaithe le comhlíontacht na n-oibleagáidí faoin Rialachán seo, agus ba cheart go gcuirfí na costais a bhainfeadh leis na hinfheistíochtaí sin san áireamh agus taraifí á chomhshocrú, faoi réir phrionsabail na héifeachtúlachta. | (9) Is dócha go mbeidh infheistíochtaí ó oibreoirí rialáilte de dhíth ar mhaithe le comhlíontacht na n-oibleagáidí faoin Rialachán seo, agus ba cheart go gcuirfí na costais ***bhreise*** a bhainfeadh leis na hinfheistíochtaí sin san áireamh agus taraifí á chomhshocrú, faoi réir phrionsabail na héifeachtúlachta. ***De réir na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta Fuinnimh (IEA), tá bearta laghdaithe meatáin an-éifeachtach ó thaobh costais de sna hearnálacha ola agus gáis, go háirithe i bhfianaise na bpraghsanna margaidh méadaithe ar ghás, agus bheadh teorainn leis na hinfheistíochtaí riachtanacha le haghaidh na mbeart sin, le tréimhse ghearr aisíoca[1a]. Níor cheart go mbeadh ualach airgeadais díréireach ar úsáideoirí deiridh agus ar thomhaltóirí mar thoradh ar na costais riachtanacha. Ba cheart, dá bhrí sin, costais a bhaineann le hinfheistíochtaí i nglanchostais atá os cionn nialais a chur san áireamh agus taraifí á socrú. Ba cheart teaghlaigh leochaileacha a chosaint ar ualaí airgeadais díréireacha a bhaineann leis an Rialachán seo. Na bearta iomchuí a dhéanann na hoibreoirí chun astaíochtaí meatáin a chosc agus a íoslaghdú, ba cheart gurbh iad na bearta inar mó tionchar sochaíoch na n-astaíochtaí ná tionchar sochaíoch an bhirt mhaolaithe.*** <br>__________________ <br>***[1a] https://www.iea.org/reports/global-methane-tracker-2023 - Feabhra 2023*** |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) Ba cheart do gach Ballstát údarás inniúil amháin ar a laghad a cheapadh chun maoirseacht a dhéanamh go gcomhlíonann na hoibreoirí go héifeachtach na hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo, agus ba cheart dóibh fógra a thabhairt don Choimisiún faoi cheapachán mar sin agus faoi aon athruithe air sin. Ba cheart do na húdaráis inniúla ***gach beart riachtanach a ghlacadh*** chun ***comhlíontacht na gceanglas a leagtar amach sa Rialachán*** seo a áirithiú. Agus tréithe trasteorann na n-oibríochtaí agus na n-astaíochtaí meatáin in earnáil an fhuinnimh á gcur san áireamh, ba cheart d'údaráis inniúla comhoibriú le chéile agus leis an gCoimisiún. Sa chomhthéacs sin, ba cheart don Choimisiún agus d'údaráis inniúla na mBallstát líonra údarás inniúil a bhunú le chéile a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm chun dlúthchomhar a chothú, leis na socruithe riachtanacha ann chun faisnéis agus dea-chleachtais a mhalartú, agus chun gur féidir tabhairt faoi chomhairliúcháin. | (10) Ba cheart do gach Ballstát údarás inniúil amháin ar a laghad a cheapadh chun maoirseacht a dhéanamh go gcomhlíonann na hoibreoirí go héifeachtach na hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo, agus ba cheart dóibh fógra a thabhairt don Choimisiún faoi cheapachán mar sin agus faoi aon athruithe air sin. Ba cheart ***don Bhallstát acmhainní leordhóthanacha airgeadais agus daonna a chur ar fáil*** do na húdaráis inniúla ***a cheapfar agus ba cheart dóibh na bearta uile is gá a dhéanamh*** chun ***comhlíonadh an Rialacháin*** seo a áirithiú. ***Ba cheart don údarás inniúil pointe teagmhála a bhunú.*** Agus tréithe trasteorann na n-oibríochtaí agus na n-astaíochtaí meatáin in earnáil an fhuinnimh á gcur san áireamh, ba cheart d'údaráis inniúla comhoibriú le chéile agus leis an gCoimisiún. Sa chomhthéacs sin, ba cheart don Choimisiún agus d'údaráis inniúla na mBallstát líonra údarás inniúil a bhunú le chéile a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm chun dlúthchomhar a chothú, leis na socruithe riachtanacha ann chun faisnéis agus dea-chleachtais a mhalartú, agus chun gur féidir tabhairt faoi chomhairliúcháin. |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) D'fhonn feidhmiú a gcúraimí a áirithiú, ba cheart d'oibreoirí an cúnamh go léir is gá a sholáthar do na húdaráis inniúla. Ina theannta sin, ba cheart d'oibreoirí gach gníomhaíocht riachtanach a ghlacadh atá sainaitheanta ag na húdaráis inniúla laistigh den tréimhse arna cinneadh ag na húdaráis inniúla nó d'aon tréimhse eile a | (12) D'fhonn feidhmiú a gcúraimí a áirithiú, ba cheart d'oibreoirí an cúnamh go léir is gá a sholáthar do na húdaráis inniúla. Ina theannta sin, ba cheart d'oibreoirí gach gníomhaíocht riachtanach a ghlacadh atá sainaitheanta ag na húdaráis inniúla laistigh den tréimhse arna cinneadh ag na húdaráis inniúla nó d'aon tréimhse eile a chomhaontaítear leis na húdaráis inniúla. |

| | |
|---|---|
| chomhaontaítear leis na húdaráis inniúla. | ***Ba cheart do na Ballstáit faireachán a dhéanamh go rialta ar staid na hearnála chun aon mhoill a d'fhéadfadh a bheith ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo mar gheall ar easpa oibrithe agus teicneolaíochtaí oilte a bhrath.*** |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(12a) De réir Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a] agus Threoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1b] is faisnéis chomhshaoil iad astaíochtaí isteach sa chomhshaol. Dá bhrí sin, aon fhoras leis na Ballstáit nó institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí an Aontais diultú faisnéis a thabhairt maidir le rochtain ar fhaisnéis, is ar bhealach sriantach atá an foras sin le léirmhíniú, agus aird á tabhairt ar an dóigh a rachadh an nochtadh chun leas an phobail agus ar an mbaineann an fhaisnéis a iarrtar le hastaíochtaí sa chomhshaol.*** |
| | ***[1a] Leasú ar Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Meán Fómhair 2006 maidir le forálacha Choinbhinsiún Aarhus maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil a chur i bhfeidhm ar institiúidí agus ar chomhlachtaí Comhphobail*** |
| | ***[1b] Treoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2003 maidir le rochtain phoiblí ar fhaisnéis chomhshaoil agus lena n-aisghairtear Treoir 90/313/CEE*** |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) Ba cheart cigireachtaí a bheith mar an príomhshásra a bheadh ar fáil do na húdaráis inniúla, lena n-áireofaí iniúchadh ar dhoiciméadacht agus taifid, tomhais astaíochtaí agus cigireachtaí ar an láthair. Ba cheart go dtarlódh na cigireachtaí ar bhonn tráthrialta, ar bhonn breithmheasa ar an riosca comhshaoil arna stiúradh ag na húdaráis inniúla. Ina theannta sin, ba cheart go gcuirfí cigireachtaí i gcrích chun gearáin chuí-réasúnaithe agus tarluithe neamh-chomhlíontachta a imscrúdú, agus chun deisiúcháin nó athsholáthairtí comhpháirteanna a dhéanamh i gcomhréir leis an Rialachán seo. I gcás ina sainaithníonn siad sárú ***tromchúiseach*** ar cheanglais an Rialacháin seo, ba cheart d'údaráis inniúla fógra a eisiúint faoi ghníomhaíochtaí ceartaitheacha a thabharfaidh an t-oibreoir i gcrích. Ba cheart d'údaráis inniúla taifid a choinneáil ar na cigireachtaí agus ba cheart an fhaisnéis ábhartha a chur ar fáil i gcomhréir le Treoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[19]. | (13) Ba cheart cigireachtaí a bheith mar an príomhshásra a bheadh ar fáil do na húdaráis inniúla, lena n-áireofaí iniúchadh ar dhoiciméadacht agus taifid, tomhais astaíochtaí agus cigireachtaí ar an láthair. Ba cheart go dtarlódh na cigireachtaí ar bhonn tráthrialta, ar bhonn breithmheasa ar an riosca comhshaoil arna stiúradh ag na húdaráis inniúla. ***Ba cheart sásraí rialaithe atá bunaithe cheana agus atá ar fáil do na húdaráis inniúla a chur san áireamh. Ba cheart do na húdaráis inniúla samplaí den dea-chleachtas a shainaithint.*** Ina theannta sin, ba cheart go gcuirfí cigireachtaí i gcrích chun gearáin chuí-réasúnaithe agus tarluithe neamh-chomhlíontachta a imscrúdú, agus chun deisiúcháin nó athsholáthairtí comhpháirteanna a dhéanamh i gcomhréir leis an Rialachán seo. I gcás ina sainaithníonn siad sárú ar cheanglais an Rialacháin seo, ba cheart d'údaráis inniúla fógra a eisiúint faoi ghníomhaíochtaí ceartaitheacha a thabharfaidh an t-oibreoir i gcrích. Ba cheart d'údaráis inniúla taifid a choinneáil ar na cigireachtaí agus ba cheart an fhaisnéis ábhartha a chur ar fáil i gcomhréir le Treoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[19]. |
| [19] Treoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2003 maidir le rochtain phoiblí ar fhaisnéis chomhshaoil agus lena n-aisghairtear Treoir 90/313/CEE (IO L 41, 14.2.2003). | [19] Treoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2003 maidir le rochtain phoiblí ar fhaisnéis chomhshaoil agus lena n-aisghairtear Treoir 90/313/CEE (IO L 41, 14.2.2003). |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (14) I bhfianaise chomh cóngarach agus atá roinnt foinsí astaíochtaí meatáin do limistéir uirbeacha nó chónaitheacha, ba cheart go mbeadh daoine nádúrtha nó dlítheanacha ***dá ndearnadh díobháil le sáruithe ar an Rialachán seo*** in ann gearáin chuí-réasúnaithe a chur faoi bhráid na n-údarás inniúil. Ba cheart go gcoinneofaí gearánaigh ar an eolas faoin nós imeachta agus faoi na cinntí a glacadh, agus ba cheart go bhfaighidís cinneadh críochnaitheach laistigh d'achar réasúnach ó thaisceadh an ghearáin. | (14) I bhfianaise chomh cóngarach agus atá roinnt foinsí astaíochtaí meatáin do limistéir uirbeacha nó chónaitheacha ***agus i bhfianaise a dtionchair ar an tsláinte***, ***ar an gcomhshaol agus ar an aeráid,*** ba cheart go mbeadh daoine nádúrtha nó dlítheanacha in ann gearáin chuí-réasúnaithe a chur faoi bhráid na n-údarás inniúil ***maidir le sáruithe féideartha ar an Rialachán seo***. ***Sa chomhthéacs sin,*** ba cheart go ***bhfágfadh an Tairseach Eorpach don Cheartas gur féidir gearáin a chur isteach agus go dtabharfaí rochtain d'údaráis inniúla, chomh maith le faisnéis. Ba cheart go*** gcoinneofaí gearánaigh ar an eolas faoin nós imeachta agus faoi na cinntí a glacadh, agus ba cheart go bhfaighidís cinneadh críochnaitheach laistigh d'achar réasúnach ó thaisceadh an ghearáin. |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) Is féidir creidiúnacht na sonraí tuairiscithe a fheabhsú le creat fíoraithe láidir. Ina theannta sin, éilítear le leibhéal mionsonraí agus le castacht theicniúil na dtomhas astaíochtaí meatáin go ndéantar fíorú ceart ar shonraí astaíochtaí meatáin arna dtuairisciú ag oibreoirí agus oibreoirí mianaigh. Cé gur féidir féinfhíorú a dhéanamh, is le fíorú tríú páirtí a áirithítear neamhspleáchas agus trédhearcacht níos mó. Ina theannta sin, éascaítear tacar comhchuibhithe inniúlachtaí agus leibhéal saineolas nach mbeadh ar fáil do gach | (15) Is féidir creidiúnacht na sonraí tuairiscithe a fheabhsú le creat fíoraithe láidir. Ina theannta sin, éilítear le leibhéal mionsonraí agus le castacht theicniúil na dtomhas astaíochtaí meatáin go ndéantar fíorú ceart ar shonraí astaíochtaí meatáin arna dtuairisciú ag oibreoirí agus oibreoirí mianaigh. Cé gur féidir féinfhíorú a dhéanamh, is le fíorú tríú páirtí a áirithítear neamhspleáchas agus trédhearcacht níos mó. Ina theannta sin, éascaítear tacar comhchuibhithe inniúlachtaí agus leibhéal saineolas nach mbeadh ar fáil do gach |

eintiteas poiblí seans. Ba cheart d’fhíoraitheoirí a bheith creidiúnaithe ag comhlachtaí creidiúnúcháin i gcomhréir le Rialachán (CE) 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[20]. Ba cheart d’fhíoraitheoirí creidiúnaithe neamhspleácha a áirithiú dá réir gur ceart iad na tuairiscí astaíochtaí arna n-ullmhú ag oibreoirí agus oibreoirí mianaigh agus go gcomhlíonann siad na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo. Ba cheart ***dóibh*** na sonraí sna tuairiscí astaíochtaí a athbhreithniú lena n-iontaofacht, a gcreidiúnacht agus a gcruinneas a mheasúnú i gcoinne chaighdeáin Eorpacha nó idirnáisiúnta saor in aisce agus ar fáil go poiblí arna bhforbairt ag comhlachtaí neamhspleácha agus arb é an Coimisiún a dhéanann infheidhme iad. Ba cheart go gcumhachtófaí an Coimisiún dá réir chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun críche infheidhmeacht na gcaighdeán Eorpach nó idirnáisiúnta sin a ionchorprú agus a leagan amach. Is éagsúil iad na fíoraitheoirí leis na húdaráis inniúla, agus ba cheart go mbeidís neamhspleách ar na hoibreoirí agus ar na hoibreoirí mianaigh, ar cheart dóibh gach cúnamh is gá a sholáthar dóibh le feidhmiú na ngníomhaíochtaí fíoraithe a chumasú nó a éascú, go háirithe maidir le rochtain ar an áitreabh agus cur i láthair doiciméadachta nó taifead.

eintiteas poiblí seans. Ba cheart d’fhíoraitheoirí a bheith creidiúnaithe ag comhlachtaí creidiúnúcháin i gcomhréir le Rialachán (CE) 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[20]. Ba cheart d’fhíoraitheoirí creidiúnaithe neamhspleácha a áirithiú dá réir gur ceart iad na tuairiscí astaíochtaí arna n-ullmhú ag oibreoirí agus oibreoirí mianaigh agus go gcomhlíonann siad na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo. Ba cheart na ***gníomhaíochtaí fíorúcháin a dhéanamh i gcomhréir le caighdeáin agus modheolaíochtaí reatha Eorpacha nó idirnáisiúnta agus aird chuí á tabhairt ar chineál ghníomhaíochtaí an oibreora. Ba cheart do na fíoraitheoirí na*** sonraí sna tuairiscí astaíochtaí a athbhreithniú lena n-iontaofacht, a gcreidiúnacht agus a gcruinneas a mheasúnú i gcoinne chaighdeáin Eorpacha nó idirnáisiúnta saor in aisce agus ar fáil go poiblí arna bhforbairt ag comhlachtaí neamhspleácha agus arb é an Coimisiún a dhéanann infheidhme iad. ***Chun cruinneas na sonraí a áirithiú,*** ba cheart ***d’fhíoraitheoirí seiceálacha suímh fógartha agus gan réamhfhógra a dhéanamh. Ba cheart*** go gcumhachtófaí an Coimisiún dá réir chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun críche infheidhmeacht na gcaighdeán Eorpach nó idirnáisiúnta sin a ionchorprú agus a leagan amach. Is éagsúil iad na fíoraitheoirí leis na húdaráis inniúla, agus ba cheart go mbeidís neamhspleách ar na hoibreoirí agus ar na hoibreoirí mianaigh, ar cheart dóibh gach cúnamh is gá a sholáthar dóibh le feidhmiú na ngníomhaíochtaí fíoraithe a chumasú nó a éascú, go háirithe maidir le rochtain ar an áitreabh agus cur i láthair doiciméadachta nó taifead.

---

[20] Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus maidir le faireachas margaidh a bhaineann le táirgí

[20] Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus maidir le faireachas margaidh a bhaineann le táirgí

| | |
|---|---|
| a mhargú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93 (IO L 218, 13.8.2008). | a mhargú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93 (IO L 218, 13.8.2008). |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) Ba cheart an ***fhaisnéis sna tuairiscí astaíochtaí a cuireadh faoi bhráid na n-údarás inniúil a chur*** ar fáil ***don Choimisiún i bhfianaise an róil fhíoraithe a bheidh inchurtha i leith na Faireachlainne*** Idirnáisiúnta um Astaíochtaí Meatáin (IMEO), go háirithe maidir le modheolaíochtaí um chomhiomlánú sonraí agus ***um*** anailísiú agus fíorú ***ar mhodheolaíochtaí*** agus próisis staidrimh a úsáideann ***cuideachtaí*** lena sonraí tuairiscithe astaíochtaí a chainníochtú. D'fhéadfaí a áireamh leis na critéir thagartha ina leith sin ***caighdeáin*** agus treoirdhoiciméid ***OGMP. Ba cheart go gcuirfí an fhaisnéis arna léiriú ag IMEO ar fáil don phobal agus ba cheart don Choimisiún úsáid a bhaint as an bhfaisnéis sin le haghaidh a thabhairt ar aon easnaimh shainaitheanta maidir le tomhas, tuairisciú agus fíorú na sonraí astaíochtaí meatáin.*** | (16) ***Agus a n-oibleagáidí á gcomhlíonadh acu agus a gcumhachtaí á bhfeidhmiú acu faoin Rialachán seo,*** ba cheart ***d'fhíoraitheoirí, do na húdaráis inniúla agus don Choimisiún féachaint ar*** an ***bhfaisnéis arna cur*** ar fáil ***go hidirnáisiúnta, mar shampla ag an bhFaireachlann*** Idirnáisiúnta um Astaíochtaí Meatáin (IMEO), go háirithe maidir le modheolaíochtaí um chomhiomlánú sonraí agus anailísiú agus ***maidir le*** fíorú ***modheolaíochtaí*** agus próisis staidrimh a úsáideann ***oibreoirí agus oibreoirí mianach*** lena sonraí tuairiscithe astaíochtaí a chainníochtú. D'fhéadfaí a áireamh leis na critéir thagartha ina leith sin ***creat tuairiscithe na Comhpháirtíochta Ola*** agus ***Meatáin Gáis (OGMP), teimpléid agus*** treoirdhoiciméid***.*** |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (17) Bhunaigh an tAontas IMEO i mí Dheireadh Fómhair 2020 i gcomhpháirtle Clár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe, leis an gComhghuaillíocht Aeráide agus Aer Glan agus leis an nGníomhaireacht | (17) Bhunaigh an tAontas IMEO i mí Dheireadh Fómhair 2020 i gcomhpháirtle Clár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe, leis an gComhghuaillíocht Aeráide agus Aer Glan agus leis an nGníomhaireacht |

Idirnáisiúnta Fuinnimh, agus seoladh ag Cruinniú Mullaigh G20 i mí Dheireadh Fómhair 2021 é. Cuireadh de chúram ar IMEO sonraí astaíochtaí meatáin antraipigineacha a bhailiú, a réiteach, a fhíorú agus a fhoilsiú ar leibhéal domhanda. ***Tá IMEO ina chuid de Chlár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe, a thug Meabhrán Tuisceana i gcrích leis an Aontas Eorpach. Bíonn ról ríthábhachtach aige freisin chun sonraí astaíochtaí meatáin a fhíorú in earnáil an fhuinnimh agus*** ba cheart ***caidreamh iomchuí a bhunú chun cur ar iontaoibh na gcúraimí fíoraithe a chur i bhfeidhm. Toisc nach comhlacht de chuid an Aontais é IMEO agus nach bhfuil sé faoi réir dhlí an Aontais, tá sé fíor-riachtanach a fhoráil go ndéanfaidh IMEO bearta iomchuí chun cosaint leasanna an Aontais agus a Bhallstát a áirithiú.***

Idirnáisiúnta Fuinnimh, agus seoladh ag Cruinniú Mullaigh G20 i mí Dheireadh Fómhair 2021 é. Cuireadh de chúram ar IMEO sonraí astaíochtaí meatáin antraipigineacha a bhailiú, a réiteach, a fhíorú agus a fhoilsiú ar leibhéal domhanda. Ba cheart ***ról a bheith ag IMEO maidir le sár-astaírí a shainaithint trí chóras luathbhraite agus rabhaidh.***

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 25**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (25) Ar mhaithe le héifeachtacht an ***tomhais*** agus an tuairiscithe, ba cheart go n-éileofaí ar chuideachtaí ola agus gáis astaíochtaí meatáin a ***thomhas*** agus a thuairisciú de réir foinse, agus sonraí comhbhailithe a chur ar fáil do na Ballstáit chun go mbeadh na Ballstáit in ann cruinneas a dtuairiscithe fardal a fheabhsú. Ina theannta sin, is riachtanas é fíorú éifeachtach a chur i gcrích ar shonraí tuairiscithe cuideachtaí agus, chun an t-ualach riaracháin d’oibreoirí a íoslaghdú, ba cheart go n-eagrófaí an tuairisciú ar bhonn bliantúil. | (25) Ar mhaithe le héifeachtacht an ***chainníochtaithe*** agus an tuairiscithe, ba cheart go n-éileofaí ar chuideachtaí ola agus gáis astaíochtaí meatáin a ***chainníochtú*** agus a thuairisciú de réir foinse, agus sonraí comhbhailithe a chur ar fáil do na Ballstáit chun go mbeadh na Ballstáit in ann cruinneas a dtuairiscithe fardal a fheabhsú. Ina theannta sin, is riachtanas é fíorú éifeachtach a chur i gcrích ar shonraí tuairiscithe cuideachtaí agus, chun an t-ualach riaracháin d’oibreoirí a íoslaghdú, ba cheart go n-eagrófaí an tuairisciú ar bhonn bliantúil. |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 27**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (27) Tá cúig leibhéal tuairiscithe i gcreat OGMP 2.0. Tosaíonn an tuairisciú ar leibhéal foinse ar leibhéal 3, a mheastar a bheith inchomparáide le leibhéal 3 UNFCCC. Féadtar tosca astaíochta cineálacha a úsáid dá bharr. Éilíonn tuairisciú ar leibhéal 4 de OGMP 2.0 go ndéantar tomhais dhíreacha ar astaíochtaí meatáin ar leibhéal foinse. Féadtar tosca astaíochta sonracha a úsáid dá bharr. Éilíonn tuairisciú ar leibhéal 5 de OGMP 2.0 go gcuirtear tomhais chomhlántacha ag leibhéal láithreáin leis. Ina theannta sin, éilíonn creat OGMP 2.0 ar chuideachtaí tomhais dhíreacha ar astaíochtaí meatáin a thuairisciú laistigh de 3 bliana ó pháirt a ghlacadh in OGMP 2.0 i gcás sócmhainní oibrithe agus laistigh de 5 bliana i gcás sócmhainní neamhoibrithe. Ag cur leis an gcur chuige a glacadh in OGMP 2.0 maidir le tuairisciú ar leibhéal foinse, agus an líon mór cuideachtaí san Aontas atá tar éis clárú le OGMP 2.0 in 2021 á chur san áireamh, ba cheart go n-éileofaí ar oibreoirí an Aontais tomhais dhíreacha ar leibhéal foinse a sholáthar dá n-astaíochtaí laistigh de ***24 mhí*** i gcás sócmhainní oibrithe agus laistigh de ***36 mhí*** i gcás sócmhainní neamhoibrithe. I dteannta le cainníochtú ar leibhéal foinse, is le cainníochtú ar leibhéal suímh a cheadaítear measúnú, fíorú agus réiteach na meastachán ar leibhéal foinse a chomhiomlánú de réir suímh, agus muinín fheabhsaithe a sholáthar dá réir sin i leith astaíochtaí tuairiscithe. Mar ab amhlaidh i gcás OGMP 2.0, éilíonn an Rialachán seo tomhais ag leibhéal láithreáin chun ***tomhais*** ar leibhéal foinse a réiteach. | (27) Tá cúig leibhéal tuairiscithe i gcreat OGMP 2.0 ***is déanaí***. Tosaíonn an tuairisciú ar leibhéal foinse ar leibhéal 3, a mheastar a bheith inchomparáide le leibhéal 3 UNFCCC. Féadtar tosca astaíochta cineálacha a úsáid dá bharr. Éilíonn tuairisciú ar leibhéal 4 de OGMP 2.0 go ndéantar tomhais dhíreacha ar astaíochtaí meatáin ar leibhéal foinse. Féadtar tosca astaíochta sonracha a úsáid dá bharr. Éilíonn tuairisciú ar leibhéal 5 de OGMP 2.0 go gcuirtear tomhais chomhlántacha ag leibhéal láithreáin leis. Ina theannta sin, éilíonn creat OGMP 2.0 ar chuideachtaí tomhais dhíreacha ar astaíochtaí meatáin a thuairisciú laistigh de 3 bliana ó pháirt a ghlacadh in OGMP 2.0 i gcás sócmhainní oibrithe agus laistigh de 5 bliana i gcás sócmhainní neamhoibrithe. Ag cur leis an gcur chuige a glacadh in OGMP 2.0 maidir le tuairisciú ar leibhéal foinse, agus an líon mór cuideachtaí san Aontas atá tar éis clárú le OGMP 2.0 in 2021 á chur san áireamh, ba cheart go n-éileofaí ar oibreoirí an Aontais tomhais dhíreacha ar leibhéal foinse a sholáthar dá n-astaíochtaí laistigh de ***12 mhí*** i gcás sócmhainní oibrithe agus laistigh de ***24 mhí*** i gcás sócmhainní neamhoibrithe. I dteannta le cainníochtú ar leibhéal foinse, is le cainníochtú ar leibhéal suímh a cheadaítear measúnú, fíorú agus réiteach na meastachán ar leibhéal foinse a chomhiomlánú de réir suímh, agus muinín fheabhsaithe a sholáthar dá réir sin i leith astaíochtaí tuairiscithe. Mar ab amhlaidh i gcás OGMP 2.0, éilíonn an Rialachán seo tomhais ag leibhéal láithreáin chun ***cainníochtú*** ar leibhéal foinse a réiteach. |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 30**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (30) ***Cé gurb iondúil gur*** scaoileadh ***beartaithe a bhíonn i scaoileadh meatáin, ar scaoileadh é a bhíonn*** mar thoradh ar phróisis nó ***gníomhaíochtaí*** agus ***gairis*** atá deartha chun na críche sin***, is féidir leis a bheith neamhbheartaithe freisin, mar is amhlaidh a bhíonn i gcás mífheidhme***. | (30) ***Is d'aon ghnó a dhéantar meatán a bhladhmadh agus a*** scaoileadh***,*** mar thoradh ar phróisis nó ***ar ghníomhaíochtaí*** agus ***ar fheistí*** atá deartha chun na críche sin. |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 31 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(31a) Tá gealltanas tugtha ag na ballchuideachtaí sa Tionscnamh Aeráide Ola agus Gáis (OGCI), lena n-áirítear go leor cuideachtaí a bhfuil a gceanncheathrú san Eoraip, déine meatáin a ísliú go 0.2 % faoi 2025 agus tá tús curtha acu le hiarrachtaí maolaithe. Bhí a leibhéal déine meatáin réamhtheachtach do 2025 bainte amach cheana féin in 2020 ag ballchuideachtaí OGCI agus bhain siad 0.17 % amach in 2021. Thuairiscigh roinnt mórtháirgeoirí Eorpacha go bhfuil déine meatáin bainte amach acu dá leibhéal déine réamhtheachtach agus dá leibhéal déine meánteachtach go maith faoi bhun an leibhéil. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún staidéar a dhéanamh ar an bhféidearthacht caighdeán feidhmíochta maidir le déine astaíochtaí réamhtheachtacha meatáin a thabhairt isteach a bheidh faoi bhun 0.2 % nó cothrom leis agus ba cheart dó méadrach agus forálacha a cheapadh chun an caighdeán feidhmíochta iomchuí a chur*** |

| | |
|---|---|
| | ***chun feidhme.*** |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 32**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (32) ***Ar dhóigh níos sonraí***, is é an chaoi is minice a laghdaítear astaíochtaí meatáin ó sceití ná trí shuirbhéanna braite agus deisithe sceití (suirbhéanna LDAR) a dhéantar chun ***sceití*** a shainaithint agus ***iad*** a dheisiú ***ina dhiaidh sin***. Dá bhrí sin, ba cheart d'oibreoirí suirbhéanna LDAR a dhéanamh go tréimhsiúil ar a laghad agus ba cheart a chumhdach leo sin freisin ***suirbhéanna*** ar chomhpháirteanna a scaoileann meatán féachaint ***an*** bhfuil ***meatán á scaoileadh go neamhbheartaithe***. | (32) ***Go sonrach***, is é an chaoi is minice a laghdaítear astaíochtaí meatáin ó sceití ná trí shuirbhéanna braite agus deisithe sceití (suirbhéanna LDAR) a dhéantar chun ***sceitheadh*** a shainaithint agus***, ina dhiaidh,*** a dheisiú***, nó trí chomhpháirteanna a bhfuil sceitheadh astu a athsholáthar***. Dá bhrí sin, ba cheart d'oibreoirí suirbhéanna LDAR a dhéanamh go tréimhsiúil ar a laghad agus ba cheart ***suirbhéanna*** a chumhdach leo sin freisin ar chomhpháirteanna a scaoileann meatán***, chun*** féachaint ***ag*** bhfuil ***aon trealamh ag mífheidhmiú***. |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 33**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (33) Chun na críche sin, ba cheart cur chuige comhchuibhithe a chur ar bun chun a áirithiú go mbeidh cothrom na Féinne ann do na hoibreoirí uile san Aontas. Ba cheart íoscheanglais le haghaidh suirbhéanna LDAR a chur san áireamh sa chur chuige sin ach méid leordhóthanach solúbthachta a bheith ann freisin do na Ballstáit agus d'oibreoirí. Tá sé sin fíor-riachtanach chun go ***mbeidh an nuálaíocht ann*** agus ***go bhforbrófar*** teicneolaíochtaí agus modhanna nua ***LDAR***, agus an gaibhniú teicneolaíochta a rachadh chun aimhleas na cosanta comhshaoil a chosc dá réir. Bíonn teicneolaíochtaí nua agus | (33) Chun na críche sin, ba cheart cur chuige comhchuibhithe a chur ar bun chun a áirithiú go mbeidh cothrom na Féinne ann do na hoibreoirí uile san Aontas. Ba cheart íoscheanglais le haghaidh suirbhéanna LDAR a chur san áireamh sa chur chuige sin ach méid leordhóthanach solúbthachta a bheith ann freisin do na Ballstáit agus d'oibreoirí. Tá sé sin fíor-riachtanach chun go ***bhféadfar dul i mbun nuálaíochta*** agus ***comhpháirteanna nua,*** teicneolaíochtaí ***LDAR*** agus modhanna nua ***a fhorbairt***, agus an gaibhniú teicneolaíochta a rachadh chun aimhleas na cosanta comhshaoil a chosc dá réir. Bíonn |

modhanna nua braite ag teacht chun cinn an t-am ar fad agus ba cheart do na Ballstáit an nuálaíocht san earnáil sin a spreagadh ionas go bhféadfar na modhanna is beaichte agus is costéifeachtaí a ghlacadh.

teicneolaíochtaí nua agus modhanna nua braite ag teacht chun cinn an t-am ar fad agus ba cheart do na Ballstáit an nuálaíocht san earnáil sin a spreagadh ionas go bhféadfar na ***comhpháirteanna, na teicneolaíochtaí LDAR agus na*** modhanna is ***lú sceitheadh, is*** beaichte agus is costéifeachtaí a ghlacadh.

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 33 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(33a) Tá sé de bhuntáiste ag cur chuige comhchuibhithe go bhfuil sonraíochtaí caighdeánaithe ag baint leis chun scaoileadh meatáin a shainaithint nó a bhrath trí úsáid a bhaint as ionstraimí agus teicneolaíochtaí difriúla a fhéadfar a bhunú nó a shocrú trí bhíthin caighdeáin Eorpacha nó, in éagmais caighdeáin den sórt sin, trí chaighdeáin idirnáisiúnta. In éagmais caighdeáin Eorpacha oiriúnacha, ba cheart don Choimisiún smaoineamh ar iarraidh ar na heagraíochtaí Eorpacha ábhartha um chaighdeánú caighdeáin den sórt sin a ghlacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Ar an gcaoi sin, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun sonraíochtaí den sórt sin a bhunú.*** |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 34**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (34) Ba cheart roinnt dea-chleachtas a | (34) Ba cheart roinnt dea-chleachtas a |

bheith le sonrú in oibleagáidí maidir le suirbhéanna LDAR. Ba cheart suirbhéanna LDAR a ***dhíriú*** go príomha ar sceití a aimsiú ***agus*** a dheisiú seachas ar a gcainníochtú***, agus*** ba cheart ***seiceáil a dhéanamh níos minice ar limistéir a bhfuil riosca níos airde sceití iontu; ní faoi threoir an ghá le deisiú a dhéanamh ar chomhpháirteanna a bhfuil meatán ag sceitheadh uathu os cionn na tairsí astaíochta meatáin amháin ba cheart*** minicíocht na suirbhéanna a ***shocrú ach faoi threoir dálaí oibríochtúla freisin, agus rioscaí sábháilteachta á gcur san áireamh. Dá bhrí sin, ba cheart ligean do na húdaráis inniúla suirbhéanna níos minice a mholadh le haghaidh na gcomhpháirteanna ábhartha i gcás ina sainaithnítear go bhfuil riosca níos airde don tsábháilteacht nó do chaillteanais mheatáin*** ann; ba cheart gach sceitheadh, gan beann ar a mhéid, a ***thaifeadadh agus faireachán a dhéanamh air***, ós féidir le sceití beaga ***a bheith*** ina sceití móra ***thar am***; tar éis sceití a dheisiú, ba cheart a dheimhniú go raibh an deisiúchán sin éifeachtach; ionas go bhféadfar úsáid a bhaint amach anseo as ardteicneolaíochtaí braite astaíochtaí meatáin, ba cheart a shonrú ***cén t-íosmhéid caillteanais mheatáin is gá*** a bheith ***ann chun go mbeidh údar lena dheisiú, ach rogha an ghairis braite a fhágáil faoi na hoibreoirí. I gcás inarb iomchuí, féadfar faireachán leanúnach a dhéanamh i gcomhthéacs an Rialacháin seo.***

bheith le sonrú in oibleagáidí maidir le suirbhéanna LDAR. Ba cheart suirbhéanna LDAR a ***bheith dírithe*** go príomha ar sceití a aimsiú ***agusfáil réidh leo*** a ***luaithe is féidir tríd an gcomhpháirt atá ag sceitheadh a*** dheisiú ***nó a athsholáthar*** seachas ar a gcainníochtú***;*** ba cheart minicíocht na suirbhéanna a ***bheith bunaithe ar an ngá atá le comhpháirteanna a dheisiú nó a athsholáthar le teicneolaíocht is fearr atá in*** ann ***sceitheadh a sheasamh***; ba cheart gach sceitheadh, gan beann ar a mhéid, a ***dheisiú***, ós féidir le sceití beaga ***iompú*** ina sceití móra ***le himeacht ama***; tar éis sceití a dheisiú, ba cheart a dheimhniú go raibh an deisiúchán sin éifeachtach; ionas go bhféadfar úsáid a bhaint amach anseo as ***comhpháirteanna níos forbartha nó*** ardteicneolaíochtaí braite astaíochtaí meatáin, ba cheart ***na híoscheanglais le haghaidh an ghairis agus an mhodheolaíocht arna húsáid chun sceitheadh*** a ***bhrath a*** shonrú ***agus ba cheart é*** a bheith ***cruthaithe go bhfuil siad éifeachtúil.***

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 34 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(34a) Tá cuid mhór sceite ann sa lá atá inniu ann de dheasca seanteicneolaíochtaí agus cheal cothabhála. Ba cheart réitigh nuálacha*** |

***nua a chur in ionad na dteicneolaíochtaí sin go tapa. Dá bhrí sin, ba cheart a leagan amach sa chlár braite agus deisithe sceití conas atá sé beartaithe ag an oibreoir comhpháirteanna a bhfuil ardriosca sceite meatáin ag baint leo a mhapáil agus conas atá sé beartaithe aige teicneolaíochtaí nuálacha nua a chur in ionad na gcomhpháirteanna sin go léir, rud a áiritheoidh go mbeidh cosaint fhadtéarmach ann ar sceitheadh sa todhchaí.***

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 35**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (35) Is é atá i scaoileadh ***an*** scaoileadh ***de mheatán*** neamhdhóite isteach san atmaisféar ***cibé acu go beartaithe*** trí phróisis, gníomhaíochtaí nó gairis atá ***saindeartha*** lena aghaidh***, nó go neamhbheartaithe i gcás mífheidhme***. I bhfianaise a mhéad atá iarmhairt astaíochtaí GCT, ba cheart scaoileadh a thoirmeasc ach amháin i gcásanna éigeandála, mífheidhme nó le linn teagmhais shonracha nach féidir roinnt scaoileadh a sheachaint iontu. | (35) Is é atá i ***gceist le*** scaoileadh ***ná*** scaoileadh ***meatáin*** neamhdhóite isteach san atmaisféar ***d'aon ghnó*** trí phróisis, gníomhaíochtaí nó gairis atá ***saincheaptha*** lena aghaidh. I bhfianaise a mhéad atá iarmhairt astaíochtaí GCT, ba cheart scaoileadh a thoirmeasc ach amháin i gcásanna éigeandála, mífheidhme nó le linn teagmhais shonracha nach féidir roinnt scaoileadh a sheachaint iontu. ***Chun a áirithiú nach n-úsáidfidh oibreoirí trealamh atá ceaptha scaoileadh, ba cheart caighdeáin teicneolaíochta a ghlacadh lenar féidir roghanna malartacha atá saor ó astaíochtaí a úsáid.*** |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 36**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (36) Is é atá i mbladhmadh an dóchán rialaithe meatáin chun críche diúscartha i ngaireas saindeartha don dóchán sin. | (36) Is é atá i mbladhmadh an dóchán rialaithe meatáin chun críche diúscartha i ngaireas saindeartha don dóchán sin. |

| | |
|---|---|
| Meastar gur gnáthbhladhmadh atá ann má dhéantar é le linn gnáth-tháirgeadh ola nó gáis iontaise agus cheal áiseanna leordhóthanacha nó geolaíocht oiriúnach chun meatán a athinstealladh, a úsáid ar an láthair nó a sheoladh chuig margadh. Ba cheart an gnáthbhladhmadh a thoirmeasc. Níor cheart bladhmadh a bheith incheadaithe ach amháin i gcás nach bhfuil an dara rogha ann ach é a scaoileadh agus i gcás nach bhfuil cosc ar an scaoileadh féin. Tá an scaoileadh níos díobhálaí don chomhshaol ná an bladhmadh toisc go mbíonn leibhéil arda meatáin de ghnáth sa ghás a scaoiltear, ach déanann an bladhmadh an meatán a ocsaídiú ina dhé-ocsaíd charbóin. | Meastar gur gnáthbhladhmadh atá ann má dhéantar é le linn gnáth-tháirgeadh ola nó gáis iontaise agus cheal áiseanna leordhóthanacha nó geolaíocht oiriúnach chun meatán a athinstealladh, a úsáid ar an láthair nó a sheoladh chuig margadh. Ba cheart an gnáthbhladhmadh a thoirmeasc. Níor cheart bladhmadh a bheith incheadaithe ach amháin i gcás nach bhfuil an dara rogha ann ach é a scaoileadh agus i gcás nach bhfuil cosc ar an scaoileadh féin ***agus, dá réir sin, i gcás nach bhfuil aon rogha eile ann, ba cheart tosaíocht a thabhairt do bhladhmadh ar scaoileadh i gcónaí***. ***De réir IEA[1a], áfach, rinneadh 143 bcm de ghás iontaise a bhladhmadh ar fud an domhain in 2021, arb ionann é, a bheag nó a mhór, agus méid iomlán an gháis nádúrtha a allmhairíodh isteach go dtí an Ghearmáin, an Fhrainc agus an Ísiltír le chéile. Mar thoradh air sin, rinneadh 270 Mt de CO2 agus beagnach 8 Mt de mheatán (240 Mt CO2-eq) a scaoileadh go díreach.*** Tá an scaoileadh níos díobhálaí don chomhshaol ná an bladhmadh toisc go mbíonn leibhéil arda meatáin de ghnáth sa ghás a scaoiltear, ach déanann an bladhmadh an meatán a ocsaídiú ina dhé-ocsaíd charbóin. ***De réir IEA, dá ndéanfaí laghdú ar bhladhmadh, scaoileadh agus sceitheadh meatáin, gur mó faoiseamh a bheadh ann láithreach do mhargaí gáis ná mar a bheadh dá ndéanfaí infheistíocht i soláthar nua. Mheas IEA[1b] go bhféadfaí beagnach 210 billiún méadar ciúbach (bcm) de ghás nádúrtha a chur ar fáil do na margaí gáis dá ndéanfaí iarracht dhomhanda deireadh a chur le bladhmadh neamhéigeandála agus laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí meatáin ó oibríochtaí ola agus gáis.*** |

***[1a] https://www.iea.org/reports/flaring-emissions - September 2022***

***[1b] https://iea.blob.core.windows.net/assets/94***

*14ec9a-bbba-4592-b005-4af05c894bdc/Theenergysecuritycasefortacklinggasflaringandmethaneleaks.pdf - June 20222*

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 37**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (37) Chun an bladhmadh a úsáid de rogha ar an scaoileadh caithfidh na feistí bladhmtha a dhónn an meatán a bheith éifeachtúil. Ar an gcúis sin, ba cheart ceanglas maidir le héifeachtúlacht dócháin a chur san áireamh freisin le haghaidh na gcásanna ina bhfuil an bladhmadh inghlactha. Ba cheart a cheangal freisin go ***n-úsáidfear*** bladhmlastóirí, ar féidir a adhaint ar bhonn níos iontaofa toisc nach ndéanann an ghaoth ***difríocht*** dóibh. | (37) Chun an bladhmadh a úsáid de rogha ar an scaoileadh caithfidh na feistí bladhmtha a dhónn an meatán a bheith éifeachtúil. Ar an gcúis sin, ba cheart ceanglas maidir le héifeachtúlacht dócháin a chur san áireamh freisin le haghaidh na gcásanna ina bhfuil an bladhmadh inghlactha. Ba cheart a cheangal freisin go ***n-úsáidfí*** bladhmlastóirí ***uathoibríocha nó leanúnacha***, ar féidir ***iad*** a adhaint ar bhonn níos iontaofa toisc nach ndéanann an ghaoth ***difear*** dóibh. |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 40**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (40) Gabhann rioscaí sláinte poiblí, sábháilteachta agus comhshaoil le hastaíochtaí meatáin as toibreacha neamhghníomhacha ola agus gáis. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag oibleagáidí faireacháin agus tuairiscithe go fóill agus ba cheart na toibreacha agus láithreáin na dtoibreacha a athshlánú agus a leigheas. Ba cheart príomhról a bheith ag na Ballstáit sna cásanna sin, go háirithe chun fardail agus pleananna maolaithe a bhunú. | (40) Gabhann rioscaí sláinte poiblí, sábháilteachta agus comhshaoil le hastaíochtaí meatáin as toibreacha neamhghníomhacha ola agus gáis. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag oibleagáidí faireacháin agus tuairiscithe go fóill agus ba cheart na toibreacha agus láithreáin na dtoibreacha a athshlánú agus a leigheas. Ba cheart príomhról a bheith ag na Ballstáit sna cásanna sin, go háirithe chun fardail agus pleananna maolaithe a bhunú ***lena ngabhann spiocdhátaí soiléire***. |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 44**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (44) Tar éis deireadh a bheith curtha le táirgeadh agus mianach a dhúnadh, leanann sé air de bheith ag scaoileadh meatáin, rud ar a dtugtar meatán mianaigh thréigthe (AMM). Tarlaíonn na hastaíochtaí sin go tipiciúil ag poncfhoinsí dea-shainithe amhail seaftaí aerála nó gaothairí faoisimh brú. De réir mar a mhéadaíonn ar an uaillmhian i leith na haeráide agus a aistrítear an táirgeadh fuinnimh chuig foinsí fuinnimh ar lú a lorg carbóin, is dócha go dtiocfaidh astaíochtaí AMM san Aontais in airde. Meastar go leanann meatán de bheith á scaoileadh as mianaigh nach bhfuil faoi uisce fiú 10 mbliana tar éis deireadh a bheith curtha le mianadóireacht iontu agus ar leibhéil atá chomh hard le 40 % de na hastaíochtaí a taifeadadh tráth a ndúnta[25]. Thairis sin, tá an chóir a thugtar do AMM ilroinnte i gcónaí toisc mianaigh a bheith faoi úinéireacht éagsúil agus mar gheall ar chearta saothraithe difriúla ar fud an Aontais. Ba cheart do na Ballstáit fardail de shócmhainní dúnta agus tréigthe guail a bhunú dá bhrí sin agus ba cheart a cheangal orthusan nó ar an bpáirtí a aithnítear a bheith freagrach feistí a shuiteáil chun astaíochtaí meatáin a thomhas. | (44) Tar éis deireadh a bheith curtha le táirgeadh agus mianach a dhúnadh, leanann sé air de bheith ag scaoileadh meatáin, rud ar a dtugtar meatán mianaigh thréigthe (AMM). Tarlaíonn na hastaíochtaí sin go tipiciúil ag poncfhoinsí dea-shainithe amhail seaftaí aerála nó gaothairí faoisimh brú. De réir mar a mhéadaíonn ar an uaillmhian i leith na haeráide agus a aistrítear an táirgeadh fuinnimh chuig foinsí fuinnimh ar lú a lorg carbóin, is dócha go dtiocfaidh astaíochtaí AMM san Aontais in airde. Meastar go leanann meatán de bheith á scaoileadh as mianaigh nach bhfuil faoi uisce fiú 10 mbliana tar éis deireadh a bheith curtha le mianadóireacht iontu agus ar leibhéil atá chomh hard le 40 % de na hastaíochtaí a taifeadadh tráth a ndúnta[25]. Thairis sin, tá an chóir a thugtar do AMM ilroinnte i gcónaí toisc mianaigh a bheith faoi úinéireacht éagsúil agus mar gheall ar chearta saothraithe difriúla ar fud an Aontais. Ba cheart do na Ballstáit fardail de shócmhainní dúnta agus tréigthe guail a bhunú dá bhrí sin agus ba cheart a cheangal orthusan nó ar an bpáirtí a aithnítear a bheith freagrach feistí a shuiteáil chun astaíochtaí meatáin a thomhas. ***Ba cheart samplaí de dhea-chleachtais a aimsiú agus a chomhtháthú i dtreoirlínte a d'fhéadfaí a chur ar fáil maidir le meatán mianaigh thréigthe (AMM) a chóireáil.*** |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 48**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (48) Is mianaigh ghalghuail nó mianaigh ghuail chóic iad mianaigh faoi thalamh. Is mar fhoinse fuinnimh go príomha a úsáidtear galghual agus is mar bhreosla agus imoibreán sa phróiseas déanta cruach a úsáidtear gual cóic. Ba cheart mianaigh ***ghuail chóic agus*** ghalghuail araon a ***bheith faoi réir faireachán, tuairisciú agus fíorú*** ar astaíochtaí meatáin. | (48) Is mianaigh ghalghuail nó mianaigh ghuail chóic iad mianaigh faoi thalamh. Is mar fhoinse fuinnimh go príomha a úsáidtear galghual agus is mar bhreosla agus imoibreán sa phróiseas déanta cruach a úsáidtear gual cóic. Ba cheart ***ceangal a chur ar mhianaigh guail cóic agus*** mianaigh ghalghuail araon ***faireachán agus tuairisciú*** a ***dhéanamh*** ar astaíochtaí meatáin***, iad a fhíorú agus bearta maolaithe a dhéanamh ina leith***. |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 49**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (49) I gcás mianaigh faoi thalamh atá ag oibriú, ba cheart maolú ar astaíochtaí meatáin a chur chun feidhme trí dheireadh a chur de réir a chéile le scaoileadh agus bladhmadh. I gcás mianaigh faoi thalamh atá dúnta nó tréigthe, cé gur féidir astaíochtaí meatáin a chosc tríd an mianach a thuile le huisce ní rud é a dhéantar go córasach agus tá rioscaí comhshaoil ag baint leis. Ba cheart deireadh a chur le scaoileadh agus bladhmadh de réir a chéile sna mianaigh sin freisin. Ó tharla go bhfágann srianta geolaíocha agus cúrsaí comhshaoil nach bhfuil an cur chuige céanna i leith maolú ar astaíochtaí meatáin oiriúnach do gach mianach tréigthe faoi thalamh[31], ba cheart do na Ballstáit a bplean maolaithe féin a bhunú agus na srianta sin agus indéantacht theicniúil mhaolú AMM á gcur san áireamh. | (49) I gcás mianaigh faoi thalamh atá ag oibriú, ba cheart maolú ar astaíochtaí meatáin a chur chun feidhme trí dheireadh a chur de réir a chéile le scaoileadh agus bladhmadh ***ag a bhfuil éifeachtúlacht níos lú ná 99 %***. I gcás mianaigh faoi thalamh atá dúnta nó tréigthe, cé gur féidir astaíochtaí meatáin a chosc tríd an mianach a thuile le huisce ní rud é a dhéantar go córasach agus tá rioscaí comhshaoil ag baint leis. Ba cheart deireadh a chur le scaoileadh agus bladhmadh ***ag a bhfuil éifeachtúlacht níos lú ná 99 %*** de réir a chéile sna mianaigh sin freisin. Ó tharla go bhfágann srianta geolaíocha agus cúrsaí comhshaoil nach bhfuil an cur chuige céanna i leith maolú ar astaíochtaí meatáin oiriúnach do gach mianach tréigthe faoi thalamh[31], ba cheart do na Ballstáit a bplean maolaithe féin a bhunú agus na srianta sin agus indéantacht theicniúil mhaolú AMM á gcur san áireamh. |

[31] Best Practice Guidance for Effective Methane Recovery and Use from

[31] Best Practice Guidance for Effective Methane Recovery and Use from

| | |
|---|---|
| Abandoned Mines (UNECE, 2019) [Treoraíocht maidir le Dea-Chleachtas in Aisghabháil agus Úsáid Éifeachtach Mheatáin as Mianaigh Thréigthe (UNECE, 2019)] | Abandoned Mines (UNECE, 2019) [Treoraíocht maidir le Dea-Chleachtas in Aisghabháil agus Úsáid Éifeachtach Mheatáin as Mianaigh Thréigthe (UNECE, 2019)] |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 49 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(49a) Chun astaíochtaí meatáin ó mhianaigh ghuail atá ag oibriú a laghdú, ba cheart don Aontas tacú le córais dreasachtaí le haghaidh astaíochtaí meatáin a laghdú. Go háirithe, d'fhéadfadh na córais sin borradh a chur faoi infheistíochtaí i ngabháil agus instealladh meatáin san eangach agus laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí meatáin ó sheaftaí aerála agus ó bhladhmadh. Ba cheart don Aontas gníomhú go cinntitheach chun acmhainní airgeadais an Aontais a shlógadh atá dírithe ar infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí laghdaithe meatáin sna mianaigh ar fad atá ag oibriú nó atá tréigthe. I gcás nach leor tacaíocht ón Aontas chun an sprioc sin a bhaint amach, ba cheart córais thiomnaithe táillí agus muirear a spreagadh, ar córais iad a bheidh leagtha amach go soiléir chun infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí laghdaithe meatáin a éascú, inter alia, mar chuid de chláir Státchabhrach a bhfuil sé mar aidhm leo acmhainní táirgthe guail a dhíchoimisiúnú.*** |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 51**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (51) Braitheann an tAontas ar allmhairí le haghaidh 70 % dá thomhaltas guail, 97 % dá thomhaltas ola agus 90 % dá thomhaltas gáis iontaise. ***Ní heol go beacht méid, tionscnamh ná cineál*** na n-astaíochtaí meatáin a ***bhaineann leis an bhfuinneamh iontaise a ídítear san Aontais ach a tharlaíonn i dtríú tíortha***. | (51) Braitheann an tAontas ar allmhairí le haghaidh 70 % dá thomhaltas guail, 97 % dá thomhaltas ola agus 90 % dá thomhaltas gáis iontaise. ***Measann IEA gurbh ionann*** na ***hastaíochtaí meatáin a bhain le hola agus gás a allmhairíodh go dtí an tAontas in 2020 agus thart ar 9,000 cileathonna de mheatán[1a]. In 2019, meastar gurbh ionann na hastaíochtaí meatáin ó ola agus gás san Aontas agus 1,033 chileathonna de mheatán[1b]. Cé go meastar gurb ionann sciar na*** n-astaíochtaí meatáin ***iomlána de dhéantús an duine*** a ***astaítear san Eoraip agus thart ar 6 %[1c], cuireann ídiú na mbreoslaí iontaise a tháirgtear lasmuigh den Aontas, agus an spleáchas allmhairithe orthu, dá bhrí sin, go mór le leibhéal na n-astaíochtaí meatáin a scaoiltear mar gheall ar a n-ídiú san Aontas***. |

***[1a] Tuarascáil ar an Measúnú Tionchair ón gCoimisiún a ghabhann leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le laghdú ar astaíochtaí meatáin in earnáil an fhuinnimh: https://eur-lex.europa.eu/LexUriServ/LexUriServ.do?uri=SWD:2021:0459:FIN:EN:PDF***

***[1b] Tuarascáil ar an Measúnú Tionchair ón gCoimisiún a ghabhann leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le laghdú ar astaíochtaí meatáin in earnáil an fhuinnimh: https://eur-lex.europa.eu/LexUriServ/LexUriServ.do?uri=SWD:2021:0459:FIN:EN:PDF***

***[1c] Tuarascáil ar an Measúnú Tionchair ón gCoimisiún a ghabhann leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le laghdú ar astaíochtaí meatáin in earnáil an fhuinnimh: https://eur-lex.europa.eu/LexUriServ/LexUriServ.do?***

***uri=SWD:2021:0459:FIN:EN:PDF***

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 52**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (52) Is iarmhairtí trasteorann iad na hiarmhairtí téimh dhomhanda arb iad astaíochtaí meatáin is cúis leo. Cé go bhfuil roinnt tíortha a tháirgeann fuinneamh iontaise ag tosú ag gníomhú sa chríoch baile chun laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí meatáin ina n-earnálacha fuinnimh, is iomaí onnmhaireoir nach bhfuil faoi réir aon rialachán ina mhargadh intíre féin. Tá dreasachtaí soiléire ag teastáil ó oibreoirí den sórt sin chun go ndéanfaidh siad beart i leith a gcuid astaíochtaí meatáin, mar sin ***ba cheart faisnéis thrédhearcach faoi astaíochtaí meatáin a chur ar fáil do na margaí***. | (52) Is iarmhairtí trasteorann iad na hiarmhairtí téimh dhomhanda arb iad astaíochtaí meatáin is cúis leo. Cé go bhfuil roinnt tíortha a tháirgeann fuinneamh iontaise ag tosú ag gníomhú sa chríoch baile chun laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí meatáin ina n-earnálacha fuinnimh, is iomaí onnmhaireoir nach bhfuil faoi réir aon rialachán ina mhargadh intíre féin. Tá dreasachtaí soiléire ag teastáil ó oibreoirí den sórt sin chun go ndéanfaidh siad beart i leith a gcuid astaíochtaí meatáin ***agus***, mar sin***, tá gá leis an Rialachán seo chun an slabhra soláthair a chumhdach ina iomláine***. |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 54**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (54) Mar a fógraíodh sa Teachtaireacht maidir le Straitéis an Aontais um Meatán[34], tá an tAontas tiomanta do bheith ag obair i gcomhar lena chomhpháirtithe fuinnimh agus le príomhthíortha eile ***onnmhairiúcháin*** fuinnimh iontaise chun dul i ngleic le hastaíochtaí meatáin ar fud an domhain. Tá torthaí tábhachtacha ann cheana de bharr taidhleoireacht fuinnimh maidir le hastaíochtaí meatáin. I mí Mheán Fómhair 2021 d'fhógair an tAontas agus na Stáit Aontaithe an Gealltanas ***Meatáin Dhomhanda***, ar gealltanas polaitiúil é chun ***astaíochtaí*** domhanda | (54) Mar a fógraíodh sa Teachtaireacht maidir le Straitéis an Aontais um Meatán[34], tá an tAontas tiomanta do bheith ag obair i gcomhar lena chomhpháirtithe fuinnimh agus le príomhthíortha eile ***allmhairiúcháin*** fuinnimh iontaise chun dul i ngleic le hastaíochtaí meatáin ar fud an domhain. Tá torthaí tábhachtacha ann cheana de bharr taidhleoireacht fuinnimh maidir le hastaíochtaí meatáin. I mí Mheán Fómhair 2021***,*** d'fhógair an tAontas agus na Stáit Aontaithe an Gealltanas ***Domhanda maidir le Meatán***, ar gealltanas polaitiúil é ***go ngníomhófar go*** |

| | |
|---|---|
| meatáin a laghdú 30 % faoi 2030 (ó leibhéil 2020), a seoladh ag Comhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide (COP 26) i mí na Samhna 2021 i nGlaschú. Tá a dtacaíocht geallta ag níos mó ná céad tír, a chuimsíonn nach mór leath de na hastaíochtaí meatáin antrapaigineacha ar domhan. San áireamh sa Ghealltanas ***Meatáin Dhomhanda*** tá gealltanas go mbogfar i dtreo na modheolaíochtaí fardail is fearr atá ar fáil a úsáid chun astaíochtaí meatáin a chainníochtú***, agus tá fócas ar leith ann ar fhoinsí astaíochtaí arda***. | ***deonach*** chun ***rannchuidiú le comhiarracht na hastaíochtaí*** domhanda meatáin a laghdú 30 % faoi 2030 (ó leibhéil 2020), a seoladh ag Comhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide (COP 26) i mí na Samhna 2021 i nGlaschú. Tá a dtacaíocht geallta ag níos mó ná céad tír, a chuimsíonn nach mór leath de na hastaíochtaí meatáin antrapaigineacha ar domhan. San áireamh sa Ghealltanas ***Domhanda maidir le Meatán,*** tá gealltanas go mbogfar i dtreo na modheolaíochtaí fardail is fearr atá ar fáil a úsáid chun astaíochtaí meatáin a chainníochtú. |
| [34] COM(2020) 663 final | [34] COM(2020) 663 final |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 57**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (57) I gcomhthráth leis an obair ***rathúil*** thaidhleoireachta a leanfar léi chun gealltanais dhomhanda ***den sórt sin*** a bhaint amach, ***tá an tAontas ag spreagadh*** laghdú ***suntasach*** ar astaíochtaí meatáin ar fud an domhain, agus go háirithe sna tíortha a sholáthraíonn fuinneamh iontaise don Aontas. | (57) I gcomhthráth leis an obair thaidhleoireachta a leanfar léi chun gealltanais dhomhanda ***i leith laghdú mór ar mheatán*** a bhaint amach, ***ba cheart don Aontas na hiarrachtaí ar fad a bhaineann le*** laghdú ***mór*** ar astaíochtaí meatáin ar fud an domhain ***a chur chun cinn tuilleadh***, agus go háirithe sna tíortha a sholáthraíonn fuinneamh iontaise don Aontas ***tríd an allmhairiú a rialáil***. |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 58**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (58) Dá bhrí sin, ba cheart ***a cheangal ar*** allmhaireoirí fuinnimh iontaise ***chuig*** an | (58) Dá bhrí sin, ba cheart allmhaireoirí fuinnimh iontaise ***go dtí*** an ***tAontas a chur*** |

| | |
|---|---|
| Aontas ***faisnéis a sholáthar do na Ballstáit faoi bhearta a bhaineann le tomhas***, tuairisciú agus ***maolú astaíochtaí meatáin arna ndéanamh ag onnmhaireoirí, go háirithe bearta rialála nó deonacha a chuirtear i bhfeidhm chun a gcuid astaíochtaí meatáin a rialú, lena n-áirítear bearta amhail suirbhéanna braite agus deisithe sceití nó bearta chun*** scaoileadh agus bladhmadh ***meatáin a rialú agus a shrianadh. Comhfhreagraíonn na leibhéil tomhais agus tuairiscithe a leagtar amach sna ceanglais faisnéise a chuirtear i bhfeidhm maidir le hallmhaireoirí do na cinn a bheith le ceangal ar oibreoirí de chuid an Aontais sa Rialachán seo, mar a leagtar amach in Aithrisí 24 go 26 agus 46. Ní mó an t-anró a bhaineann leis an bhfaisnéis faoi bhearta chun astaíochtaí meatáin a rialú ná a bhaineann lena gceanglaítear ar oibreoirí de chuid an Aontais.*** | ***faoi réir na rialacha atá comhchosúil leo siúd do tháirgeoirí san*** Aontas ***maidir le faireachán***, tuairisciú agus ***fíorú a dhéanamh, sceitheadh a bhrath agus a dheisiú agus teorainn a chur le*** scaoileadh agus bladhmadh**.** |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 58 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(58a) I gcás ina léireoidh allmhaireoir gur féidir a mheas go bhfuil na bearta a cuireadh chun feidhme sa slabhra soláthair ar fad mar a chéile ó thaobh éifeachtachta de leis na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo, nó ina soláthróidh sé ráthaíochtaí maidir le tionscnamh agus iompar i dtíortha a meastar gur ionann an rialáil a dhéantar iontu, ba cheart go mbeadh an t-allmhaireoir sin incháilithe le haghaidh maolú. Ba cheart don Choimisiún an maolú a mheasúnú agus a dheonú d'fhonn comhoiriúnacht a dhlí trádála a áirithiú.*** |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 59**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (59) Ba cheart do na Ballstáit an fhaisnéis sin a chur in iúl don Choimisiún. Ar bhonn na faisnéise sin, ba cheart don Aontas bunachar sonraí trédhearcachta le haghaidh allmhairí fuinnimh iontaise san Aontas a chur ar bun agus a bhainistiú, ina mionsonrófar cibé atá nó nach bhfuil na cuideachtaí ***onmhairiúcháin*** tar éis clárú leis an gComhpháirtíocht um Meatán Ola agus Gáis (OGMP) le haghaidh cuideachtaí ola agus gáis agus, a mhéid a bheidh sé curtha ar bun, caighdeán comhionann do chuideachtaí guail lena ngabhann aitheantas idirnáisiúnta nó Aontais. Ba cheart faisnéis den sórt sin a bheith ina léiriú ar a mhéid atá na cuideachtaí i dtíortha onnmhairiúcháin tiomanta do bheith ag tomhas agus ag tuairisciú a gcuid astaíochtaí meatáin agus dá bhfíorú de réir mhodhanna tuairiscithe leibhéal 3 de UNFCCC. Bheadh bunachar sonraí trédhearcachta den sórt sin ina fhoinse faisnéise dóibh siúd a allmhairíonn fuinneamh iontaise isteach san Aontas chun cinntí ceannaigh a dhéanamh agus do pháirtithe leasmhara eile agus don phobal. Ba cheart a léiriú sa bhunachar sonraí trédhearcachta freisin na ***hiarrachtaí*** a dhéanann cuideachtaí san Aontas agus cuideachtaí a onnmhairíonn fuinneamh iontaise chuig an Aontas a n-astaíochtaí meatáin a thomhas, a thuairisciú agus a laghdú. Ba cheart faisnéis a áireamh ann freisin maidir leis na gníomhaíochtaí rialála tomhais, tuairiscithe agus maolaithe a dhéanann tíortha a tháirgeann fuinneamh iontaise. | (59) Ba cheart do na Ballstáit an fhaisnéis sin a chur in iúl don Choimisiún. Ar bhonn na faisnéise sin, ba cheart don Aontas bunachar sonraí trédhearcachta le haghaidh allmhairí fuinnimh iontaise san Aontas a chur ar bun agus a bhainistiú, ina mionsonrófar cibé atá nó nach bhfuil na cuideachtaí ***onnmhairiúcháin*** tar éis clárú leis an gComhpháirtíocht um Meatán Ola agus Gáis (OGMP) le haghaidh cuideachtaí ola agus gáis agus, a mhéid a bheidh sé curtha ar bun, caighdeán comhionann do chuideachtaí guail lena ngabhann aitheantas idirnáisiúnta nó Aontais. Ba cheart faisnéis den sórt sin a bheith ina léiriú ar a mhéid atá na cuideachtaí i dtíortha onnmhairiúcháin tiomanta do bheith ag tomhas agus ag tuairisciú a gcuid astaíochtaí meatáin agus dá bhfíorú de réir mhodhanna tuairiscithe leibhéal 3 de UNFCCC. Bheadh bunachar sonraí trédhearcachta den sórt sin ina fhoinse faisnéise dóibh siúd a allmhairíonn fuinneamh iontaise isteach san Aontas chun cinntí ceannaigh a dhéanamh agus do pháirtithe leasmhara eile agus don phobal. Ba cheart a léiriú sa bhunachar sonraí trédhearcachta freisin na ***bearta*** a dhéanann cuideachtaí san Aontas agus cuideachtaí a onnmhairíonn fuinneamh iontaise chuig an Aontas a n-astaíochtaí meatáin a thomhas, a thuairisciú agus a laghdú. Ba cheart faisnéis a áireamh ann freisin maidir leis na gníomhaíochtaí rialála tomhais, tuairiscithe agus maolaithe a dhéanann tíortha a tháirgeann fuinneamh iontaise. |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 61**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (61) Ba cheart an trédhearcacht le haghaidh ceannaitheoirí a fheabhsú trí bhíthin na mbeart, i dteannta a chéile, dá dtagraítear in Aithrisí 58 go 60, ***rud a chuirfidh ar a gcumas dóibh cinntí foinsithe a bhfuil bonn eolais fúthu a dhéanamh agus a mhéadóidh ar an bhféidearthacht go nglacfar réitigh maolaithe meatáin ar bhonn níos forleithne ar fud an domhain***. Ina theannta sin, ba cheart dóibh cuideachtaí idirnáisiúnta a dhreasú a thuilleadh chun clárú le caighdeáin idirnáisiúnta tomhais agus tuairiscithe ar mheatán amhail OGMP nó chun bearta éifeachtacha tomhais, tuairiscithe agus maolaithe a ghlacadh. ***Tá na bearta sin ceaptha a bheith ina mbonn le cur chuige céim ar chéim chun déine na mbeart is infheidhme maidir le hallmhairí a mhéadú.*** Ba cheart an chumhacht a bheith ag an ***gCoimisiúin dá bhrí sin*** ceanglais tuairiscithe allmhaireoirí a leasú nó cur leo. Thairis sin, ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na mbeart sin agus, má mheasann sé é a bheith iomchuí, tograí a chur isteach lena n-athbhreithniú chun bearta níos déine a fhorchur ar allmhaireoirí ***agus chun leibhéal éifeachtachta inchomparáide a áirithiú i dtaca le bearta is infheidhme i dtríú tíortha chun faireachán, tuairisciú, fíorú agus maolú a dhéanamh ar astaíochtaí meatáin***. Ba cheart an obair arna déanamh ag IMEO a chur san áireamh sa mheastóireacht, lena n-áirítear an tInnéacs Soláthair Meatáin, an bunachar sonraí trédhearcachta agus an uirlis faireacháin ar astaírí meatáin ar fud an domhain. Má shuíonn an Coimisiún gurb iomchuí é na bearta is infheidhme maidir le hallmhaireoirí a dhéanamh níos déine, tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin | (61) Ba cheart an trédhearcacht le haghaidh ceannaitheoirí a fheabhsú trí bhíthin na mbeart, i dteannta a chéile, dá dtagraítear in Aithrisí 58 go 60, ***agus ba cheart go n-éascódh na bearta sin scrúdú ar chomhlíonadh iomlán na rialachán ón Aontas maidir le hallmhairiú***. Ina theannta sin, ba cheart dóibh cuideachtaí idirnáisiúnta a dhreasú a thuilleadh chun clárú le caighdeáin idirnáisiúnta tomhais agus tuairiscithe ar mheatán amhail OGMP nó chun bearta éifeachtacha tomhais, tuairiscithe agus maolaithe a ghlacadh. Ba cheart an chumhacht a bheith ag an ***gCoimisiún*** ceanglais tuairiscithe allmhaireoirí a leasú nó cur leo. Thairis sin, ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na mbeart sin agus, má mheasann sé é a bheith iomchuí, tograí a chur isteach lena n-athbhreithniú chun bearta níos déine a fhorchur ar allmhaireoirí. Ba cheart an obair arna déanamh ag IMEO a chur san áireamh sa mheastóireacht, lena n-áirítear an tInnéacs Soláthair Meatáin, an bunachar sonraí trédhearcachta agus an uirlis faireacháin ar astaírí meatáin ar fud an domhain. Má shuíonn an Coimisiún gurb iomchuí é na bearta is infheidhme maidir le hallmhaireoirí a dhéanamh níos déine, tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear dul i gcomhairle le tríú tíortha ábhartha. |

iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear dul i gcomhairle le tríú tíortha ábhartha.

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Leis an Rialachán seo, leagtar síos rialacha maidir le tomhas, tuairisciú agus fíorú cruinn ar astaíochtaí meatáin in earnáil an fhuinnimh san Aontas, chomh maith le laghdú ar na hastaíochtaí sin, lena n-áirítear trí ***suirbhéanna maidir le*** sceití ***a bhrath*** agus ***a dheisiú agus coisc*** ar scaoileadh agus ar bhladhmadh. Leagtar síos leis an Rialachán seo freisin rialacha maidir le huirlisí lena n-áiritheofar trédhearcacht i dtaca le hastaíochtaí meatáin ó allmhairiú fuinnimh iontaise isteach san Aontas. | 1. Leis an Rialachán seo, leagtar síos rialacha maidir le tomhas, ***cainníochtú, faireachán,*** tuairisciú agus fíorú cruinn ar astaíochtaí meatáin in earnáil an fhuinnimh san Aontas, chomh maith le laghdú ar na hastaíochtaí sin, lena n-áirítear trí ***shuirbhéanna braite agus deisithe*** sceití***, oibleagáidí deisiúcháin*** agus ***srianta*** ar scaoileadh agus ar bhladhmadh. Leagtar síos leis an Rialachán seo freisin rialacha maidir le huirlisí lena n-áiritheofar trédhearcacht i dtaca le hastaíochtaí meatáin ó allmhairiú fuinnimh iontaise isteach san Aontas. |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) tarchur gáis, dáileadh, stóráil faoi thalamh agus críochfoirt gáis ***leachtaigh (GNL)*** á n-oibriú le meatán iontaise agus/nó in-athnuaite ***(bith nó sintéiseach)***; | (b) tarchur gáis, dáileadh ***(seachas córais mhéadraithe ag pointí tomhaltais deiridh)***, stóráil faoi thalamh agus críochfoirt gáis ***leachtaithe*** á n-oibriú le meatán ***(bithmheatán nó meatán sintéiseach)*** iontaise agus/nó in-athnuaite; |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 2 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) peitriceimiceáin.*** |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le hastaíochtaí meatáin a tharlaíonn lasmuigh den Aontas i dtaca le ceanglais ***faisnéise*** ó allmhaireoirí, maidir leis an mbunachar sonraí trédhearcachta meatáin agus maidir leis an uirlis faireacháin um astaírí meatáin. | 3. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le hastaíochtaí meatáin a tharlaíonn lasmuigh den Aontas i dtaca le ceanglais ó allmhaireoirí, maidir leis an mbunachar sonraí trédhearcachta meatáin agus maidir leis an uirlis faireacháin um astaírí meatáin. |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 1a*** <br> ***Sprioc an Aontais maidir le hastaíochtaí meatáin a laghdú*** <br> ***1. De bhun na sprice fadtéarmaí teochta a leagtar amach i bpointe (a) d'Airteagal 2(1) de Chomhaontú Pháras, na sprice maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa glan-nialasacha a bhaint amach faoi 2050 ar a dhéanaí a leagtar amach in Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2021/1119 agus an Ghealltanais Dhomhanda maidir le Meatán a bhfuil sé mar aidhm leis laghdú 30 % ar a laghad a dhéanamh ar astaíochtaí meatáin antrapaigineacha faoi 2030 i gcomparáid le leibhéil 2020, molfaidh an Coimisiún, faoin 31 Nollaig 2025 agus bunaithe ar mheasúnú tionchair, sprioc cheangailteach don Aontas go laghdófaí*** |

***astaíochtaí meatáin lena gcumhdófar na hearnálacha ábhartha astaithe ar fad.***

***2. De bhun mhír 1, áiritheoidh na Ballstáit i dteannta a chéile go ndéanfar astaíochtaí meatáin ó earnáil an fhuinnimh san Aontas a laghdú, faoi 2030, go leibhéal a fhágfaidh go mbainfear leas as na buntáistí sóisialta a bhaineann le maolú meatáin ar chostas níos lú.***

***3. Socróidh gach Ballstát spriocanna náisiúnta maidir le laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí meatáin a bhunaítear faoi mhír 2 den Airteagal seo mar chuid dá bpleananna náisiúnta comhtháite fuinnimh agus aeráide i gcomhréir le hAirteagail 3, 4, 5 agus 9 go 14 de Rialachán (AE) 2018/1999. Más rud é, ar bhonn an mheasúnaithe ar an gcéad nuashonrú ar na pleananna náisiúnta comhtháite fuinnimh agus aeráide arna dtíolacadh de bhun Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2018/1999, go measfaidh an Coimisiún nach leor an méid atá á dhéanamh ar bhonn náisiúnta ag na Ballstáit chun sprioc an Aontais a bhaint amach i dteannta a chéile, molfaidh sé bearta agus feidhmeoidh sé a chuid cumhachtaí ar leibhéal an Aontais chun a áirithiú go mbainfear amach an sprioc dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo i dteannta a chéile.***

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) ciallaíonn 'astaíochtaí meatáin' na hastaíochtaí díreacha uile a ***tharlaíonn*** ó na comhpháirteanna go léir a d'fhéadfadh a bheith ina bhfoinsí ***d'***astaíochtaí meatáin, ***cibé acu*** de thoradh scaoileadh ***beartaithe nó neamhbheartaithe***, dóchán neamhiomlán le bladhmanna nó ***ó*** | (1) ciallaíonn 'astaíochtaí meatáin' na hastaíochtaí díreacha uile a ***scaoiltear*** ó na comhpháirteanna go léir a d'fhéadfadh a bheith ina bhfoinsí astaíochtaí meatáin, ***bíodh sé sin*** de thoradh scaoileadh, dóchán neamhiomlán le bladhmanna nó |

| | |
|---|---|
| ***chomhpháirteanna*** eile agus sceitheadh ***neamhbheartaithe***; | ***comhpháirteanna*** eile agus sceitheadh; |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1a) ciallaíonn 'comhpháirt' aon phíosa aonair trealaimh theicniúil a bhfuil sé d'acmhainn aige astaíochtaí éalaitheacha meatáin nó comhdhúile orgánacha so-ghalaithe a astú;*** |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1b) ciallaíonn 'sceitheadh' aon astú meatáin neamhbheartaithe ó chomhpháirt;*** |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) ciallaíonn 'fíoraitheoir' duine dlítheanach ***atá difriúil leis na húdaráis inniúla arna gceapadh i gcomhréir le hAirteagal 4 den Rialachán seo*** a thugann faoi na gníomhaíochtaí ***fíoraithe*** agus atá creidiúnaithe ag comhlacht creidiúnaithe náisiúnta de bhun Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 nó duine nádúrtha údaraithe thairis sin, gan dochar d'Airteagal 5(2) den Rialachán sin, tráth a eisítear ráiteas fíoraithe; | (7) ciallaíonn 'fíoraitheoir' duine dlítheanach a thugann faoi na gníomhaíochtaí ***fíorúcháin*** agus atá creidiúnaithe ag comhlacht creidiúnaithe náisiúnta de bhun Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 nó duine nádúrtha údaraithe thairis sin, gan dochar d'Airteagal 5(2) den Rialachán sin, tráth a eisítear ráiteas fíoraithe; |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 9 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(9a) ciallaíonn 'saoráid' aon suiteáil amháin nó níos mó ar an láithreán céanna atá á hoibriú nó á n-oibriú ag an duine nádúrtha nó dlítheanach céanna;*** |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 9 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(9b) ciallaíonn 'láithreán' suíomh geografach na saoráide;*** |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) ciallaíonn 'fachtóir astaíochta' comhéifeacht a chainníochtaíonn na hastaíochtaí ***nó na haistrithe de ghás*** in aghaidh an aonaid gníomhaíochta, atá bunaithe go minic ar shampla de shonraí tomhais, meánaithe ar mhaithe le ráta ionadaíoch ***d'astaíochtaí*** le haghaidh leibhéal gníomhaíochta ar leith, faoi choinníollacha oibriúcháin ar leith, a fhorbairt; | (10) ciallaíonn 'fachtóir astaíochta' comhéifeacht a chainníochtaíonn na hastaíochtaí ***gáis*** in aghaidh an aonaid gníomhaíochta, atá bunaithe go minic ar shampla de shonraí tomhais, meánaithe ar mhaithe le ráta ionadaíoch ***astaíochta*** le haghaidh leibhéal gníomhaíochta ar leith, faoi choinníollacha oibriúcháin ar leith, a fhorbairt; |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) ciallaíonn 'fachtóir astaíochta sonrach' fachtóir astaíochta a dhíorthaítear ó thomhais dhíreacha; | (12) ciallaíonn 'fachtóir astaíochta sonrach' fachtóir astaíochta ***le haghaidh cineál foinse astaíochta*** a dhíorthaítear ó thomhais dhíreacha; |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) ciallaíonn 'tomhas díreach' ***an cainníochtú díreach ar an astaíocht*** meatáin ag leibhéal foinse le gaireas tomhais ***meatáin***; | (13) ciallaíonn 'tomhas díreach' ***tomhas na hastaíochta*** meatáin ag leibhéal ***na*** foinse le gaireas tomhais ***lenar féidir meatán a thomhas***; |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(13a) ciallaíonn 'cainníochtú' oibríochtaí chun cainníocht na n-astaíochtaí meatáin a chinneadh, bunaithe ar thomhais dhíreacha nó, i gcás nach féidir tomhais dhíreacha a dhéanamh, bunaithe ar ríomhanna innealtóireachta mionsonraithe nó uirlisí ionsamhlúcháin, agus bunaithe ar threalamh agus modhanna faireacháin ardfhorbartha;*** |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 14**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(14) ciallaíonn 'astaíochtaí meatáin ag leibhéal láithreáin' gach foinse astaíochtaí laistigh de ***shócmhainn***;

*Leasú*

(14) ciallaíonn 'astaíochtaí meatáin ag leibhéal láithreáin' gach foinse astaíochtaí laistigh de ***láithreán iomlán***;

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 15**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(15) ciallaíonn 'tomhas ag leibhéal láithreáin' tomhas ón mbarr anuas ina mbaintear úsáid go hiondúil as braiteoirí atá suite ar ardán móibíleach, amhail feithiclí, ladrainn, aerárthaí, báid ***agus*** satailítí nó modhanna eile chun forbhreathnú foriomlán ar astaíochtaí ar fud láithreáin iomláin a ***ghabháil***;

*Leasú*

(15) ciallaíonn 'tomhas ag leibhéal láithreáin' tomhas ón mbarr anuas ina mbaintear úsáid go hiondúil as braiteoirí atá suite ar ardán móibíleach, amhail feithiclí, ladrainn, aerárthaí, báid***,*** satailítí***, úsáid braiteoirí seasta, amhail gréasáin braiteoirí leanúnacha ag pointí áirithe,*** nó modhanna eile chun forbhreathnú foriomlán ar astaíochtaí ar fud láithreáin iomláin a ***fháil***;

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 17**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(17) ciallaíonn 'suirbhé maidir le sceití a bhrath agus a dheisiú' suirbhé ***lena sainaithneofar*** foinsí astaíochtaí meatáin***, lena n-áirítear sceitheadh*** agus ***scaoileadh neamhbheartaithe***;

*Leasú*

(17) ciallaíonn 'suirbhé maidir le sceití a bhrath agus a dheisiú' suirbhé ***a dhéantar le huirlis nó ardteicneolaíocht eile a bhfuil teorainn íosta bhraite agus mhuiníne ag gabháil léi chun*** foinsí ***sceite meatáin agus*** astaíochtaí meatáin ***eile atá neamhbheartaithe a aimsiú*** agus ***a bhrath agus chun na comhpháirteanna sceite a dheisiú nó a athsholáthar***;

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) ciallaíonn 'scaoileadh' ***an*** scaoileadh ***de mheatán*** neamhdhóite isteach san atmaisféar ***cibé acu go beartaithe*** trí phróisis, gníomhaíochtaí nó gairis atá ***saindeartha*** chun na críche sin***, nó go neamhbheartaithe i gcás mífheidhme nó srianta geolaíocha***; | (18) ciallaíonn 'scaoileadh' scaoileadh ***meatáin*** neamhdhóite isteach san atmaisféar ***d'aon ghnó*** trí phróisis, gníomhaíochtaí nó gairis atá ***saincheaptha*** chun na críche sin; |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 22**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (22) ciallaíonn 'gnáthbhladhmadh' ***an*** gnáth-tháirgeadh ***d'***ola nó ***gás*** iontaise agus i gcás nach ***bhfuil*** áiseanna leordhóthanacha ***ann*** nó geolaíocht oiriúnach chun meatán a ***athinstealladh***, é a úsáid ar an láithreán, nó é sheoladh chuig margadh; | (22) ciallaíonn 'gnáthbhladhmadh' gnáth-tháirgeadh ola nó ***gáis*** iontaise agus i gcás nach ***ann d'***áiseanna leordhóthanacha nó geolaíocht oiriúnach chun meatán a ***ath-instealladh***, é a úsáid ar an láithreán, ***é a phróiseáil*** nó é sheoladh chuig margadh***, seachas bladhmadh de dheasca éigeandála***; |

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (24) ciallaíonn 'tobar neamhghníomhach' tobar ola nó gáis nó láithreán tobair áit a bhfuil críoch curtha le taiscéalaíocht nó táirgeadh ar feadh bliain amháin ar a laghad; | (24) ciallaíonn 'tobar neamhghníomhach' tobar ola nó gáis nó láithreán tobair***, atá ar tír nó amach ón gcósta,*** áit a bhfuil críoch curtha le taiscéalaíocht nó táirgeadh ar feadh bliain amháin ar a laghad***, seachas toibreacha atá líonta go buan agus tréigthe***; |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 24 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(24a) ciallaíonn 'tobar atá líonta go buan agus tréigthe' tobar ola nó gáis nó láithreán tobair, atá ar tír nó amach ón gcósta, atá líonta agus nach n-osclófar arís, ina bhfuil na suiteálacha uile a bhaineann leis an tobar bainte amach agus ina bhfuil deireadh curtha leis na hoibríochtaí agus inar féidir doiciméadacht a chur ar fáil ar leor í chun a léiriú, i gcomhréir le hIarscríbhinn IV, nach bhfuil aon astaíochtaí meatáin ag teacht ón tobar nó láithreán tobair sin;*** |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 39 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(39a) ciallaíonn 'trealamh mianadóireachta guail i mianach guail dúnta nó tréigthe' aon trealamh a fhanann agus nasc aige leis na strataim iompair meatáin, lena n-áirítear gobghaothairí agus píopaí draenála, ach gan a bheith teoranta dóibh sin;*** |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 41**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (41) ciallaíonn 'allmhaireoir' duine nádúrtha nó dlítheanach ***atá bunaithe laistigh den Aontas*** a chuireann | (41) ciallaíonn 'allmhaireoir' duine nádúrtha nó dlítheanach a chuireann***, le linn gníomhaíocht tráchtála, gás*** iontaise***,*** |

***fuinneamh*** iontaise ó thríú tír ar mhargadh an Aontais i ***gcúrsa gníomhaíochta tráchtála***.

***ola nó gual*** ó thríú tír ar mhargadh an Aontais***, lena n-áirítear aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá bunaithe san Aontas arna cheapadh chun na gníomhaíochtaí a cheanglaítear faoi Airteagal 27 a chur*** i ***gcrích***.

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Le linn comhshocrú nó formheas á dhéanamh ar na taraifí ***tarchurtha nó dáileacháin***, nó ar na modheolaíochtaí atá le húsáid ag oibreoirí córais tarchurtha, oibreoirí córais dáileacháin, oibreoirí críochfort GNL nó comhlachtaí rialáilte eile lena n-áirítear nuair is infheidhme oibreoirí stórála gáis faoi thalamh, cuirfidh na húdaráis rialála san áireamh na costais a tabhaíodh agus na hinfheistíochtaí a rinneadh chun na hoibleagáidí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh, sa mhéid go bhfreagraíonn siad do chostais oibreora gréasáin atá éifeachtúil agus a bhfuil struchtúr inchomparáide aige. | 1. Le linn comhshocrú nó formheas á dhéanamh ar na taraifí, nó ar na modheolaíochtaí atá le húsáid ag oibreoirí córais tarchurtha, oibreoirí córais dáileacháin, oibreoirí críochfort GNL nó comhlachtaí rialáilte eile lena n-áirítear nuair is infheidhme oibreoirí stórála gáis faoi thalamh, cuirfidh na húdaráis rialála san áireamh na costais ***bhreise*** a tabhaíodh agus na hinfheistíochtaí a rinneadh chun na hoibleagáidí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh, sa mhéid go bhfreagraíonn siad do chostais oibreora gréasáin atá éifeachtúil agus a bhfuil struchtúr inchomparáide aige. ***Féadfaidh na húdaráis rialála na costais infheistíochta aonaid dá dtagraítear i mír 2 a úsáid chun na costais arna dtabhú ag na hoibreoirí a thagarmharcáil.*** |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Gach 3 bliana, bunóidh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER) tacar táscairí agus luachanna tagartha comhfhreagracha a bhunú agus a | 2. Gach 3 bliana, bunóidh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER) tacar táscairí agus luachanna tagartha comhfhreagracha a bhunú agus a |

chur ar fáil go poiblí le comparáid a dhéanamh idir na costais aonaid infheistíochta a bhaineann le ***hastaíochtaí*** meatáin ***a thomhas, a thuairisciú agus a laghdú*** le haghaidh tionscadail inchomparáide.

chur ar fáil go poiblí le comparáid a dhéanamh idir na costais aonaid infheistíochta a bhaineann le ***tomhas, faireachán, tuairisciú, fíorú agus laghdú, lena n-áirítear astaíochtaí ó scaoileadh agus bladhmadh, astaíochtaí*** meatáin le haghaidh tionscadail inchomparáide.

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún maidir le hainmneacha agus sonraí teagmhála na n-údarás inniúil laistigh de … ***[3 mhí*** tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún gan mhoill, faoi aon athruithe ar ainmneacha nó ar shonraí teagmhála na n-údarás inniúil. | Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún maidir le hainmneacha agus sonraí teagmhála na n-údarás inniúil laistigh de … ***[6 mhí*** tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún gan mhoill, faoi aon athruithe ar ainmneacha nó ar shonraí teagmhála na n-údarás inniúil. |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Cuirfidh an Coimisiún liosta na n-údarás inniúil ar fáil go poiblí agus tabharfaidh siad an liosta sin cothrom le dáta go tráthrialta. | 2. Cuirfidh an Coimisiún liosta na n-údarás inniúil ar fáil go poiblí agus tabharfaidh siad an liosta sin cothrom le dáta go tráthrialta ***ar fhógra a fháil faoi aon athrú ó Bhallstát***. |

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh | 3. Áiritheoidh na Ballstáit go |

| | |
|---|---|
| cumhachtaí agus acmhainní oiriúnacha ***ag na húdaráis inniúla*** chun na hoibleagáidí a leagtar amach sa Rialachán seo a fheidhmiú. | ***mbunóidh na húdaráis inniúla pointe teagmhála agus go*** mbeidh cumhachtaí agus acmhainní oiriúnacha ***acu*** chun na hoibleagáidí a leagtar amach sa Rialachán seo a fheidhmiú. |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Glacfaidh na húdaráis inniúla na bearta is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo. | 1. Glacfaidh na húdaráis inniúla***, agus a gcúraimí á gcomhlíonadh acu,*** na bearta is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo. |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***Tabharfaidh*** oibreoirí agus ***oibreoirí mianaigh*** gach cúnamh is gá do na húdaráis inniúla chun cúraimí na n-údarás inniúil dá dtagraítear sa Rialachán seo a chumasú agus a éascú, go háirithe a mhéid a bhaineann le rochtain ar an áitreabh agus le tíolacadh doiciméad nó taifead. | 2. ***Soláthróidh*** oibreoirí***, oibreoirí mianach*** agus ***allmhaireoirí, a mhéid a cheanglaítear ar na hallmhaireoirí sin de bhun Airteagal 27,*** gach cúnamh is gá do na húdaráis inniúla chun cúraimí na n-údarás inniúil dá dtagraítear sa Rialachán seo a chumasú agus a éascú, go háirithe a mhéid a bhaineann le rochtain ar an áitreabh agus le tíolacadh doiciméad nó taifead. |

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Oibreoidh na húdaráis inniúla i gcomhar le chéile, leis an gCoimisiún, agus | 3. Oibreoidh na húdaráis inniúla i gcomhar le chéile, leis an gCoimisiún, agus |

| | |
|---|---|
| i gcás inar gá, le húdaráis tríú tíortha chun a áirithiú go gcomhlíonfar an Rialachán seo. ***Féadfaidh*** an Coimisiún líonra d'údaráis inniúla a shocrú chun an comhar a chothú, líonra ina leagfar amach na socruithe is gá maidir le faisnéis agus na cleachtais is fearr a mhalartú agus chun gur féidir comhairliúcháin a dhéanamh. | i gcás inar gá, le húdaráis tríú tíortha chun a áirithiú go gcomhlíonfar an Rialachán seo. ***Déanfaidh*** an Coimisiún líonra d'údaráis inniúla a shocrú chun an comhar a chothú, líonra ina leagfar amach na socruithe is gá maidir le faisnéis agus na cleachtais is fearr a mhalartú agus chun gur féidir comhairliúcháin a dhéanamh. ***Tacóidh na pointí teagmhála arna mbunú laistigh de na húdaráis inniúla leis na gníomhaíochtaí sin.*** |

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Déanfaidh na húdaráis inniúla seiceálacha rialta chun a fhíorú go gcomhlíonann allmhaireoirí Airteagal 27 (2a), a mhéid a cheanglaítear ar na hallmhaireoirí sin de bhun Airteagal 27, trí bhíthin seiceálacha doiciméadacha agus fíorú neamhspleách tríú páirtí, in éineacht le modhanna agus teicneolaíochtaí eile atá ar fáil dóibh chun a fhíorú gurb ann d'astaíochtaí meatáin.*** |

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 3 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3b. Déanfaidh na húdaráis inniúla an plean maolaithe dá dtagraítear in Airteagal 18(6) a athbhreithniú agus a fhormheas chun aghaidh a thabhairt ar astaíochtaí meatáin arna gcur isteach ag na hoibreoirí.*** |

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 4 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina gceanglaítear tuairiscí a chur ar fáil don phobal i gcomhréir leis an Rialachán seo, cuirfidh na húdaráis inniúla iad ar fáil go poiblí saor in aisce, ar shuíomh gréasáin ainmnithe agus fáil a bheith orthu go héasca i bhformáid in-íoslódáilte agus ineagarthóireachta. | I gcás ina gceanglaítear tuairiscí a chur ar fáil don phobal i gcomhréir leis an Rialachán seo, cuirfidh na húdaráis inniúla iad ar fáil go poiblí saor in aisce, ar shuíomh gréasáin ainmnithe agus fáil a bheith orthu go héasca i bhformáid in-íoslódáilte agus ineagarthóireachta. ***Áiritheoidh na sonraí a bhaileofar rúndacht faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de de chuid cuideachtaí.*** |

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh na húdaráis inniúla cigireachtaí tréimhsiúla chun comhlíonadh oibreoirí nó oibreoirí mianaigh i dtaca leis na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo a sheiceáil. Críochnófar an chéad chigireacht faoi … [18 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. | 1. Déanfaidh na húdaráis inniúla cigireachtaí tréimhsiúla chun comhlíonadh oibreoirí nó oibreoirí mianaigh i dtaca leis na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo a sheiceáil. Críochnófar an chéad chigireacht faoi … [18 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. ***Déanfar sásraí rialaithe atá bunaithe cheana agus atá ar fáil do na húdaráis inniúla a chur san áireamh. Sainaithneoidh na húdaráis inniúla dea-chleachtais.*** |

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina bhfuil cigireacht tar éis sárú | I gcás ina bhfuil cigireacht tar éis sárú ar |

| | |
|---|---|
| ***tromchúiseach*** ar cheanglais an Rialacháin seo a shainaithint, eiseoidh na húdaráis inniúla fógra maidir le gníomhaíochtaí feabhais a bheidh le déanamh ag an oibreoir nó oibreoir mianaigh, mar chuid den tuarascáil dá dtagraítear i mír 5. | cheanglais an Rialacháin seo a shainaithint, eiseoidh na húdaráis inniúla fógra maidir le gníomhaíochtaí feabhais a bheidh le déanamh ag an oibreoir nó oibreoir mianaigh, ***agus beidh spriocdhátaí soiléire ann do na gníomhaíochtaí sin,*** mar chuid den tuarascáil dá dtagraítear i mír 5. |

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Tar éis na chéad chigireachta dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh na húdaráis inniúla cláir a tharraingt suas le haghaidh gnáthchigireachtaí. Bunófar an tréimhse idir cigireachtaí ar mheasúnacht ar an riosca comhshaoil agus ní ***mhairfidh sí níos faide ná 2 bhliain***. I gcás ina bhfuil cigireacht tar éis sárú tromchúiseach ar cheanglais an Rialacháin seo a shainaithint, tarlóidh an chigireacht ina dhiaidh sin laistigh de ***bhliain amháin***. | 3. Tar éis na chéad chigireachta dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh na húdaráis inniúla cláir a tharraingt suas le haghaidh gnáthchigireachtaí. Bunófar an tréimhse idir cigireachtaí ar mheasúnacht ar an riosca comhshaoil***, lena n-áirítear measúnú ar thionchair charnacha na n-astaíochtaí meatáin uile mar thruailleán,*** agus ní ***rachaidh sí thar 16 mhí***. I gcás ina bhfuil cigireacht tar éis sárú tromchúiseach ar cheanglais an Rialacháin seo a shainaithint, tarlóidh an chigireacht ina dhiaidh sin laistigh de ***thréimhse naoi mí ar a mhéad***. |

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 4 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) chun imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin a bhfuil bunús leo dá dtagraítear in Airteagal 7 agus ar theagmhais neamhchomhlíonta a luaithe is féidir tar éis an dáta a thagann na húdaráis inniúla ar an eolas faoi na gearáin nó na teagmhais neamhchomhlíonta sin: | (a) chun imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin a bhfuil bunús leo dá dtagraítear in Airteagal 7 agus ar theagmhais neamhchomhlíonta a luaithe is féidir tar éis an dáta a thagann na húdaráis inniúla ar an eolas faoi na gearáin nó na teagmhais neamhchomhlíonta sin ***agus tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis an dáta sin***: |

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 5 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I ndiaidh gach cigireachta ullmhóidh na húdaráis inniúla tuarascáil ina gcuirfear síos ar bhunús dlí na cigireachta, na céimeanna den nós imeachta a leanadh, na torthaí ábhartha agus moltaí le tuilleadh gníomhaíochtaí ón oibreoir nó oibreoir mianaigh. | I ndiaidh gach cigireachta ullmhóidh na húdaráis inniúla tuarascáil ina gcuirfear síos ar bhunús dlí na cigireachta, na céimeanna den nós imeachta a leanadh, na torthaí ábhartha agus moltaí le tuilleadh gníomhaíochtaí ón oibreoir nó oibreoir mianaigh***, lena n-áirítear na spriocdhátaí dá gcur chun feidhme***. |

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Déanfaidh oibreoirí agus oibreoirí mianaigh na gníomhaíochtaí uile is gá a leagtar amach sa tuarascáil dá dtagraítear i mír 5 laistigh den tréimhse arna cinneadh ag na húdaráis inniúla nó aon tréimhse eile arna comhaontú leis na húdaráis inniúla. | 6. Déanfaidh oibreoirí agus oibreoirí mianaigh na gníomhaíochtaí uile is gá a leagtar amach sa tuarascáil dá dtagraítear i mír 5 ***gan mhoill*** laistigh den tréimhse arna cinneadh ag na húdaráis inniúla nó aon tréimhse eile arna comhaontú leis na húdaráis inniúla. |

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Féadfaidh aon duine nádúrtha nó dlítheanach ***a mheasann gur fhulaing sé díobháil mar thoradh ar shárú ar cheanglais an Rialacháin seo ag oibreoirí nó oibreoirí mianaigh,*** gearán i scríbhinn a thaisceadh leis na húdaráis inniúla. | 1. Féadfaidh aon duine nádúrtha nó dlítheanach gearán i scríbhinn a thaisceadh leis na húdaráis inniúla ***maidir le sárú a d'fhéadfadh oibreoirí nó oibreoirí mianaigh a dhéanamh ar cheanglais an Rialacháin seo***. ***Ina theannta sin, gníomhóidh an Tairseach Eorpach um Cheartas mar phointe teagmhála chun*** |

| | |
|---|---|
| | ***gearáin a chur faoi bhráid na n- údarás inniúil lena mbaineann.*** |

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Beidh bunús iomchuí leis na gearáin agus dóthain fianaise iontu faoin sárú líomhnaithe ***agus an díobháil a eascraíonn uaidh***. | 2. Beidh bunús iomchuí leis na gearáin agus dóthain fianaise iontu faoin sárú líomhnaithe. |

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. I gcás inar léir nach dtugtar dóthain fianaise leis an ngearán chun údar a thabhairt le himscrúdú a thionscnamh, cuirfidh na húdaráis inniúla an gearánach ar an eolas maidir leis na cúiseanna ***a bhain*** lena gcinneadh gan imscrúdú a thionscnamh. | 3. I gcás inar léir nach dtugtar dóthain fianaise leis an ngearán chun údar a thabhairt le himscrúdú a thionscnamh, cuirfidh na húdaráis inniúla an gearánach ar an eolas ***laistigh de thréimhse réasúnach ama, ach tráth nach déanaí ná mí amháin,*** maidir leis na cúiseanna lena gcinneadh gan imscrúdú a thionscnamh. |

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Measfaidh fíoraitheoirí comhréireacht na dtuarascálacha astaíochtaí a chuirfidh oibreoirí nó oibreoirí mianaigh faoina mbráid i gcomhréir leis an Rialachán seo. Measfaidh siad comhréireacht na dtuarascálacha leis na ceanglais a leagtar | 1. Measfaidh fíoraitheoirí comhréireacht na dtuarascálacha astaíochtaí a chuirfidh oibreoirí nó oibreoirí mianaigh ***nó allmhaireoirí*** faoina mbráid***, a mhéid a cheanglaítear na hallmhaireoirí sin de bhun Airteagal 27,*** i gcomhréir leis an Rialachán seo. |

| | |
|---|---|
| síos sa Rialachán seo agus déanfaidh siad athbhreithniú ar na foinsí sonraí agus modheolaíochtaí a úsáidfear ***d'fhonn*** a n-iontaofacht, a gcreidiúnacht agus a gcruinneas a mheas, go háirithe na pointí seo a leanas: | Measfaidh siad comhréireacht na dtuarascálacha leis na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo agus déanfaidh siad athbhreithniú ar na foinsí sonraí agus modheolaíochtaí a úsáidfear ***chun*** a n-iontaofacht, a gcreidiúnacht agus a gcruinneas a mheas, go háirithe na pointí seo a leanas: |

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) aon chóras rialaithe cáilíochta nó dearbhaithe cáilíochta arna cur i bhfeidhm ag na hoibreoirí nó na ***hoibreoirí mianaigh***. | (d) aon chóras rialaithe cáilíochta nó dearbhaithe cáilíochta arna cur i bhfeidhm ag na hoibreoirí ***mianaigh*** nó na ***hallmhaireoirí i bhfeidhm, a mhéid a cheanglaítear na hallmhaireoirí sin de bhun Airteagal 27***. |

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 2 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I bhfeidhmiú na ngníomhaíochtaí fíoraithe dá dtagraítear i mír 1, bainfidh fíoraitheoirí úsáid as caighdeáin Eorpach nó idirnáisiúnta atá ar fáil go poiblí ***saor in aisce*** le haghaidh astaíochtaí meatáin a chainníochtú arna chur i bhfeidhm ag an gCoimisiún i gcomhréir le mír 5. Go dtí an dáta nuair a dhéanfaidh an Coimisiún cinneadh faoi infheidhmeacht na gcaighdeán sin, bainfidh fíoraitheoirí úsáid as caighdeáin Eorpacha nó idirnáisiúnta reatha i ndáil le cainníochtú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí gáis ceaptha teasa. | I bhfeidhmiú na ngníomhaíochtaí fíoraithe dá dtagraítear i mír 1, bainfidh fíoraitheoirí úsáid as caighdeáin Eorpach nó idirnáisiúnta atá ar fáil go poiblí le haghaidh astaíochtaí meatáin a chainníochtú arna chur i bhfeidhm ag an gCoimisiún i gcomhréir ***leis an Rialachán seo, go háirithe*** le mír 5. Go dtí an dáta nuair a dhéanfaidh an Coimisiún cinneadh faoi infheidhmeacht na gcaighdeán sin, bainfidh fíoraitheoirí úsáid as caighdeáin Eorpacha nó idirnáisiúnta reatha i ndáil le cainníochtú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí gáis ceaptha teasa. |

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 2 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***I gcás nach mbeidh aon chaighdeáin Eorpacha nó idirnáisiúnta ar fáil, cuirfidh oibreoirí nó oibreoirí mianach faisnéis ar fáil do na fíoraitheoirí maidir leis na caighdeáin nó na modheolaíochtaí a úsáideann na hoibreoirí, na hoibreoirí mianaigh nó na hallmhaireoirí chun críche gníomhaíochtaí fíoraithe.*** |

**Leasú 93**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 2 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Féadfaidh*** fíoraitheoirí seiceálacha ar láithreáin ***a dhéanamh*** chun iontaofacht, creidiúnacht agus cruinneas na bhfoinsí sonraí agus na modheolaíochtaí a úsáidtear a chinneadh. | ***Déanfaidh*** fíoraitheoirí seiceálacha ar láithreáin***, le réamhfhógra agus gan réamhfhógra,*** chun iontaofacht, creidiúnacht agus cruinneas na bhfoinsí sonraí agus na modheolaíochtaí a úsáidtear a chinneadh. |

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 2 – fomhír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Déanfar na gníomhaíochtaí fíoraithe dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo a ailíniú le caighdeáin agus modheolaíochtaí reatha Eorpacha nó idirnáisiúnta chun an t-ualach ar oibreoirí, ar oibreoirí mianach nó ar allmhaireoirí a theorannú, a mhéid a cheanglaítear na hallmhaireoirí sin de bhun Airteagal 27, agus ar údaráis*** |

| | |
|---|---|
| | ***inniúla agus tabharfar aird chuí ar chineál ghníomhaíochtaí an oibreora.*** |

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 3 – fomhír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ***ina gcinntear sa mheasúnú*** nach gcomhlíonann an tuarascáil astaíochtaí ceanglais an Rialacháin seo, cuirfidh na fíoraitheoirí an ***t-oibreoir nó an t-oibreoir mianaigh ar an eolas faoi sin*** agus cuirfidh an t-oibreoir ***nó*** an t-oibreoir mianaigh tuarascáil athbhreithnithe faoi bhráid an fhíoraitheora gan mhoill. | I gcás ***inarb é conclúid an mheasúnaithe*** nach gcomhlíonann an tuarascáil astaíochtaí ceanglais an Rialacháin seo, cuirfidh na fíoraitheoirí ***é sin in iúl don oibreoir, d'oibreoir*** an ***mhianaigh nó don allmhaireoir, a mhéid is gá don allmhaireoir de bhun Airteagal 27,*** agus cuirfidh an t-oibreoir***,*** an t-oibreoir mianaigh ***nó an t-allmhaireoir, a mhéid a bheidh gá leis an allmhaireoir de bhun Airteagal 27,*** tuarascáil athbhreithnithe ***astaíochtaí*** faoi bhráid an fhíoraitheora gan mhoill ***agus tráth nach déanaí ná trí seachtaine***. |

**Leasú 96**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Tabharfaidh oibreoirí agus ***oibreoirí mianaigh*** gach cúnamh is gá do na fíoraitheoirí chun feidhmíocht na ngníomhaíochtaí fíoraithe a chumasú nó a éascú, go háirithe a mhéid a bhaineann le rochtain ar áitreabh agus le tíolacadh doiciméad nó taifead. | 4. Tabharfaidh oibreoirí***, oibreoirí mianach*** agus ***allmhaireoirí a mhéid is gá na hallmhaireoirí sin de bhun Airteagal 27,*** gach cúnamh is gá do na fíoraitheoirí chun feidhmíocht na ngníomhaíochtaí fíoraithe a chumasú nó a éascú, go háirithe a mhéid a bhaineann le rochtain ar áitreabh agus le tíolacadh doiciméad nó taifead. |

**Leasú 97**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5 a. Na costais a thabhófar de bharr na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear san Airteagal seo, cuirfear san áireamh iad dá dtagraítear in Airteagal 3.*** |

**Leasú 98**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. ***Ar an gcoinníoll go gcosnófar leas an Aontais, sannfar ról fíoraithe don*** Fhaireachlann um Astaíochtaí Meatáin ***Idirnáisiúnta maidir le sonraí astaíochtaí meatáin***, go háirithe maidir leis an ***cúraimí*** seo a leanas: | 1. ***Agus a n-oibleagáidí á gcomhlíonadh acu agus a gcumhachtaí á bhfeidhmiú acu faoin Rialachán seo, breithneoidh fíoraitheoirí, na húdaráis inniúla agus an Coimisiún an fhaisnéis a chuirfidh an*** Fhaireachlann ***Idirnáisiúnta*** um Astaíochtaí Meatáin ***(IMEO) ar fáil don phobal***, go háirithe maidir leis an ***méid*** seo a leanas: |

**Leasú 99**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) tuairisciú ar thorthaí maidir le ***neamhréitigh mhóra*** idir foinsí sonraí**.** | (e) tuairisciú ar thorthaí maidir le ***neamhréireachtaí móra*** idir foinsí sonraí ***a rannchuidíonn le modheolaíochtaí eolaíocha níos láidre a thógáil;*** |

**Leasú 100**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1 – pointe e a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(e a) tuairisciú sár-astairí arna n-aithint*** |

***trí chóras luathbhraite agus rabhaidh.***

**Leasú 101**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***Féadfaidh*** an Coimisiún sonraí ***astaíochtaí*** meatáin ***a chur*** faoi bhráid ***na Faireachlainne um Astaíochtaí Meatáin Idirnáisiúnta, mar a cuireann na húdaráis inniúla ar fáil di iad i gcomhréir leis an Rialacháin seo***. | 2. ***Cuirfidh*** an Coimisiún sonraí ***ábhartha maidir le hastaíochtaí*** meatáin faoi bhráid ***IMEO***. |

**Leasú 102**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***3. Cuirfear an fhaisnéis a tháirgeann an Fhaireachlann um Astaíochtaí Meatáin Idirnáisiúnta ar fáil don phobal agus don Choimisiún.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 103**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. ***Faoi … [12 mhí*** ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], cuirfidh oibreoirí tuarascáil faoi bhráid na n-údarás inniúil ina ***bhfuil meastachán de na hastaíochtaí*** meatáin ag ***leibhéal foinse ina n-úsáidtear*** fachtóirí astaíochta ***atá cineálach ach atá foinseshonrach le haghaidh*** gach foinse. | 1. ***Faoin... 10 mí*** ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], cuirfidh oibreoirí tuarascáil faoi bhráid na n-údarás inniúil ina ***mbeidh cainníochtú ar astaíochtaí*** meatáin ***ar leibhéal foinseach arna meas*** ag ***úsáid*** fachtóirí astaíochta ***cineálacha ar a laghad do*** gach foinse. ***Féadfaidh oibreoirí a roghnú tuarascáil a thíolacadh go comhuaineach i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i mír 2.*** |

**Leasú 104**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***Faoi … [24 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo],*** cuirfidh oibreoirí tuarascáil faoi bhráid na n-údarás inniúil ***freisin ina bhfuil tomhais dhíreacha d'***astaíochtaí meatáin ***ag leibhéal foinse le haghaidh sócmhainní oibrithe. Féadfar go n-áiritheofar le tuairisciú*** ar leibhéal ***den sórt sin úsáid tomhais agus samplála ar leibhéal foinse mar bhonn chun fachtóirí astaíochta sonracha a úsáidtear chun meastachán a dhéanamh ar astaíochtaí a leagan síos.*** | 2. Cuirfidh oibreoirí ***agus gnóthais atá bunaithe san Aontas*** tuarascáil faoi bhráid na n-údarás inniúil ***ina mbeidh cainníochtú ar*** astaíochtaí meatáin ar leibhéal ***foinseach:*** |
| | ***(a) i gcás sócmhainní oibrithe faoin...[12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], agus*** |
| | ***(b) i gcás sócmhainní neamhoibrithe faoin...[24 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], ar choinníoll nár thuairiscigh oibreoir na sócmhainní sin de bhun na hoibleagáide faoi phointe (a).*** |
| | ***Is é a bheidh i gceist le tuairisciú ar an leibhéal sin tomhas díreach agus sampláil ar leibhéal na foinse a úsáid mar bhonn chun fachtóirí sonracha astaíochta a bhunú a úsáidtear chun astaíochtaí a chainníochtú.*** |

**Leasú 105**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 3 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Faoi … [36 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] agus faoin 30 Márta gach bliain ina dhiaidh sin,*** | Cuirfidh oibreoirí ***agus gnóthais atá bunaithe san Aontas*** tuarascáil faoi bhráid na n-údarás inniúil ina ***mbeidh cainníochtú*** |

| | |
|---|---|
| cuirfidh oibreoirí tuarascáil faoi bhráid na n-údarás inniúil ina ***bhfuil tomhais dhíreacha*** ar astaíochtaí meatáin ar leibhéal ***foinse maidir le sócmhainní oibrithe dá dtagraítear i mír 2***, arna gcomhlánú le tomhais astaíochtaí meatáin ***ag*** leibhéal láithreáin, ***lena gceadaítear*** measúnú agus fíorú na ***meastachán*** ar leibhéal foinse ***a chomhiomlánú*** de réir láithreáin ***dá réir sin.*** | ar astaíochtaí meatáin ar leibhéal ***foinseach***, arna gcomhlánú le tomhais ***ar*** astaíochtaí meatáin ***ar*** leibhéal ***an*** láithreáin, ***agus ar an gcaoi sin beifear in ann*** measúnú agus fíorú ***a dhéanamh ar*** na ***meastacháin*** ar leibhéal ***na*** foinse ***arna gcomhiomlánú*** de réir láithreáin***:*** |

**Leasú 106**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 — mír 3 — fomhír 1 — pointe a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(a) i gcás sócmhainní oibrithe faoin...[24 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] agus faoin 31 Bealtaine gach bliain ina dhiaidh sin, agus*** |

**Leasú 107**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 — mír 3 — fomhír 1 — pointe b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b) i gcás sócmhainní neamhoibrithe faoin...[42 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] agus faoin 31 Bealtaine gach bliain ina dhiaidh sin, ar choinníoll nár thuairiscigh oibreoir iad sin de bhun phointe (a).*** |

**Leasú 108**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 3 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Sula gcuirfear faoi bhráid na n-údarás inniúil iad, áiritheoidh oibreoirí go ndéanfaidh fíoraitheoir measúnú ar na tuarascálacha a leagtar amach sa mhír seo agus go n-áiritheofar iontu ráiteas ***fíorúcháin*** a eiseofar i gcomhréir le hAirteagail 8 agus 9. | Sula gcuirfear faoi bhráid na n-údarás inniúil iad, áiritheoidh oibreoirí ***agus gnóthais*** go ndéanfaidh fíoraitheoir measúnú ar na tuarascálacha a leagtar amach sa mhír seo agus go n-áiritheofar iontu ráiteas ***fíoraithe*** a eiseofar i gcomhréir le hAirteagail 8 agus 9. |

**Leasú 109**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***4. Faoi … [36 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], cuirfidh gnóthais atá bunaithe san Aontas tuarascáil faoi bhráid na n-údarás inniúil ina bhfuil tomhais dhíreacha ar astaíochtaí meatáin ar leibhéal foinse maidir le sócmhainní neamhoibrithe. Féadfar go n-áiritheofar le tuairisciú ar leibhéal den sórt sin úsáid tomhais agus samplála ar leibhéal foinse mar bhonn chun fachtóirí astaíochta sonracha a úsáidtear chun meastachán a dhéanamh ar astaíochtaí a leagan síos.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 110**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 5 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Faoi … [48 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] agus faoin 30 Márta gach bliain ina dhiaidh sin, cuirfidh gnóthais atá bunaithe san Aontas tuarascáil faoi bhráid na n-údarás inniúil ina bhfuil tomhais dhíreacha ar astaíochtaí meatáin ar leibhéal foinse*** | ***scriosta*** |

| | |
|---|---|
| ***maidir le sócmhainní neamhoibrithe mar a leagtar amach i mír 4, arna gcomhlánú le tomhais astaíochtaí meatáin ag leibhéal láithreáin, lena gceadaítear measúnú agus fíorú na meastachán ar leibhéal foinse a chomhiomlánú de réir láithreáin dá réir sin.*** | |

**Leasú 111**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 5 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Sula gcuirfear faoi bhráid na n-údarás inniúil iad, áiritheoidh gnóthais go ndéanfaidh fíoraitheoir measúnú ar na tuarascálacha a leagtar amach sa mhír seo agus go n-áiritheofar iontu ráiteas fíorúcháin a eiseofar i gcomhréir le hAirteagail 8 agus 9.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 112**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 6 – fomhír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) faisnéis mhionsonraithe maidir leis na modheolaíochtaí cainníochtaithe ***a úsáidtear chun astaíochtaí meatáin a thomhas***; | (c) faisnéis mhionsonraithe maidir leis na modheolaíochtaí cainníochtaithe; |

**Leasú 113**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 6 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, teimpléad tuairiscithe le haghaidh na dtuarascálacha a | Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, teimpléad tuairiscithe le haghaidh na dtuarascálacha a |

| | |
|---|---|
| leagan síos ***faoi mhíreanna 2, 3, 4*** agus ***5***. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 32(2). | leagan síos ***faoin Airteagal seo*** agus ***na tuarascálacha fardail náisiúnta atá i bhfeidhm cheana á gcur san áireamh***. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 32(2). ***Go dtí go nglacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin, úsáidfidh oibreoirí agus gnóthais treoirdhoiciméid theicniúla agus teimpléid tuairiscithe OGMP 2.0, i gcomhair oibríochtaí réamhtheachtacha agus iartheachtacha, de réir mar is infheidhme.*** |

**Leasú 114**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Maidir le tomhais ***ag*** leibhéal láithreáin dá dtagraítear i ***míreanna 3 agus 5, bainfear úsáid as*** teicneolaíochtaí cainníochtaithe iomchuí ***lena bhféadtar tomhais*** den sórt sin a ***sholáthar***. | 7. Maidir le tomhais ***ar*** leibhéal ***an*** láithreáin dá dtagraítear i ***mír 3, úsáidfear*** teicneolaíochtaí cainníochtaithe ***astaíochtaí arna bhforbairt ag na comhlachtaí*** iomchuí ***Eorpacha nó idirnáisiúnta um chaighdeánú. Go dtí go mbunófar caighdeáin*** den sórt sin***, úsáidfidh oibreoirí agus gnóthais, de réir mar is infheidhme, treoirdhoiciméid theicniúla OGMP 2.0 agus leanfaidh siad na cleachtais tionscail úrscothacha agus na teicneolaíochtaí is fearr atá ar fáil chun astaíochtaí meatáin*** a ***thomhas***. |

**Leasú 115**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. I gcás ***ina bhfuil*** neamhréireachtaí suntasacha idir na hastaíochtaí ***arna gcainníochtú trí mhodhanna*** ar leibhéal foinse ***a úsáid*** agus ***idir*** na hastaíochtaí sin | 8. I gcás neamhréireachtaí suntasacha idir na hastaíochtaí ar leibhéal ***na*** foinse agus na hastaíochtaí sin ***ar*** leibhéal ***an*** láithreáin, ***áireofar sna tuarascálacha dá*** |

| | |
|---|---|
| ***a eascraíonn as tomhas ag*** leibhéal láithreáin, déanfar ***tomhais bhreise*** laistigh den tréimhse tuairiscithe chéanna***.*** | ***dtagraítear i mír 3 na cúiseanna leis an neamhréireacht. I gcás nach é éiginnteacht na teicneolaíochta cainníochtaithe a úsáidtear is cúis leis an neamhréireacht,*** déanfar ***na bearta breise seo a leanas*** laistigh den tréimhse tuairiscithe chéanna***:*** |

**Leasú 116**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 — mír 8 — pointe (a) nua**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(a) i gcás ina bhfuil an tomhas ar leibhéal an láithreáin níos airde ná an tomhas atá suntasach ó thaobh staidrimh de san fhardal ar leibhéal na foinse, cuirfidh an t-oibreoir doiciméadacht san áireamh sa tuarascáil chun réiteach a dhéanamh idir an fardal ar leibhéal na foinse agus tomhas leibhéal an láithreáin, agus nuashonróidh sé a fhardal ar leibhéal na foinse chun tomhais níos airde ar leibhéal an láithreáin a léiriú.*** |

**Leasú 117**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 — mír 8 — pointe (b) nua**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b) i gcás ina bhfuil an tomhas ar leibhéal an láithreáin níos ísle ná an fardal ar leibhéal na foinse go leibhéal atá suntasach ó thaobh staidrimh de, déanfaidh an t-oibreoir athbhreithniú ar íosteorainn bhraite (MDL) na bhfeistí tomhais leibhéal an láithreáin chun a dheimhniú go bhfuil MDL íseal go leor chun leibhéil ionchasacha astaíochtaí ón gcomhpháirt aonair a bhrath; i gcás nach bhfuil MDL sách íseal, déanfaidh an t-oibreoir an tomhas arís agus úsáid á baint*** |

***as feistí le MDL sách íseal go leor laistigh den bhliain féilire chéanna, agus cuirfidh sé an toradh sin i gcomparáid leis an bhfardal leibhéal foinseach; i gcás ina gcinnfear go bhfuil an MDL leormhaith, cuirfidh an t-oibreoir doiciméadacht san áireamh sa tuarascáil ina leagfar amach na cúiseanna atá leis an neamhréireacht.***

**Leasú 118**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 9. ***Déanfar*** tomhais ***ar*** astaíochtaí meatáin ***le haghaidh bonneagar gáis de réir caighdeáin Eorpacha (CEN) nó idirnáisiúnta (ISO)*** maidir le ***hastaíochtaí meatáin a chainníochtú***. | 9. ***Faoin... [9 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 31 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na sonraíochtaí is infheidhme maidir le*** tomhais ***dhíreacha agus cainníochtú*** astaíochtaí meatáin ***a leagan síos. Beidh feidhm ag na sonraíochtaí sin*** maidir le ***hiarrataí ar chaighdeánú arna n-eisiúint ag an gCoimisiún chun críoch an Airteagail seo***. |

**Leasú 119**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 11 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***11 a. Tagróidh faireachán agus tuairisciú don phoitéinseal téimh dhomhanda, atá ar scála ama 100 bliain 29,8 oiread níos mó ná dé-ocsaíd charbóin agus 82,5 oiread níos mó ná dé-ocsaíd charbóin ar scála ama 20 bliain[1a].***<br>_________________<br>***[1a] An Séú Tuarascáil Mheasúnachta ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú*** |

*Aeráide (IPCC) https://www.ercevolution.energy/ipcc-sixth-assessment-report/*

**Leasú 120**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh oibreoirí gach beart atá ar fáil dóibh chun astaíochtaí meatáin a chosc agus a íoslaghdú ina gcuid oibríochtaí. | *1.* Déanfaidh oibreoirí gach beart ***maolaithe iomchuí*** atá ar fáil dóibh chun astaíochtaí meatáin a chosc agus a íoslaghdú ina gcuid oibríochtaí. |

**Leasú 121**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Faoin... [sé mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid na Parlaiminte agus na Comhairle maidir leis an tionchar a bheadh ag caighdeán feidhmíochta réamhtheachtach uaillmhianach a thabhairt isteach maidir le déine astaíochtaí meatáin don ola agus don ghás a allmhairítear isteach san Aontas nó a eastósctar laistigh den Aontas. Déanfaidh an Coimisiún measúnú sonrach ar shocrú caighdeáin déine meatáin atá faoi bhun 0.2 % nó cothrom leis.*** |

**Leasú 122**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1b. Sula nglacfaidh sé an gníomh tarmligthe dá dtagraítear i mír 1c, déanfaidh an Coimisiún measúnú tionchair, ina ndéanfar meastóireacht go háirithe ar na himpleachtaí don aeráid agus do shlándáil an tsoláthair fuinnimh araon san Aontas, agus lánurraim á tabhairt do Rialachán (AE) 2021/1119.*** |

**Leasú 123**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1c. Faoin... [18 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 31 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí chaighdeán feidhmíochta dá dtagraítear i mír 1d a leagan síos lena gcuirfear chun feidhme leibhéal déine astaíochtaí meatáin don earnáil réamhtheachtach atá le baint amach faoin...[3 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] agus an mhodheolaíocht chun méadrach déine astaíochtaí meatáin stóinsithe a shainiú go soiléir.*** |

**Leasú 124**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1d. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 31 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh tríd an leibhéal déine astaíochtaí a leagan amach do na*** |

***hearnálacha meánteachtacha agus iartheachtacha atá le baint amach.***

**Leasú 125**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Faoi … ***[3 mhí*** ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], cuirfidh oibreoirí clár braite agus deisithe sceití faoi bhráid na n-údarás inniúil ina dtabharfar mionsonraí maidir le hábhar na suirbhéanna a bheidh le déanamh i gcomhréir leis na ceanglais san Airteagal seo. | Faoi … ***[6 mhí*** ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], cuirfidh oibreoirí clár braite agus deisithe sceití faoi bhráid na n-údarás inniúil ina dtabharfar mionsonraí maidir le hábhar na suirbhéanna ***agus na ngníomhaíochtaí*** a bheidh le déanamh i gcomhréir leis na ceanglais san Airteagal seo. |

**Leasú 126**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Gan dochar do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012, saothróidh an tAontas forbairt thráthúil ag na heagraíochtaí iomchuí um chaighdeánú ar chaighdeáin Eorpacha ina mbeidh na sonraíochtaí teicniúla i leith suirbhéanna agus gníomhaíochtaí maidir le sceitheadh a bhrath agus a dheisiú chun críche an Airteagail seo.*** <br><br> ***Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 31 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh chun a cheangal go gcomhlíonfar na sonraíochtaí teicniúla dá dtagraítear sa chéad fhomhír, chun na tagairtí do na caighdeáin Eorpacha sin a thabhairt cothrom le dáta agus chun sonraíochtaí teicniúla a leagan síos maidir le suirbhéanna ar bhrath sceite agus ar*** |

| | |
|---|---|
| | ***dheisiú, i gcás inarb iomchuí. Go dtí go mbunófar na sonraíochtaí sin, úsáidfidh oibreoirí cleachtais, teicneolaíochtaí, próisis agus leibhéal saineolais a mbeifí ag súil leis ó phríomhsholáthraí seirbhíse na hoibleagáidí a leagtar amach san Airteagal seo a chomhlíonadh agus, i gcás ina n-iarrfar sin, soláthróidh siad faisnéis do na húdaráis inniúla agus d'fhíoraitheoirí maidir leis na caighdeáin nó na modheolaíochtaí a úsáideadh.*** |

**Leasú 127**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 2 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Faoi … ***[6 mhí*** ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh oibreoirí suirbhé maidir le gach comhpháirt ábhartha faoina bhfreagracht i gcomhréir leis an gclár braite agus deisithe sceití dá dtagraítear i mír 1. | Faoi … ***[9 mí*** ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh oibreoirí suirbhé maidir le gach comhpháirt ábhartha faoina bhfreagracht i gcomhréir leis an gclár braite agus deisithe sceití dá dtagraítear i mír 1. |

**Leasú 128**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 2 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ina dhiaidh sin, ***athdhéanfar*** suirbhéanna ***braite*** agus ***deisithe sceití gach 3 mhí.*** | Ina dhiaidh sin, ***déanfar*** suirbhéanna ***chun sceitheadh a bhrath*** agus ***a dheisiú leis na minicíochtaí seo a leanas:*** |

**Leasú 129**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 — mír 2 — fomhír 2 — pointe a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(a) uair amháin gach dhá mhí do*** |

***gach comhpháirt os cionn talún trí úsáid a bhaint as feistí braite a bhfuil an íosteorainn bhraite dá dtagraítear i mír 3, pointe (a) acu;***

**Leasú 130**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 — mír 2 — fomhír 2 — pointe b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b) uair amháin gach ceithre mhí i gcás na gcomhpháirteanna uile os cionn talún ina n-úsáidtear feistí braite a bhfuil an íosteorainn bhraite dá dtagraítear i mír 3, pointe (b) acu;*** |

**Leasú 131**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 — mír 2 — fomhír 2 — pointe c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(c) uair amháin gach cúig mhí, nó ar na leibhéil mhinicíochta a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn I, do gach comhpháirt faoi thalamh ina n-úsáidtear feistí braite a bhfuil an íosteorainn bhraite dá dtagraítear i mír 3, pointe (c) acu.*** |

**Leasú 132**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. ***Trí*** na suirbhéanna a ***dhéanamh, bainfidh oibreoirí úsáid as gairis lena bhféadtar caillteanas meatáin ó chomhpháirteanna ina*** bhfuil ***500 páirt in aghaidh an mhilliúin nó níos mó a*** | 3. ***Agus*** na suirbhéanna ***á ndéanamh acu, úsáidfidh oibreoirí feistí braite*** a bhfuil ***íosteorainn bhraite acu mar seo a leanas:*** |

***bhrath.***

**Leasú 133**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 3 – pointe a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(a) 17 ngram san uair de mheatán ag teocht chaighdeánach agus ag brú caighdeánach; déanfar an suirbhé ar leibhéal gach foinse astaíochta a d'fhéadfadh a bheith ann;*** |

**Leasú 134**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 3 – pointe b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b) 50 cuid in aghaidh an mhilliúin meatáin nó 1 ghram san uair; déanfar an suirbhé ag teagmháil le gach foinse fhéideartha astaíochtaí aonair le haghaidh comhpháirteanna os cionn talún;*** |

**Leasú 135**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 3 – pointe c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(c) 500 páirt in aghaidh an mhilliúin nó 5 gram san uair de meatán do chomhpháirteanna faoi thalamh.*** |

**Leasú 136**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 4 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh oibreoirí gach comhpháirt a shuitear go bhfuil ***500 páirt in aghaidh an mhilliúin*** meatáin ***nó níos mó á n-astú acu*** a dheisiú nó a athsholáthar. | Déanfaidh oibreoirí gach comhpháirt a shuitear go bhfuil ***siad ag sceitheadh*** meatáin a dheisiú nó a athsholáthar. |

**Leasú 137**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 4 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfar na comhpháirteanna dá dtagraítear sa ***chéad fhomhír*** a dheisiú nó a athsholáthar láithreach tar éis iad a bhrath, nó a luaithe is féidir ***ina dhiaidh sin*** ach tráth nach déanaí ná ***5 lá*** tar éis ***iad a bhrath***, ar ***choinníoll go bhféadfaidh oibreoirí a léiriú nach bhféadfar beart a dhéanamh láithreach de bharr cúinsí sábháilteachta nó teicniúla agus ar choinníoll go leagfaidh oibreoirí sceideal deisithe agus faireacháin síos***. | Déanfar na comhpháirteanna dá dtagraítear sa ***mhír seo*** a dheisiú nó a athsholáthar láithreach tar éis iad a bhrath, nó a luaithe is féidir ***le haghaidh an chéad iarrachta*** ach tráth nach déanaí ná ***cúig lá*** tar éis ***a mbrath. Le deisiúcháin nó athsholáthar dá dtagraítear sa mhír seo***, ***úsáidfear teicneolaíochtaí úrscothacha agus ábhair úrscothacha a thugann cosaint fhadtéarmach*** ar ***sceitheadh amach anseo***.<br><br>***I gcás inar féidir le hoibreoirí a léiriú nach bhfuil rath ar an deisiú dá dtagraítear sa mhír seo nó nach féidir é a dhéanamh laistigh de chúig lá mar gheall ar chúrsaí sábháilteachta nó teicniúla, cuirfidh nahoibreoirí fianaise maidir leis an moill ar fáil do na húdaráis inniúla agus bunóidh siad sceideal deisiúcháin agus faireacháin tráth nach déanaí ná 5 lá tar éis an bhraith. Socrófar an sceideal deisithe agus faireacháin dá dtagraítear san fhomhír seo ionas go ndeiseofar an sceitheadh a aimsíodh laistigh de 30 lá tar éis a bhrath.*** |

**Leasú 138**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 4 – fomhír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh cúinsí sábháilteachta agus teicniúla, dá dtagraítear sa dara fomhír, ***nach bhféadtar beart a dhéanamh láithreach mar gheall orthu,*** teoranta do ***shábháilteacht pearsanra agus daoine daonna in aice láimhe, do thionchair chomhshaoil, do thiúchan an chaillteanais mheatáin, do rochtain ar an gcomhpháirt agus d'infhaighteacht an táirge a chuirfear in ionad na comhpháirte a chur san áireamh. Féadfar go n-áiritheofar le cúinsí maidir le tionchar comhshaoil cásanna ina bhféadfaí leibhéal níos airde astaíochtaí meatáin a bheith ann de bharr deisiú ná mar a bheadh ann in éagmais an deisithe.*** | Beidh cúinsí sábháilteachta agus teicniúla, dá dtagraítear sa dara fomhír ***agus sa tríú fomhír***, teoranta do ***na nithe seo a leanas:*** |

**Leasú 139**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 4 – fomhír 3 – pointe -a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(a) sábháilteacht pearsanra agus daoine i ngaireacht don sceitheadh a braitheadh,*** |

**Leasú 140**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 4 – fomhír 3 – pointe b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b) aon drochthionchar ar an gcomhshaol a bhaineann le gníomhaíocht a dhéanamh más féidir a léiriú go mbeadh na tionchair sin níos mó ná na tairbhí comhshaoil a bhaineann le beart a dhéanamh, amhail i gcás ina bhféadfadh leibhéal foriomlán níos airde astaíochtaí meatáin a bheith mar thoradh ar dheisiú*** |

| | |
|---|---|
| | ***ná mar a bheadh ann mura ndéanfaí deisiú;*** |

**Leasú 141**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 4 – fomhír 3 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(c) inrochtaineacht comhpháirte, lena n-áirítear aon cheadanna rochtana; agus*** |

**Leasú 142**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 4 – fomhír 3 – pointe d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(d) neamh-infhaighteacht na bpáirteanna athsholáthair is gá chun an chomhpháirt nó na comhpháirteanna is gá don athsholáthar a dheisiú.*** |

**Leasú 143**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 4 – fomhír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina bhfuil gá le múchadh córais sula bhféadtar tabhairt faoin deisiú nó faoin athsholáthar, íoslaghdóidh oibreoirí an sceitheadh laistigh ***de 1 lá*** amháin tar éis é a bhrath agus deiseoidh siad an sceitheadh faoi dheireadh an chéad mhúchta córais sceidealaithe eile nó laistigh de bhliain amháin, cibé acu is luaithe. | I gcás ina bhfuil gá le múchadh córais sula bhféadtar tabhairt faoin deisiú nó faoin athsholáthar, ***mar gheall ar choinníoll amháin nó níos mó a leagtar amach i bhfomhíreanna 4(a)-(d) a bheith curtha i bhfeidhm,*** íoslaghdóidh oibreoirí an sceitheadh laistigh ***de lá*** amháin tar éis é a bhrath agus deiseoidh siad an sceitheadh faoi dheireadh an chéad mhúchta córais sceidealaithe eile nó laistigh de bhliain amháin, cibé acu is luaithe. |

**Leasú 144**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 4 – fomhír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Déanfaidh oibreoirí taifead de na cinntí uile maidir le deisiúchán a mhoilliú de bhun an Airteagail seo a bhunú, a chothabháil agus a chur ar fáil go hiomlán do na húdaráis inniúla, lena n-áirítear an fhianaise uile is gá lena dtugtar údar le gach cinneadh agus leis na sceidil deisiúcháin agus faireacháin chomhfhreagracha. Iontrálfaidh oibreoirí an fhaisnéis sin sa taifead gan mhoill. Féadfaidh na húdaráis inniúla a cheangal ar an oibreoir an sceideal deisiúcháin a leasú, agus ceanglais an Rialacháin seo á gcur san áireamh.*** |

**Leasú 145**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 5 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| D’ainneoin ***mhír 2***, breathnóidh oibreoirí ar chomhpháirteanna a suíodh go raibh ***500 páirt in aghaidh an mhilliúin*** meatáin ***nó níos mó á n-astú acu le linn aon cheann de na suirbhéanna a rinneadh roimhe seo a luaithe is féidir*** tar éis an ***deisiú a dhéanamh*** de bhun ***mhír 4***, agus tráth nach déanaí ná ***15 lá*** ina dhiaidh sin chun a áirithiú gur éirigh leis an deisiú. | D’ainneoin ***mhír 2***, breathnóidh oibreoirí ar chomhpháirteanna a suíodh go raibh meatáin ***á sceitheadh acu díreach*** tar éis an ***deisithe a rinneadh*** de bhun ***mhír 4***, agus tráth nach déanaí ná ***30 lá*** ina dhiaidh sin chun a áirithiú gur éirigh leis an deisiú. |

**Leasú 146**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 5 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***D'ainneoin mhír 2, breathnóidh oibreoirí ar chomhpháirteanna a shuitear go bhfuil níos lú ná 500 páirt in aghaidh an mhilliúin meatáin á n-astú acu, tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis gur braitheadh na hastaíochtaí, chun a sheiceáil cibé acu a tháinig nó nár tháinig athrú ar mhéid an chaillteanais meatáin.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 147**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 5 – fomhír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***I gcás ina sainaithnítear go bhfuil riosca níos airde don tsábháilteacht nó do chaillteanais mheatáin ann, féadfar go molfaidh na húdaráis inniúla gur cheart suirbhéanna ar na comhpháirteanna ábhartha a dhéanamh níos minice.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 148**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 6 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Gan dochar do na hoibleagáidí tuairiscithe de bhun mhír 7, taifeadfaidh oibreoirí gach sceitheadh a shainaithneofar gan beann ar a méid, agus breathnóidh siad go ***leanúnach*** orthu ***chun a áirithiú*** go ndeiseofar iad i gcomhréir le mír 4. | Gan dochar do na hoibleagáidí tuairiscithe de bhun mhír 7, taifeadfaidh oibreoirí gach sceitheadh a shainaithneofar gan beann ar a méid, agus breathnóidh siad go ***rialta*** orthu ***agus áiritheoidh siad*** go ndeiseofar iad i gcomhréir le mír 4. |

**Leasú 149**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 7 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Laistigh de 1 mhí amháin tar éis*** gach ***suirbhé a dhéanamh***, cuirfidh oibreoirí tuarascáil ina ***bhfuil torthaí an tsuirbhé*** agus sceideal ***deisiúcháin*** agus faireacháin faoi bhráid údaráis inniúla an Bhallstáit ina bhfuil na sócmhainní ábhartha lonnaithe. Áireofar ar a laghad sa tuarascáil na heilimintí a leagtar amach in Iarscríbhinn I. | Gach ***bliain***, cuirfidh oibreoirí tuarascáil ina ***mbeidh achoimre ar thorthaí na suirbhéanna uile a cuireadh i gcrích*** agus ***na*** sceideal ***deisithe*** agus faireacháin ***comhfhreagrach go léir le linn na bliana roimhe sin*** faoi bhráid údaráis inniúla an Bhallstáit ina bhfuil na sócmhainní ábhartha lonnaithe. Áireofar ar a laghad sa tuarascáil na heilimintí a leagtar amach in Iarscríbhinn I. |

**Leasú 150**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 7 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Féadfaidh na húdaráis inniúla a chur de cheanglas ar an oibreoir an tuarascáil nó an sceideal deisiúcháin agus faireacháin a leasú agus ceanglais an Rialacháin seo á gcur san áireamh.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 151**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 9. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh scéimeanna deimhnithe, scéimeanna creidiúnaithe nó scéimeanna ***cáilithe comhionanna***, lena n-áirítear cláir oiliúna oiriúnacha, ar fáil le haghaidh soláthraithe seirbhíse i ndáil leis na suirbhéanna. | 9. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh scéimeanna deimhnithe, scéimeanna creidiúnaithe nó scéimeanna ***coibhéiseacha cáilíochta***, lena n-áirítear cláir oiliúna oiriúnacha, ar fáil le haghaidh soláthraithe seirbhíse ***agus le haghaidh oibreoirí*** i ndáil leis na suirbhéanna. |

**Leasú 152**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Ní cheadófar scaoileadh ach sna cásanna a leanas: | 2. Ní cheadófar scaoileadh ***ná bladhmadh*** ach sna cásanna a leanas: |

**Leasú 153**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) i gcás éigeandála nó i gcás mífheidhme; ***agus*** | (a) i gcás éigeandála nó i gcás mífheidhme; |

**Leasú 154**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(b) i gcás nach féidir é a sheachaint agus ina bhfuil fíorghá leis chun comhpháirteanna nó trealamh a oibriú, a dheisiú, a chothabháil nó a thástáil agus faoi réir na n-oibleagáidí tuairiscithe a leagtar amach in Airteagal 16.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 155**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 3 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. ***Le*** scaoileadh ***faoi phointe (b) de mhír 2, áiritheofar na*** cásanna sonracha a leanas nach ***bhféadtar deireadh foriomlán a chur le scaoileadh iontu***: | 3. ***De bhreis ar mhír 2, pointe (a), ní cheadófar*** scaoileadh ***ná bladhmadh ach amháin sna*** cásanna sonracha ***seo*** a leanas ***i gcás*** nach ***féidir scaoileadh nó bladhmadh, de réir mar is infheidhme, a dhíothú go hiomlán nó i gcás ina bhfuil*** |

*gá leis ar chúiseanna sábháilteachta*:

**Leasú 156**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 3 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) le linn gnáthoibríochtaí comhpháirteanna ***áirithe***, ar choinníoll go gcomhlíonann an trealamh ***gach caighdeán*** trealaimh arna ***shonrú*** agus go ndéantar cothabháil cheart agus ***iniúchadh tráthrialta*** air chun caillteanais ***mheatáin*** a íoslaghdú; | (a) le linn gnáthoibríochtaí ***gaireas agus caidéal neomatach, séalaí gáis thirime, comhbhrúiteoirí, umair stórála brú atmaisféir, nó*** comhpháirteanna ***eile atá deartha lena scaoileadh***, ar choinníoll go gcomhlíonann an trealamh ***na caighdeáin*** trealaimh ***shonraithe go léir*** arna ***mbunú de bhun mhír 5b,*** agus go ndéantar cothabháil cheart ***air*** agus ***go ndéantar cigireacht rialta*** air chun caillteanais ***meatáin*** a íoslaghdú; |

**Leasú 157**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 3 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) le linn umar stórála nó ***árthach*** ísealbhrú eile a ***mheas*** nó a shampláil; | (c) le linn umar stórála nó ***soitheach*** ísealbhrú eile a ***thomhas*** nó a shampláil***, ar choinníoll go gcomhlíonann an t-umar nó an soitheach na caighdeáin arna mbunú de bhun mhír 5b***; |

**Leasú 158**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 3 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) le linn leachtanna a dhíluchtú ó umar stórála nó ó árthach ísealbhrú eile go feithicil iompair i gcomhréir leis na caighdeáin is infheidhme; | (d) le linn leachtanna a dhíluchtú ó umar stórála nó ó árthach ísealbhrú eile go feithicil iompair i gcomhréir leis na caighdeáin is infheidhme***, ar choinníoll go*** |

| | |
|---|---|
| | ***gcomhlíonann an t-umar nó an soitheach na caighdeáin arna mbunú de bhun mhír 5b***; |

**Leasú 159**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 3 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) le linn deisiú agus ***cothabhála***, lena n-áirítear trealamh scaoilte agus díbhrúite a úsáidtear chun deisiú agus cothabháil a dhéanamh; | (e) le linn deisiú***, cothabhála, nósanna imeachta tástála*** agus ***díchoimisiúnaithe***, lena n-áirítear trealamh scaoilte agus díbhrúite a úsáidtear chun deisiú agus cothabháil a dhéanamh; |

**Leasú 160**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. I gcás ina gceadaítear scaoileadh de bhun ***mhíreanna 2 agus 3***, ní scaoilfidh oibreoirí ach i gcás nach bhfuil bladhmadh indéanta go teicniúil nó ina bhfuil riosca go gcuirfear sábháilteacht na n-oibríochtaí nó an phearsanra i mbaol leis. I gcás den sórt sin, mar chuid de na hoibleagáidí tuairiscithe a leagtar amach in Airteagal 16, léireoidh oibreoirí do na húdaráis inniúla an gá le scaoileadh a roghnú in ionad bladhmadh. | 4. I gcás ina gceadaítear scaoileadh de bhun ***mhír 2***, ní scaoilfidh oibreoirí ach i gcás nach bhfuil bladhmadh indéanta go teicniúil ***de dheasca easpa inadhainteachta, neamhábaltacht lasair a chothú, cúiseanna imní sábháilteachta, nuair is airde tionchar comhshaoil*** nó ***aeráide na mbeart maolaithe ná an tairbhe, nó i gcás*** ina bhfuil riosca go gcuirfear sábháilteacht na n-oibríochtaí nó an phearsanra i mbaol leis. I gcás den sórt sin, mar chuid de na hoibleagáidí tuairiscithe a leagtar amach in Airteagal 16, léireoidh oibreoirí do na húdaráis inniúla an gá le scaoileadh a roghnú in ionad bladhmadh. |

**Leasú 161**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. I gcás ina mbeidh trealamh malartach nach n-astaíonn astaíochtaí ar fáil chun teacht in ionad an trealaimh scaoilte, tiocfaidh sé ina ionad faoin 31 Nollaig 2026, ar choinníoll go gcomhlíonann an trealamh neamh-scaoilte na caighdeáin a bhunaítear de bhun mhír 5b;*** |

**Leasú 162**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Ní cheadófar bladhmadh ach i gcás nach bhfuil sé indéanta go teicniúil an meatán a athinstealladh, a úsáid ar an láthair nó a sheoladh chuig margadh ar chúiseanna seachas cúinsí eacnamaíocha. I gcás den sórt sin, mar chuid de na hoibleagáidí tuairiscithe a leagtar amach in Airteagal 16, léireoidh oibreoirí do na húdaráis inniúla an gá le bladhmadh a roghnú in ionad an ***mheatáin*** a athinstealladh, a úsáid ar an láthair nó a sheoladh chuig margadh. | 5. ***De bhreis ar na coinníollacha a leagtar amach i mír 2,*** ní cheadófar bladhmadh ach i gcás nach bhfuil sé indéanta go teicniúil an meatán a athinstealladh, a úsáid ar an láthair***, a phróiseáil mar ghás*** nó a sheoladh chuig margadh ar chúiseanna seachas cúinsí eacnamaíocha. I gcás den sórt sin, mar chuid de na hoibleagáidí tuairiscithe a leagtar amach in Airteagal 16, léireoidh oibreoirí do na húdaráis inniúla an gá le bladhmadh a roghnú in ionad an ***meatán*** a athinstealladh, a úsáid ar an láthair nó a sheoladh chuig margadh. |

**Leasú 163**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5a. I gcás ina ndéantar láithreán a thógáil, a athsholáthar nó a athchóiriú, go hiomlán nó go páirteach, ní úsáidfidh oibreoirí ach rialaitheoirí agus caidéil neomatacha atá saor ó astaíochtaí ar an*** |

***láithreán sin.***

**Leasú 164**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 5 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5b. Faoi ... [24 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 31 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí infheidhmeacht na gcaighdeán teicneolaíochta maidir le trealamh scaoilte, trealamh atá saor ó astaíochtaí agus trealamh bladhmtha a ionchorprú agus a leagan amach. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe den sórt sin a athbhreithniú i gcomhréir le forbairtí teicneolaíocha.*** |

**Leasú 165**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 5 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5c. I gcás ina gceanglaítear cead nó formheas riaracháin ar bhealach eile ó na húdaráis ábhartha le cur chun feidhme an Airteagail seo, nó i gcás ina mbeidh moill eisceachtúil ar na gníomhaíochtaí is gá don chur chun feidhme sin mar gheall ar easpa trealaimh scaoilte nó bladhmtha, soláthróidh na hoibreoirí sceideal mionsonraithe maidir leis an gcur chun feidhme sin do na húdaráis inniúla. Leanfaidh oibreoirí ar aghaidh lena gcur chun feidhme gan mhoill. Féadfaidh na húdaráis inniúla modhnuithe ar an sceideal a iarraidh.*** |

**Leasú 166**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 1 – fomhír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) arb é éigeandáil nó mífheidhm is cúis leo; | (a) arb é éigeandáil nó mífheidhm is cúis leo; |

**Leasú 167**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. ***I gcás ina ndéantar saoráid a thógáil, a athsholáthar nó a athchóiriú, nó i gcás ina ndéantar gairis dócháin eile a shuiteáil, ní shuiteálfaidh*** oibreoirí ***ach*** gairis dócháin a bhfuil lastóir uathoibríoch nó lastóir leanúnach agus éifeachtúlacht bainte scriosta ***fhoriomláin*** maidir le hidreacarbóin acu. | 1. ***Suiteálfaidh*** oibreoirí ***gach simléar bladhaire lena n-úsáidtear*** gairis dócháin a bhfuil lastóir uathoibríoch nó lastóir leanúnach agus éifeachtúlacht bainte scriosta ***ar a laghad 99 %*** maidir le hidreacarbóin acu ***faoi... [18 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].*** |

**Leasú 168**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***2. Áiritheoidh oibreoirí go gcomhlíonann gach simléar bladhaire nó gach gaireas dócháin eile ceanglais mhír 1 faoi … [12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].*** | ***scriosta*** |

**Leasú 169**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Déanfaidh oibreoirí cigireachtaí seachtainiúla ar ***shimléair*** bhladhaire arna ndéanamh i gcomhréir leis na heilimintí a leagtar amach in Iarscríbhinn III. | 3. Déanfaidh oibreoirí cigireachtaí seachtainiúla ar ***shimléir*** bhladhaire arna ndéanamh i gcomhréir leis na heilimintí a leagtar amach in Iarscríbhinn III. ***Mar rogha mhalartach ar chigireachtaí seachtainiúla a dhéanamh ar shimléar bladhaire, féadfaidh oibreoirí gairis chianda nó uathoibrithe faireacháin leanúnaigh a úsáid, má fhormheasann na húdaráis inniúla iad, chun breathnóireachtaí ar an simléar bladhaire dá dtagraítear i bpointe (i) agus i bpointe (ii) den tríú fomhír d'Iarscríbhinn III a bhailiú. I gcás ina mbraitear neamhrialtachtaí, déanfaidh oibreoirí cúis na neamhrialtachta a imscrúdú agus í a leigheas laistigh de 6 huair an chloig nó, i gcás drochaimsire nó dálaí foircneacha eile, laistigh de 24 uair an chloig.*** |

**Leasú 170**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Faoi … ***[12 mhí*** ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh na Ballstáit fardal na dtoibreacha neamhghníomhacha go léir ar a gcríoch nó faoina ndlínse a bhunú agus a chur ar fáil go poiblí, lena n-áirítear na heilimintí a leagtar amach in Iarscríbhinn IV ar a laghad. | 1. Faoi … ***[6 mhí*** ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh na Ballstáit fardal na dtoibreacha neamhghníomhacha***, na dtoibreacha atá líonta*** go ***buan agus na dtoibreacha atá tréigthe go buan go*** léir ar a gcríoch nó faoina ndlínse a bhunú agus a chur ar fáil go poiblí, lena n-áirítear na heilimintí a leagtar amach in Iarscríbhinn IV ar a laghad. |

**Leasú 171**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***2. Faoi … [18 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], suiteálfar trealamh chun astaíochtaí meatáin a thomhas ar gach tobar neamhghníomhach.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 172**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Cuirfear tuarascálacha ina bhfuil na ***tomhais*** dá dtagraítear i ***mír 2*** faoi bhráid na n-údarás inniúil faoi … ***[24 mhí*** tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin ***seo]*** agus faoin 30 Márta gach bliain ina dhiaidh sin agus cumhdófar an bhliain féilire is déanaí atá ar fáil. ***Sula gcuirfear faoi bhráid na n-údarás inniúil iad, déanfaidh fíoraitheoir measúnú ar na tuarascálacha a leagtar amach sa mhír seo agus áiritheofar iontu ráiteas fíoraithe a eiseofar i gcomhréir le hAirteagail 8 agus 9.*** | 3. Cuirfear tuarascálacha ina bhfuil ***faisnéis maidir le cainníochtú*** na ***n-astaíochtaí meatáin san aer agus san uisce, de réir mar is infheidhme, ó na toibreacha go léir*** dá dtagraítear i ***mír 1*** faoi bhráid na n-údarás inniúil faoi … ***18 mí*** tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin ***seo*** agus faoin 30 Márta gach bliain ina dhiaidh sin agus cumhdófar an bhliain féilire is déanaí atá ar fáil. |
| | ***I gcás ina gcuirtear fianaise iontaofa ar fáil do na húdaráis inniúla lena gcruthaítear nach ann d'aon astaíochtaí meatáin ó thoibreacha atá líonta go buan agus tréigthe go buan le cúig bliana anuas, ní bheidh feidhm ag an oibleagáid tuairiscithe a leagtar amach sa mhír seo maidir leis an tobar sin.*** |
| | ***Sula gcuirfear faoi bhráid na n-údarás inniúil iad, déanfaidh fíoraitheoir measúnú ar na tuarascálacha a leagtar amach sa mhír seo agus áiritheofar iontu ráiteas fíoraithe a eiseofar i gcomhréir le hAirteagail 8 agus 9.*** |

**Leasú 173**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Cuirfidh na húdaráis inniúla na tuarascálacha a leagtar amach san Airteagal seo ar fáil don phobal agus don Choimisiún, laistigh de 3 mhí ón tráth a chuirfidh na hoibreoirí na tomhais isteach agus i gcomhréir le hAirteagal 5(4). | 4. Cuirfidh na húdaráis inniúla na tuarascálacha a leagtar amach san Airteagal seo ar fáil don phobal agus don Choimisiún, laistigh de 3 mhí ón tráth a chuirfidh na hoibreoirí na tomhais isteach agus i gcomhréir le hAirteagal 5(4). |

**Leasú 174**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Beidh na Ballstáit freagrach as na hoibleagáidí a leagtar síos i ***míreanna 2 agus 3*** a chomhlíonadh, seachas i gcás ina bhféadtar páirtí freagrach a shainaithint, agus sa chás sin is é an páirtí sin a bheidh freagrach astu. | 5. Beidh na Ballstáit freagrach as na hoibleagáidí a leagtar síos i ***mír 2*** a chomhlíonadh, seachas i gcás ina bhféadtar páirtí freagrach a shainaithint, agus sa chás sin is é an páirtí sin a bheidh freagrach astu. |

**Leasú 175**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 6 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh na Ballstáit plean maolaithe a fhorbairt ***agus a chur*** chun ***feidhme chun*** toibreacha neamhghníomhacha atá lonnaithe ina gcríoch a leigheas, a athshlánú agus a líonadh go buan. | ***Faoi ... [12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]*** déanfaidh na Ballstáit ***nó an páirtí freagrach*** plean maolaithe a fhorbairt chun toibreacha neamhghníomhacha atá lonnaithe ina gcríoch a leigheas, a athshlánú agus a líonadh go buan***, agus cuirfidh siad chun feidhme é faoi ... [24 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].*** |

**Leasú 176**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6 a. Agus toibreacha neamhghníomhacha, toibreacha atá líonta go buan agus toibreacha tréigthe á sainaithint acu, déanfaidh na Ballstáit measúnú stóinsithe agus oibiachtúil bunaithe ar na torthaí eolaíocha is déanaí, lena n-áirítear sonraí ó IMEO.*** |

**Leasú 177**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) astaíochtaí meatáin a tharlaíonn le linn gníomhaíochtaí iar-mhianadóireachta. | (c) astaíochtaí meatáin a tharlaíonn le linn gníomhaíochtaí iar-mhianadóireachta ***agus laistigh de limistéar an mhianaigh***. |

**Leasú 178**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Maidir le mianaigh ghuail faoi thalamh, déanfaidh oibreoirí mianaigh tomhas agus cainníochtú leanúnach ar astaíochtaí meatáin ***san aer aerála*** ar gach seafta aerála sceite ***arna úsáid ag an oibreoir mianaigh***, trí úsáid a bhaint as ***fearas a bhfuil teorainn íogaireachta tiúchain meatáin 100 páirt*** in aghaidh ***an mhilliúin ar a laghad aige***. Déanfaidh siad tomhais mhíosúla bunaithe ar shamplaí freisin. | 1. Maidir le mianaigh ghuail faoi thalamh, déanfaidh oibreoirí mianaigh tomhas agus cainníochtú ***díreach*** leanúnach ar astaíochtaí meatáin ar ***an leibhéal foinse ar*** gach seafta aerála sceite***. Tuairisceoidh oibreoirí mianach do na húdaráis inniúla maidir le scaoileadh meatáin in aghaidh an tseafta aerála in aghaidh na bliana i gcileatonn (kt) meatáin***, trí úsáid a bhaint as ***trealamh agus as modheolaíochtaí as a n-eascraíonn cruinneas tomhais le lamháltas 0,5 kt de mheatán*** in aghaidh ***na*** |

***bliana nó 5 % den mhéid tuairiscithe***. Déanfaidh siad tomhais mhíosúla bunaithe ar shamplaí freisin.

**Leasú 179**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfaidh oibreoirí stáisiúin draenála tomhais ***leanúnacha ar thiúchain*** an mheatáin scaoilte agus bhladhmtha, gan beann ar na cúiseanna atá le gníomhaíocht scaoilte nó bhladhmtha den sórt sin. | 2. Déanfaidh oibreoirí stáisiúin draenála tomhais ***agus cainníochtú leanúnach díreach ar*** an ***leibhéal foinse ar scaoileadh iomlán an*** mheatáin scaoilte agus bhladhmtha, gan beann ar na cúiseanna atá le gníomhaíocht scaoilte nó bhladhmtha den sórt sin. |

**Leasú 180**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 4 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Maidir le ***tomhais leanúnacha*** dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, i gcás nach bhfuil cuid den trealamh tomhais ag feidhmiú ar feadh tréimhse, féadfar léamha a glacadh le linn na dtréimhsí nuair a bhí an trealamh ag feidhmiú a úsáid chun meastachán a dhéanamh ar shonraí ar bhonn pro rata le haghaidh na tréimhse nach raibh an trealamh ag feidhmiú inti. | Maidir le ***tomhas agus cainníochtú leanúnach díreach ar an leibhéal foinse*** dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, i gcás nach bhfuil cuid den trealamh tomhais ag feidhmiú ar feadh tréimhse, féadfar léamha a glacadh le linn na dtréimhsí nuair a bhí an trealamh ag feidhmiú a úsáid chun meastachán a dhéanamh ar shonraí ar bhonn pro rata le haghaidh na tréimhse nach raibh an trealamh ag feidhmiú inti. |

**Leasú 181**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 4 – fomhír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Feidhmeoidh an trealamh a úsáidtear chun | Feidhmeoidh an trealamh a úsáidtear chun |

| | |
|---|---|
| ***tomhais leanúnacha*** dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a dhéanamh ar feadh níos mó ná 90 % den tréimhse ina n-úsáidtear é chun faireachán a dhéanamh ar astaíocht, gan aga neamhfhónaimh a glacadh chun athchalabrú a dhéanamh a chur san áireamh. | ***tomhas agus cainníochtú leanúnach díreach ar an leibhéal foinse*** dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a dhéanamh ar feadh níos mó ná 90 % den tréimhse ina n-úsáidtear é chun faireachán a dhéanamh ar astaíocht, gan aga neamhfhónaimh a glacadh chun athchalabrú ***agus deisiúcháin*** a dhéanamh a chur san áireamh. |

**Leasú 182**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Déanfaidh oibreoirí mianaigh meastachán ar astaíochtaí guail iar-mhianadóireachta trí úsáid a bhaint as fachtóirí astaíochta guail iar-mhianadóireachta, arna nuashonrú go bliantúil, bunaithe ar shamplaí guail a bhaineann go sonrach leis an bhfosú agus i gcomhréir le caighdeáin eolaíocha iomchuí. | 5. ***I gcás inarb ábhartha,*** déanfaidh oibreoirí mianaigh meastachán ar astaíochtaí guail iar-mhianadóireachta trí úsáid a bhaint as fachtóirí astaíochta guail iar-mhianadóireachta, arna nuashonrú go bliantúil, bunaithe ar shamplaí guail a bhaineann go sonrach leis an bhfosú agus i gcomhréir le caighdeáin eolaíocha iomchuí. |

**Leasú 183**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Cuirfear toirmeasc ar scaoileadh ***agus bladhmadh*** meatáin ***ó stáisiúin*** draenála ón ***[1 Eanáir 2025], seachas*** i gcás éigeandála***, mífheidhme*** nó i gcás nach féidir ***iad*** a sheachaint agus ***ina*** bhfuil ***fíorghá leo chun críocha*** cothabhála. Sna cásanna sin, ní scaoilfidh oibreoirí stáisiúin draenála ach amháin mura bhfuil bladhmadh indéanta go teicniúil nó má tá riosca go gcuirfear sábháilteacht na n-oibríochtaí nó an phearsanra i mbaol leis. I gcás den sórt sin, mar chuid de na hoibleagáidí tuairiscithe a leagtar amach in | 1. Cuirfear toirmeasc ar ***bhladhmadh lena mbaineann éifeachtúlacht dheartha scriosta agus bainte faoi 99 % agus*** scaoileadh meatáin ***ón gcóras*** draenála ón ***1 Eanáir 2025, ach amháin*** i gcás éigeandála nó i gcás nach féidir a sheachaint agus ***a*** bhfuil ***géarghá leis le haghaidh*** cothabhála. Sna cásanna sin, ní scaoilfidh oibreoirí stáisiúin draenála ach amháin mura bhfuil bladhmadh indéanta go teicniúil nó má tá riosca go gcuirfear sábháilteacht na n-oibríochtaí nó an phearsanra i mbaol leis. I gcás den sórt sin, |

| | |
|---|---|
| Airteagal 23, léireoidh oibreoirí stáisiúin draenála do na húdaráis inniúla an gá le scaoileadh a roghnú in ionad bladhmadh. | mar chuid de na hoibleagáidí tuairiscithe a leagtar amach in Airteagal 23, léireoidh oibreoirí stáisiúin draenála do na húdaráis inniúla an gá le scaoileadh a roghnú in ionad bladhmadh. |

**Leasú 184**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Cuirfear toirmeasc ar scaoileadh meatáin trí sheaftaí aerála i mianaigh ghuail ina n-astaítear níos mó ná ***0,5 tona*** meatáin/cileathonna guail arna bhaint, seachas i mianaigh ghuail chóic, ón 1 Eanáir 2027. | 2. Cuirfear toirmeasc ar scaoileadh meatáin trí sheaftaí aerála i mianaigh ghuail ina n-astaítear níos mó ná ***5 thona*** meatáin/cileathonna guail arna bhaint, seachas i mianaigh ghuail chóic, ón 1 Eanáir 2027 ***ach amháin i gcás ina mbeadh sé ina bhagairt dhíreach do shláinte agus do bheatha mianadóirí oibre agus ina méadófaí an riosca sábháilteachta oibre i ngléasraí mianadóireachta***.<br>***Cuirfear toirmeasc ar scaoileadh meatáin trí sheaftaí aerála i mianaigh ghuail ina n-astaítear níos mó ná 3 thona meatáin/cileathonna guail arna bhaint, seachas i mianaigh ghuail chóic, ón 1 Eanáir 2031.***<br>***Beidh feidhm ag na tairseacha sin in aghaidh na bliana in aghaidh an mhianaigh agus in aghaidh an oibreora, i gcás ina n-oibríonn eintiteas amháin roinnt mianach.*** |

**Leasú 185**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. I gcás ina bhfuil sé ar intinn ag na Ballstáit córas tiomnaithe dreasachtaí a*** |

***chur chun feidhme chun astaíochtaí meatáin a laghdú, féadfaidh siad táillí, muirir nó pionóis dá dtagraítear in Airteagal 30 a úsáid mar ionstraim chun a ráthú go gcomhlíonfaidh oibreoirí mianach atá ann cheana na hoibleagáidí i míreanna (1) agus (2) den Airteagal seo.***

**Leasú 186**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ón ***[1 Eanáir 2025], cuirfidh*** oibreoirí stáisiúin draenála na húdaráis inniúla ***ar an eolas faoi*** gach imeacht scaoilte agus bladhmtha***:*** | Ón ***1 Eanáir 2025, tabharfaidh*** oibreoirí stáisiúin draenála ***fógra do*** na húdaráis inniúla ***maidir le*** gach imeacht scaoilte agus bladhmtha ***lena mbaineann éifeachtúlacht dheartha scriosta agus bainte faoi 99 %.*** |

**Leasú 187**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1 – fomhír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) arb é éigeandáil ***nó mífheidhm*** is cúis ***leo;*** | (a) arb é éigeandáil is cúis ***leis,*** |

**Leasú 188**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tá feidhm ag an Roinn seo maidir leis na hastaíochtaí meatáin a leanas ó mhianaigh ghuail thréigthe agus dhúnta faoi thalamh inar scoireadh de tháirgeadh guail: | Tá feidhm ag an Roinn seo maidir leis na hastaíochtaí meatáin a leanas ó mhianaigh ghuail thréigthe agus dhúnta faoi thalamh inar scoireadh de tháirgeadh guail: |

**Leasú 189**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Faoi ... [12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] déanfaidh na Ballstáit fardal na mianach guail ***dúnta*** go léir agus na mianach guail tréigthe go léir ina gcríoch nó faoina ndlínse a bhunú agus a chur ar fáil go poiblí, i gcomhréir leis an modheolaíocht agus lena n-áirítear na heilimintí a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn VII ar a laghad. | 1. Faoi ... [12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] déanfaidh na Ballstáit fardal na mianach guail ***faoi thalamh*** go léir agus na mianach guail tréigthe go léir ina gcríoch nó faoina ndlínse a bhunú agus a chur ar fáil go poiblí, i gcomhréir leis an modheolaíocht agus lena n-áirítear na heilimintí a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn VII ar a laghad. |

**Leasú 190**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Agus mianaigh dúnta agus mianaigh tréigthe á sainaithint acu, déanfaidh na Ballstáit measúnú stóinsithe agus oibiachtúil bunaithe ar na torthaí eolaíocha is déanaí, lena n-áirítear sonraí ó IMEO nuair atá siad ar fáil;*** |

**Leasú 191**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 2 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Déanfar tiúchain meatáin ó gach eilimint a liostaítear i gcuid 1(vi) d'Iarscríbhinn VII a suíodh go raibh meatán á astú acu a thomhas i gcomhréir leis na caighdeáin eolaíocha iomchuí agus ar bhonn uaire ar a laghad.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 192**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 2 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ó ***… [18 mí*** ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], suiteálfar trealamh tomhais le haghaidh gach eiliminte a liostaítear i bpointe (v) de Chuid 1 d'Iarscríbhinn VII maidir le mianaigh ghuail dhúnta agus mianaigh ghuail thréigthe ***inar cuireadh deireadh le hoibríochtaí ó … [50 bliain roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]***. | Ó***... [18 mí*** ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], suiteálfar trealamh tomhais le haghaidh gach eiliminte a liostaítear i bpointe (v) de Chuid 1 d'Iarscríbhinn VII ***a suíodh go n-astaíonn siad os cionn 0,5 tona meatáin in aghaidh na bliana bunaithe ar an bhfardal dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo*** maidir le mianaigh ghuail dhúnta agus mianaigh ghuail thréigthe. |

**Leasú 193**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 2 – fomhír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Leis an trealamh, déanfar tomhas nó cainníochtú díreach ar an leibhéal foinse i gcomhréir leis na caighdeáin eolaíocha iomchuí agus, más féidir, gach uair an chloig, agus ar cháilíocht leordhóthanach ionas gur féidir meastachán ionadaíoch a dhéanamh ar na hastaíochtaí bliantúla meatáin ó na heilimintí uile a liostaítear i gcuid 1, pointe (v) d'Iarscríbhinn VII a suíodh go raibh meatán á astú acu.*** |

**Leasú 194**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 2 – fomhír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Beidh teorainn íogaireachta 10 000 páirt in aghaidh an mhilliúin ar a laghad ag an trealamh tomhais a úsáidtear chun na*** | ***scriosta*** |

***tomhais dá dtagraítear i mír 2 a dhéanamh.***

**Leasú 195**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Má thugtar faoi deara go bhfuil an scaoileadh bliantúil meatáin a thagann ó eilimint a liostaítear i gcuid 1, pointe (v) d'Iarscríbhinn VII faoi bhun 1 thonna meatáin ar feadh 6 bliana as a chéile i gcás mianach faoi uisce nó 12 bhliain as a chéile i gcás mianach tirim, ní dhéanfar tuilleadh faireacháin ná tuairiscithe ar an eilimint áirithe sin.*** |

**Leasú 196**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Beidh oibreoirí mianaigh freagrach as na ceanglais dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3 a mhéid a bhaineann le mianaigh dhúnta. Beidh na Ballstáit freagrach as na ceanglais dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3 a mhéid a bhaineann le mianaigh thréigthe. | 4. Beidh oibreoirí mianaigh***, oibreoirí sócmhainní nó na Ballstáit*** freagrach as na ceanglais dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3 a mhéid a bhaineann le mianaigh dhúnta. Beidh na Ballstáit freagrach as na ceanglais dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3 a mhéid a bhaineann le mianaigh thréigthe. |

**Leasú 197**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ar bhonn an fhardail dá dtagraítear in Airteagal 25, déanfaidh na Ballstáit plean maolaithe a fhorbairt agus a chur chun | Ar bhonn an fhardail dá dtagraítear in Airteagal 25, déanfaidh na Ballstáit plean maolaithe a fhorbairt agus a chur chun |

| | |
|---|---|
| feidhme chun dul i ngleic le hastaíochtaí meatáin ó mhianaigh ghuail thréigthe. | feidhme chun dul i ngleic le hastaíochtaí meatáin ó mhianaigh ghuail ***dhúnta agus*** thréigthe ***faoi thalamh***. |

**Leasú 198**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Cuirfear an plean maolaithe faoi bhráid na n-údarás inniúil faoi … ***[36 mhí*** ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] agus ***áiritheofar*** ann na heilimintí a leagtar amach i gCuid 4 d'Iarscríbhinn VII ar a laghad. | Cuirfear an plean maolaithe faoi bhráid na n-údarás inniúil faoi … ***[18 mhí*** ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] agus ***áireofar*** ann na heilimintí a leagtar amach i gCuid 4 d'Iarscríbhinn VII ar a laghad. ***Déanfaidh na Ballstáit é a chur chun feidhme faoi ... [2 bhliain ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].*** |

**Leasú 199**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Cuirfear toirmeasc ar scaoileadh agus bladhmadh ón trealamh dá dtagraítear in Airteagal 25(2) ón 1 Eanáir 2030, seachas i gcás nach bhfuil sé indéanta go teicniúil iad a úsáid nó a mhaolú nó ina bhfuil riosca go gcuirfear sábháilteacht ***na n-oibríochtaí*** nó an ***phearsanra*** i mbaol leo. I gcás den sórt sin, mar chuid de na hoibleagáidí tuairiscithe a leagtar amach in Airteagal 25, léireoidh oibreoirí mianaigh nó na Ballstáit an gá le scaoileadh nó bladhmadh a roghnú in ionad úsáide nó maolú. | 2. Cuirfear toirmeasc ar scaoileadh agus bladhmadh ón trealamh dá dtagraítear in Airteagal 25(2) ón 1 Eanáir 2030, seachas i gcás nach bhfuil sé indéanta go teicniúil iad a úsáid nó a mhaolú nó ina bhfuil riosca go gcuirfear sábháilteacht ***comhshaoil,*** nó ***sábháilteacht daoine, lena n-áirítear sábháilteacht*** an ***phearsanra, nó an tsláinte phoiblí*** i mbaol leo. I gcás den sórt sin, mar chuid de na hoibleagáidí tuairiscithe a leagtar amach in Airteagal 25, léireoidh oibreoirí mianaigh nó na Ballstáit an gá le scaoileadh nó bladhmadh a roghnú in ionad úsáide nó maolú. |

**Leasú 200**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Maidir le mianaigh ghuail dhúnta:*** |
| | ***(a) beifear in ann meatán a ghabháil trí dhíghású;*** |
| | ***(b) féadfar leanúint de bheith ag oibriú gairis dhíghásaithe a bhaineann le sábháilteacht, e.g. cochaill aerála (Protegohaube);*** |
| | ***(c) ní dhéanfaidh raon feidhme chur i bhfeidhm an Rialacháin seo difear d'úsáid gáis mhianaigh mar acmhainn fuinnimh;*** |
| | ***(d) ceadófar faoin Rialachán seo uisce mianaigh a ghaibhniú chun astaíochtaí meatáin a laghdú.*** |

**Leasú 201**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha*** tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 31 chun an Rialachán sin a fhorlíonadh trí leasú a dhéanamh ar an bhfaisnéis atá le soláthar ag allmhaireoirí nó trí chur leis. | ***Déanfaidh an Coimisiún gníomh*** tarmligthe a ghlacadh ***faoin 31 Nollaig 2025*** i gcomhréir le hAirteagal 31 chun an Rialachán sin a fhorlíonadh trí leasú a dhéanamh ar an bhfaisnéis atá le soláthar ag allmhaireoirí nó trí chur leis. |

**Leasú 202**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Amhail ón 1 Eanáir 2026, léireoidh allmhaireoirí guail, ola agus gáis go gcomhlíonann onnmhaireoirí guail, ola agus gáis isteach san Aontas na*** |

***ceanglais maidir le tomhas, faireachán, tuairisciú agus fíorú, brath agus deisiú sceite, agus scaoileadh agus bladhmadh a bhunaítear i gCaibidlí 3 agus 4 den Rialachán seo nó go gcomhlíonann siad ar shlí eile na ceanglais maidir le maoluithe a leagtar amach i mír 2b den Airteagal seo.***

**Leasú 203**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 2 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2b. Beidh allmhaireoirí a léiríonn cur chun feidhme beart a mheastar a bheith inchomparáide ó thaobh éifeachtachta de nó a thugann ráthaíochtaí tionscnaimh ó thíortha a mheastar coibhéis rialála a bheith acu faoi réir maolú ar mhír 2a, i gcomhréir le mír 2c.*** |

**Leasú 204**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 2 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2c. I gcás ina n-éilíonn allmhaireoirí maolú dá bhforáiltear i mír 2b, tabharfaidh siad fógra don Choimisiún agus soláthróidh siad an fhaisnéis uile is gá. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar infheidhmeacht maolaithe agus an méid seo a leanas á chur san áireamh:***<br>***(a) éifeachtacht na mbeart nó na gceanglas rialála i gcomparáid leis na bearta nó na ceanglais sin is infheidhme laistigh den Aontas;***<br>***(b) cruinneas na sonraí arna soláthar ag allmhaireoirí; agus***<br>***(c) pionóis as neamhchomhlíonadh*** |

| | |
|---|---|
| | ***agus éifeachtacht an fhorfheidhmithe sna dlínsí ábhartha ina n-iarrtar coibhéis rialála.*** |

**Leasú 205**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 2 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2d. Glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe faoin 31 Nollaig 2025 i gcomhréir le hAirteagal 31 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh leis na módúlachtaí agus leis na nósanna imeachta d'allmhaireoirí a mhaíonn maolú faoi mhír 2c, agus leis na ceanglais shonracha maidir le coibhéis éifeachtachta agus rialála a léiriú, lena n-áirítear an ról is gá a bheith ag IMEO chun an rialú cáilíochta dá dtagraítear i mír 2b a áirithiú.*** |

**Leasú 206**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 2 e (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2e. Allmhaireoirí a chuireann gual, ola agus gás ar an margadh, áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonfaidh siad an tAirteagal seo laistigh dá gcríoch. Leagfaidh na Ballstáit amach pionóis chomhleanúnacha le haghaidh sáruithe, lena n-áirítear an t-údarú chun ola, gás agus gual a chur ar an margadh dá dtagraítear in Airteagal 30 a chur ar fionraí, agus aird á tabhairt ar an ngá atá le sáruithe a dhíspreagadh go héifeachtach.*** |

**Leasú 207**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 2 f (nua))**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2f. I gcás nach gcuireann allmhaireoirí an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1, i mír 2a agus i mír 2b ar fáil, ach gur féidir leo a léiriú d'údaráis inniúla an Bhallstáit allmhairithe go ndearnadh gach iarracht réasúnta chun an fhaisnéis sin a fháil, féadfaidh na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar phionóis a laghdú nó gan pionóis a fhorchur ar allmhaireoirí dá dtagraítear i mír 2e.*** |

**Leasú 208**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 3 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Faoin 31 Nollaig 2025, nó níos luaithe ná sin má mheasann an Coimisiún go bhfuil fianaise leordhóthanach ar fáil, ***déanfaidh*** an Coimisiún ***scrúdú*** ar chur i ***bhfeidhm an Airteagail sin, agus an méid a leanas go háirithe a mheas:*** | Faoin 31 Nollaig 2025, nó níos luaithe ná sin má mheasann an Coimisiún go bhfuil fianaise leordhóthanach ar fáil, ***molfaidh*** an Coimisiún ***leasuithe*** ar ***an Rialachán seo chun na ceanglais is infheidhme i leith allmhaireoirí a neartú d'fhonn caighdeáin feidhmíochta réamhtheachtacha a*** chur ***chun feidhme maidir le hastaíochtaí meatáin ar gach allmhairiú gáis iontaise agus ola atá coibhéiseach le déine na n-astaíochtaí meatáin dá dtagraítear in Airteagal 13 agus caighdeán comhchuimseach*** i ***gcás allmhairí guail.*** |

**Leasú 209**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 3 – fomhír 1 – pointe a**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| ***(a) tuairisciú na sonraí maidir le hastaíochtaí meatáin atá ar fáil a bailíodh i gcomhthéacs na huirlise faireacháin meatáin domhanda dá dtagraítear in Airteagal 29;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 210**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 3 – fomhír 1 – pointe b**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| ***(b) anailís arna déanamh ag IMEO ar shonraí maidir le hastaíochtaí meatáin;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 211**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 3 – fomhír 1 – pointe c**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| ***(c) faisnéis maidir le bearta faireacháin, tuairiscithe, fíoraithe agus maolaithe oibreoirí atá lonnaithe lasmuigh den Aontas agus a n-allmhairítear fuinneamh isteach san Aontas uathu; agus*** | ***scriosta*** |

**Leasú 212**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 3 – fomhír 1 – pointe d**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| (d) ***slándáil an tsoláthair*** agus ***impleachtaí na cothroime*** iomaíochta i gcás oibleagáidí breise ***féideartha***, lena n-áirítear bearta ***sainordaitheacha*** amhail caighdeáin nó spriocanna ***astaíochta*** | (d) Agus ***leasuithe ar an Rialachán seo dá dtagraítear sa chéad fhomhír á moladh ag an gCoimisiún, déanfaidh sé measúnú go háirithe ar na himpleachtaí don aeráid, do shlándáil soláthair an*** |

meatáin, agus ***na hearnálacha ola, gáis agus guail*** a chur san áireamh ar leithligh.

***Aontais agus don chothroime*** iomaíochta i gcás oibleagáidí breise ***a d'fhéadfadh a bheith ann***, lena n-áirítear bearta ***éigeantacha*** amhail caighdeáin nó spriocanna ***maidir le hastaíochtaí*** meatáin***. Féadfaidh an Coimisiún earnálacha na hola***, ***an gháis*** agus ***an ghuail*** a chur san áireamh ar leithligh ***freisin***.

**Leasú 213**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 3 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás inarb iomchuí agus bunaithe ar an bhfianaise is gá chun ***comhlíontacht fhoriomlán*** oibleagáidí idirnáisiúnta infheidhme an Aontais a ***áirithiú***, molfaidh an Coimisiún leasuithe ar an ***Rialachán*** seo chun na ceanglais is infheidhme maidir le hallmhaireoirí a neartú ***d'fhonn leibhéal inchomparáide éifeachtachta a áirithiú i ndáil le hastaíochtaí meatáin in earnáil an fhuinnimh a thomhas, a thuairisciú, a fhíorú agus a mhaolú***. | I gcás inarb iomchuí agus bunaithe ar an bhfianaise is gá chun ***a áirithiú go gcomhlíonfar go hiomlán*** oibleagáidí idirnáisiúnta infheidhme an Aontais ***araon, lena n-áirítear*** a ***sprioc fhadtéarmach teochta a leagtar amach in Airteagal 2(1)***, ***pointe (a) de Chomhaontú Pháras,*** molfaidh an Coimisiún leasuithe ar an ***Airteagal*** seo ***i gcomhréir le hAirteagal 33*** chun na ceanglais is infheidhme maidir le hallmhaireoirí a neartú. |

**Leasú 214**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. ***Faoi*** ... [18 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin] ***bunóidh*** an Coimisiún bunachar sonraí trédhearcachta meatáin ina ***bhfuil faisnéis*** a cuireadh faoina bhráid de bhun Airteagal 27 agus Airteagail 12(11), 16(3), 18(4), 20(7), 23(2) agus 25(5) ***agus coinneoidh sé ar bun é***. | 1. ***Faoin*** ... [18 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin] ***déanfaidh*** an Coimisiún bunachar sonraí trédhearcachta meatáin ***a bhunú agus a choinneáil ar bun, arna eagrú de réir tíre, cuideachta, agus cainníochtaí gáis, guail agus ola a allmhairítear,*** ina ***mbeidh an fhaisnéis*** a cuireadh faoina bhráid de bhun Airteagal 27 agus Airteagail 12(11), 16(3), 18(4), 20(7), 23(2) agus 25(5). |

**Leasú 215**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 2 – pointe b – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) cibé acu atá nó nach bhfuil bearta rialála ***sainordaitheacha*** i bhfeidhm aici maidir le hastaíochtaí meatáin in earnáil an fhuinnimh, lena gcumhdaítear na heilimintí a leagtar amach sa Rialachán seo maidir le hastaíochtaí meatáin san earnáil fuinnimh a thomhas, a thuairisciú, a fhíorú agus a mhaolú; | (i) cibé acu atá nó nach bhfuil bearta rialála ***éigeantacha*** i bhfeidhm aici maidir le hastaíochtaí meatáin in earnáil an fhuinnimh, lena gcumhdaítear na heilimintí a leagtar amach sa Rialachán seo maidir le hastaíochtaí meatáin san earnáil fuinnimh a thomhas, a thuairisciú, a fhíorú agus a mhaolú ***agus cibé an leor na bearta sin***; |

**Leasú 216**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 2 – pointe b – pointe ii a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(iia) cibé an bhfuil an Gealltanas Domhanda maidir le Meatáin sínithe aici;*** |

**Leasú 217**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Leis an uirlis, cuirfear bonn eolais faoi idirphlé déthaobhach an Choimisiúin ***i ndáil*** le beartais agus bearta ***i leith*** astaíochtaí meatáin ***a dhéanamh***. I gcás ina sainaithnítear leis an uirlis ***foinse mhór astaíochta*** nua, ***cuirfidh*** an Coimisiún ***an*** tír ábhartha ***ar an eolas fúithi*** d'fhonn feasacht ***agus gníomhaíochtaí feabhais*** a chur chun cinn. | 2. Leis an uirlis, cuirfear bonn eolais faoi idirphlé déthaobhach an Choimisiúin ***maidir*** le beartais agus bearta astaíochtaí meatáin. I gcás ina sainaithnítear leis an uirlis ***mórfhoinse*** nua ***astaíochtaí***, ***tabharfaidh*** an Coimisiún ***foláireamh don*** tír ábhartha d'fhonn feasacht a chur chun cinn ***agus, más gá, cuirfidh sé tacaíocht theicniúil ar fáil chun gníomhaíochtaí meara feabhais a áirithiú***. |

**Leasú 218**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme ***maidir le*** sáruithe ar fhorálacha an Rialacháin seo a leagan síos agus glacfaidh siad gach beart is gá ***lena*** áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. | 1. Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme ***i leith*** sáruithe ar fhorálacha an Rialacháin seo a leagan síos agus glacfaidh siad gach beart is gá ***chun a*** áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad***, lena n-áirítear an prionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as***. |

**Leasú 219**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – mír 2 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ní mór na pionóis dá bhforáiltear a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach agus ***féadfar go n-áiritheofar*** an méid a leanas leo: | Ní mór na pionóis dá bhforáiltear a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach agus ***áiritheofar*** an méid a leanas leo: |

**Leasú 220**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – mír 2 – fomhír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) fíneálacha atá ar comhréir leis an damáiste comhshaoil, agus leibhéal na bhfíneálacha sin á ríomh ar bhealach lena gcinnteofar go mbainfear go héifeachtach díobh siúd atá freagrach as na sáruithe a dhéanamh ***na*** tairbhí ***eacnamaíocha a dhíorthaíonn siad uathu*** agus leibhéal na bhfíneálacha sin á mhéadú de réir a chéile as sáruithe tromchúiseacha leantacha; | (a) fíneálacha atá ar comhréir leis an damáiste comhshaoil, ***an tionchar ar shábháilteacht*** agus ***ar an tsláinte, agus*** leibhéal na bhfíneálacha sin á ríomh ar bhealach lena gcinnteofar go mbainfear ***na tairbhí eacnamaíocha*** go héifeachtach díobh siúd atá freagrach as na sáruithe a dhéanamh***, ar*** tairbhí ***iad a dhíorthaítear óna gcuid sáruithe*** agus leibhéal na bhfíneálacha sin á mhéadú de réir a chéile as sáruithe tromchúiseacha leantacha ***nó*** |

***iomadúla***;

**Leasú 221**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – mír 2 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Sa bhreis ar na pionóis a leagtar síos i bpointe (a) agus i bpointe (b) den mhír seo, déanfaidh na Ballstáit a mbreithniú i dtaobh an údaraithe chun ola, gás nó gual a chur ar an margadh a fhionraí i gcás sáruithe tromchúiseacha nó sáruithe a dhéantar arís agus arís eile ar an Rialachán seo agus slándáil an tsoláthair fuinnimh á cur san áireamh acu.*** |

**Leasú 222**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – mír 3 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) níl tuarascáil ar astaíochtaí meatáin i gcomhréir le hAirteagal 12 curtha isteach ag an oibreoir nó gnóthas;*** |

**Leasú 223**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – mír 3 – pointe a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(la) mainneachtain allmhaireoirí, a mhéid a cheanglaítear orthu de bhun Airteagal 27, a léiriú go bhfuil na ceanglais maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú, maidir le sceitheadh a bhrath agus a dheisiú, agus maidir le gnáth-aeráil agus bladhmadh, comhlíonta ag onnmhaireoirí guail, ola agus gáis , i*** |

***gcomhréir le hAirteagal 27;***

**Leasú 224**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – mír 3 – pointe l b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(lb) mainneachtain allmhaireoirí, a mhéid a cheanglaítear orthu de bhun Airteagal 27, an fhaisnéis is gá a sholáthar i gcomhréir le measúnú neamhspleách ar chomhlíonadh arna dhéanamh ag comhlacht fíorúcháin.*** |

**Leasú 225**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. I gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 15(7), déanfaidh na Ballstáit breithniú ar phionóis a laghdú nó gan pionóis a fhorchur ar oibreoirí don tréimhse cur chun feidhme a mheasann na húdaráis náisiúnta a bheith riachtanach.*** |

**Leasú 226**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – mír 3 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3b. Ní bheidh feidhm ag mír 3, pointí (l), (la), (lb) i leith allmhaireoirí i gcás ina mainníonn allmhaireoirí an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII a sholáthar, agus inar féidir leo a léiriú d'údaráis inniúla na mBallstát*** |

***allmhairiúcháin go bhfuil gach iarracht réasúnta déanta chun an fhaisnéis sin a fháil.***

**Leasú 227**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Foilseoidh na Ballstáit go bliantúil faisnéis maidir le cineál agus méid na bpionós a ***forchuireadh*** faoin Rialachán seo, ***agus maidir leis*** na sáruithe agus na hoibreoirí ar a ***bhforchuireadh*** pionóis. | 5. Foilseoidh na Ballstáit go bliantúil faisnéis maidir le cineál agus méid na bpionós a ***fhorchuirtear*** faoin Rialachán seo ***agus i gcomhréir leis na pionóis a leagtar amach sa [Cosaint leasaithe ar an gcomhshaol tríd an dlí coiriúil]***, na sáruithe agus na hoibreoirí ar a ***bhfuil na*** pionóis ***forchurtha***. |

**Leasú 228**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfar ***an chumhacht*** chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in ***Airteagail 8***(5), ***22(3) agus 27(1)*** a thabhairt don Choimisiún ***go ceann*** tréimhse ***neamhchinntithe ama ó … [dháta*** theacht i bhfeidhm an ***Rialacháin]***. | 2. Déanfar ***na cumhachtaí*** chun ***na*** gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in ***Airteagal 8***(5), ***[...]*** a thabhairt don Choimisiún ***ar feadh*** tréimhse ***5 bliana ó dháta*** theacht i bhfeidhm an ***Rialacháin seo***. |

**Leasú 229**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 8(5), ***22(3) agus 27(1)*** i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag | 6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 8(5), ***[...]*** i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa |

Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú ***2 mhí*** ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú ***2 mhí*** ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

**Leasú 230**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 32 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh Coiste an ***Aontais*** Fuinnimh, a bunaíodh le hAirteagal 44 de Rialachán (AE) 2018/1999, cúnamh a thabhairt don Choimisiún. | 1. Déanfaidh ***an*** Coiste ***um Athrú Aeráide agus*** an ***Coiste maidir leis an Aontas*** Fuinnimh, a bunaíodh le hAirteagal 44 de Rialachán (AE) 2018/1999, cúnamh a thabhairt don Choimisiún. |

**Leasú 231**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 33 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. ***Cuirfidh*** an Coimisiún ***tuarascáil ar mheastóireacht an Rialacháin seo faoi bhráid*** Pharlaimint na hEorpa agus ***na Comhairle gach 5 bliana agus cuirfidh sé*** tograí reachtacha ***isteach, más*** iomchuí***, chun an Rialachán seo a leasú***. Cuirfear na tuarascálacha ar fáil go poiblí. | 1. ***Faoin 1 Eanáir 2027 agus gach 4 bliana ina dhiaidh sin, tuairisceoidh*** an Coimisiún ***do*** Pharlaimint na hEorpa agus ***don Chomhairle maidir leis an meastóireacht a dhéantar ar an Rialacháin seo. Féadfaidh*** tograí reachtacha ***a bheith ag gabháil leis na tuarascálacha ón gCoimisiún de réir mar is*** iomchuí. Cuirfear na tuarascálacha ar fáil go poiblí. |

**Leasú 232**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 34 – mír 1**
**Rialachán (AE) 2019/942**
**Airteagal 15 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Gach 3 bliana, ***bunóidh*** ACER tacar táscairí agus luachanna tagartha comhfhreagracha a bhunú agus a chur ar fáil go poiblí ***le*** comparáid a dhéanamh idir na costais aonaid infheistíochta a bhaineann le hastaíochtaí meatáin a thomhas, a thuairisciú agus a laghdú ***le haghaidh*** tionscadail inchomparáide. Eiseoidh sí moltaí maidir le táscairí agus luachanna tagartha le haghaidh costais aonaid infheistíochta chun na hoibleagáidí faoin [Rialachán seo] a chomhlíonadh de bhun Airteagal 3 den [Rialachán seo]***'***. | 5. Gach 3 bliana, ***déanfaidh*** ACER tacar táscairí agus luachanna tagartha comhfhreagracha a bhunú agus a chur ar fáil go poiblí ***chun*** comparáid a dhéanamh idir na costais aonaid infheistíochta a bhaineann le hastaíochtaí meatáin a thomhas, a ***fhaire, a*** thuairisciú***, a fhíorú*** agus a laghdú***, lena n-áirítear scaoileadh agus bladhmadh i gcás*** tionscadail inchomparáide. Eiseoidh sí moltaí maidir le táscairí agus luachanna tagartha le haghaidh costais aonaid infheistíochta chun na hoibleagáidí faoin [Rialachán seo] a chomhlíonadh de bhun Airteagal 3 den [Rialachán seo]. |

**Leasú 233**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VI – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | | |
|---|---|---|
| Sceidil braite, deisiúcháin agus faireacháin sceite | | |
| *Leasú* | | |
| **Cuid 1 Suirbhéanna** *braite* **agus** *deisithe sceite* | | |
| ***D'ainneoin na suirbhéanna braite agus deisithe sceite mar a leagtar amach in Airteagal 14.2 (c), i gcás gach comhpháirte faoi thalamh a liostaítear san Iarscríbhinn seo, ní mór suirbhéanna braite agus deisithe sceite a dhéanamh de réir na minicíochtaí íosta seo a leanas:*** | | |
| ***Sócmhainn*** | ***Ábhar*** | ***Minicíocht*** |
| ***[...]*** | ***[...]*** | ***[...]*** |
| | | |

| | | |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

**Leasú 234**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – fo-cheannteideal 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuid 2 Sceidil deisithe agus monatóireachta*** |

**Leasú 235**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – mír 2 – pointe iii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iii) ***Maidir le*** comhpháirteanna a shuitear go bhfuil ***500 páirt in aghaidh an mhilliúin meatáin nó níos mó á n-astú*** acu***, tásc ar cibé acu*** a rinneadh nó nach ndearnadh ***deisiúchán*** le linn ***shuirbhé*** LDAR agus ***sa chás nach*** ndearnadh, ***an chúis a bhí leis sin***, agus na ceanglais ***á gcur san áireamh a mhéid a bhaineann siad*** leis na heilimintí is féidir a chur san áireamh ***le haghaidh*** deisiúchán moillithe, de réir ***mhír 4 d'***Airteagal 14. | (iii) ***I gcás*** comhpháirteanna a shuitear go bhfuil ***siad ag astú, léiriú ar cé*** acu a rinneadh nó nach ndearnadh ***deisiú*** le linn ***an tsuirbhé*** LDAR agus***, mura*** ndearnadh, ***cén fáth***, agus na ceanglais ***maidir*** leis na heilimintí is féidir a chur san áireamh ***i gcás*** deisiúchán moillithe ***á gcur san áireamh***, de réir Airteagal 14***, mír 4***. |

**Leasú 236**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – mír 2 – pointe iv**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iv) I gcás comhpháirteanna a shuitear go bhfuil ***500 páirt in aghaidh an mhilliúin meatáin nó níos mó á n-astú acu***, sceideal beartaithe deisiúcháin ina ***bhfuil tásc ar*** an dáta deisiúcháin beartaithe, | (iv) I gcás comhpháirteanna a shuitear go bhfuil ***siad ag astú***, sceideal beartaithe deisiúcháin ina ***léirítear*** an dáta deisiúcháin ***atá*** beartaithe, |

**Leasú 237**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – mír 2 – pointe iv**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(v) Maidir le comhpháirteanna a suiteadh i suirbhé LDAR roimhe go raibh níos lú ná 500 páirt in aghaidh an mhilliúin meatáin á n-astú acu, ach a shuitear go bhfuil 500 páirt in aghaidh an mhilliúin meatáin nó níos mó á n-astú acu le linn fhaireachán iar-LDAR chun a sheiceáil ar tháinig forbairt ar mhéid an chaillteanais meatáin, tásc ar cibé acu a rinneadh nó nach ndearnadh deisiúchán láithreach agus sa chás nach ndearnadh an chúis a bhí leis sin (de réir iii) agus sceideal beartaithe deisiúcháin ina bhfuil tásc ar an dáta deisiúcháin beartaithe.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 238**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – mír 5 – pointe iii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iii) I gcás comhpháirteanna a shuitear go bhfuil ***500 páirt in aghaidh an mhilliúin meatáin nó níos mó á n-astú acu***, torthaí faireacháin arna dhéanamh i ndiaidh an deisiúcháin le seiceáil ar éirigh leis an deisiúchán | (iii) I gcás comhpháirteanna a shuitear go bhfuil ***siad ag astú***, torthaí faireacháin arna dhéanamh i ndiaidh an deisiúcháin le seiceáil ar éirigh leis an deisiúchán |

**Leasú 239**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – mír 5 – pointe iv**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(iv) Maidir le comhpháirteanna a shuitear go bhfuil níos lú ná 500 páirt in aghaidh an mhilliúin meatáin á n-astú acu, torthaí faireacháin iar-LDAR le seiceáil cibé acu a tháinig nó nár tháinig forbairt ar mhéid an chaillteanais meatáin agus moladh ar bhonn an toraidh.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 240**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) ainm agus cineál na sócmhainne; | (ii) ***suíomh,*** ainm agus cineál na sócmhainne; |

**Leasú 241**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe iv**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (v) méid tomhaiste ***nó méid measta an gháis nádúrtha*** arna scaoileadh nó arna bhladhmadh; | (v) méid tomhaiste ***an mheatáin*** arna scaoileadh nó arna bhladhmadh; |

**Leasú 242**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe v a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(va) an éifeachtúlacht bladhmtha agus*** |

| | |
|---|---|
| | ***an cineál bladhma a úsáidtear*** |

**Leasú 243**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe ix**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ix) torthaí ***cigireachtaí*** seachtainiúla ar shimléair bhladhaire arna ndéanamh i gcomhréir le hAirteagal 17 | (ix) torthaí ***na gcigireachtaí*** seachtainiúla ***agus an fhaireacháin leanúnaigh*** ar shimléair bhladhaire arna ndéanamh i gcomhréir le hAirteagal 17 |

**Leasú 244**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn IV – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| De bhun Airteagal 18, ***is gá*** an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad a ***bheith san*** áireamh i ***bhfardal toibreacha*** neamhghníomhacha: | De bhun Airteagal 18, ***ní mór*** an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad a áireamh i ***bhfardail ar thoibreacha*** neamhghníomhacha ***agus ar thoibreacha atá líonta agus tréigthe go buan***: |

**Leasú 245**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn IV – mír 1 – pointe ii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) ainm, cineál agus seoladh an tobair nó láithreán an tobair; | (ii) ainm, cineál agus seoladh an tobair nó láithreán an tobair***, ag sonrú cé acu tobar neamhghníomhach nó tobar atá líonta agus tréigthe go buan atá ann***; |

**Leasú 246**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn IV – mír 1 – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iv) torthaí ar thomhais ***ar bith ar thiúchain*** meatáin. | (iv) torthaí ar thomhais ***na n-astaíochtaí*** meatáin ***san aer agus san uisce***. |

**Leasú 247**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn IV – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. De bhun Airteagal 18, maidir le toibreacha atá líonta agus tréigthe go buan, ní mór na nithe seo a leanas a áireamh sna fardail freisin:*** |
| | ***(i) na tomhais dheireanacha is eol ar astaíochtaí meatáin san aer agus san uisce, más ann dóibh;*** |
| | ***(ii) faisnéis lena léirítear gur dheimhnigh an t-údarás inniúil ábhartha go gcomhlíonann an tobar nó láithreán an tobair atá i gceist na critéir a leagtar amach in Airteagal 2(24a);*** |
| | ***(iii) doiciméadacht leordhóthanach chun a léiriú nach raibh aon astaíochtaí meatáin ón tobar nó ó láithreán an tobair sin le 5 bliana anuas ar a laghad.*** |

**Leasú 248**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn IV – pointe 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1b. De bhun Airteagal 18, is gá an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad a bheith san áireamh i bpleananna maolaithe:*** |
| | ***(i) an sceideal chun aghaidh a thabhairt ar gach tobar neamhghníomhach, lena n-áirítear na*** |

| | |
|---|---|
| | ***gníomhaíochtaí atá le déanamh;*** |
| | ***(ii) ainm agus seoladh oibreoir, úinéir nó cheadúnaí an tobair neamhghníomhaigh, i gcás inarb infheidhme;*** |
| | ***(iii) an dáta deiridh réamh-mheasta maidir le feabhsúchán, athshlánú nó líonadh uile na dtoibreacha neamhghníomhacha.*** |

**Leasú 249**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VI – mír 1 – pointe iii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iii) cúis an imeachta scaoilte agus/nó an imeachta bladhmtha; | (iii) cúis an imeachta scaoilte agus/nó an imeachta bladhmtha; ***an bonn cirt atá le scaoileadh a úsáid in ionad bladhmadh, más infheidhme;*** |

**Leasú 250**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VI – mír 1 – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iv) tonnáiste an mheatáin arna scaoileadh agus arna bhladhmadh (nó meastachán mura bhfuil cainníochtú indéanta). | (iv) tonnáiste an mheatáin arna scaoileadh agus arna bhladhmadh (nó meastachán mura bhfuil cainníochtú ***nó tomhas*** indéanta). |

**Leasú 251**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VII – pointe 1 – mír 1 – pointe v – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (v) torthaí ar ***thomhas tiúchain meatáin i leith na ngnéithe*** seo a leanas: | (v) torthaí ***tomhais dhírigh nó cainníochtaithe dhírigh*** ar ***leibhéal na foinse ag na bponcfhoinsí astaíochtaí*** seo |

a leanas:

**Leasú 252**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VII – Cuid 1 – mír 1 – pointe v – pointe 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2) ***píopaí scaoilte*** neamhúsáidte | 2) ***píobáin aerála*** neamhúsáidte***, mura bhfuil siad mar chuid den bhonneagar sábháilteachta*** |

**Leasú 253**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VII – Cuid 1 – mír 1 – pointe v – pointe 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***4) lomáin;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 254**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VII – Cuid 1 – mír 1 – pointe v – pointe 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***5) bristeacha strataim in-sainaitheanta i gcríoch an mhianaigh nó nasctha lena iar-spruadar guail;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 255**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VII – Cuid 2 – mír 1 – pointe ii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) ***chun*** tomhais a dhéanamh***, ní mór gaireas*** a ***úsáid ag a*** bhfuil ***teorainn íogaireachta 10 000 páirt*** in aghaidh ***an mhilliúin ag an bhfad is gaire is féidir*** | (ii) ***ní mór*** tomhais a dhéanamh ***trí úsáid*** a ***bhaint as trealamh a*** bhfuil ***cruinneas tomhais astaíochtaí meatáin aige arb ionann é agus 0,5 tona ar a*** |

| | |
|---|---|
| ***don fhoinse astaíochtaí ata á tomhas*.** | ***laghad*** in aghaidh ***na bliana***. |

**Leasú 256**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VII – Cuid 3 – mír 1 – pointe iii – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iii) astaíochtaí meatáin ó na ***heilimintí*** uile a leagtar amach ***in Airteagal 25(3)*** lena n-áirítear: | (iii) astaíochtaí meatáin ó na ***poncfhoinsí astaíochta*** uile a leagtar amach ***i gCuid 1*** lena n-áirítear: |

**Leasú 257**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VII – Cuid 3 – mír 1 – pointe iii – pointe 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1) cineál ***na heiliminte*** | 1) ***an*** cineál ***poncfhoinse astaíochta*** |

**Leasú 258**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VII – Cuid 3 – mír 1 – pointe iii – pointe 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5) meastacháin ar astaíochtaí meatáin ***ón eilimint*** | 5) meastacháin ar astaíochtaí meatáin ***na poncfhoinse astaíochta*** |

**Leasú 259**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VII – Cuid 4 – mír 1 – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) liosta na ***n-eilimintí*** uile a ***chumhdaítear in Airteagal 25(3)***; | (i) liosta ***de*** na ***poncfhoinsí astaíochta*** uile a ***leagtar amach i gCuid 1***; |

**Leasú 260**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VII – Cuid 4 – mír 1 – pointe ii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) indéantacht theicniúil mhaolú na n-astaíochtaí meatáin ***ó eilimintí a leagtar amach in Airteagal 25(3)***; | (ii) indéantacht theicniúil mhaolú na n-astaíochtaí meatáin; ***gach poncfhoinse astaíochta*** |

**Leasú 261**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VIII – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| De bhun Airteagal 27, ní mór d’allmhaireoirí an fhaisnéis seo a leanas ***a chur ar fáil***: | De bhun Airteagal 27, ní mór d’allmhaireoirí ***tuarascáil a sholáthar ina mbeidh*** an fhaisnéis seo a leanas ***maidir le gach láithreán óna ndearnadh an t-allmhairiú chuig an Aontas, lena n-áirítear táirgeadh réamhtheachtach ola agus gás iontaise, bailiú, próiseáil agus tarchur gás iontaise, agus críochfoirt gáis nádúrtha leachtaithe***: |

**Leasú 262**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VIII – mír 2 – pointe ii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) ***tíortha*** agus réigiúin inar táirgeadh an fuinneamh a chomhfhreagraíonn d’***ainmniúlacht aonad críochach le haghaidh staidrimh*** (NUTS) ***leibhéal 1 an Aontais agus tíortha agus réigiúin*** trínar ***iompaíodh*** an fuinneamh go dtí gur cuireadh ar mhargadh an Aontais é***, a chomhfhreagraíonn d’ainmniúlacht aonad críochach le haghaidh staidrimh (NUTS) leibhéal 1***; | (ii) ***tír*** agus réigiúin ***a chomhfhreagraíonn d’ainmníocht an Aontais d’aonaid chríochacha maidir le staidreamh (NUTS) leibhéal 1*** inar táirgeadh an fuinneamh***, tíortha agus réigiúin*** a chomhfhreagraíonn d’***ainmníocht an Aontais maidir le haonaid chríochacha um staidreamh*** (NUTS) ***leibhéal 1*** trínar ***iompraíodh*** an fuinneamh go dtí gur cuireadh ar mhargadh an Aontais é; |

**Leasú 263**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VIII – mír 2 – pointe iii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iii) maidir le hola agus gás iontaise, ***cibé acu atá nó ach bhfuil an t-onnmhaireoir ag déanamh tomhais*** agus tuairisciú ar a astaíochtaí meatáin, go neamhspleách nó mar chuid de ghealltanais ***fardal*** náisiúnta GCT a thuairisciú i gcomhréir le ceanglais Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC), agus ***cibé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann*** sé ceanglais tuairiscithe ***UNFCC nó a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann sé*** caighdeáin ***2.0 na Comhpháirtíochta um Meatán Gáis*** agus ***Ola***. Ní mór cóip den tuarascáil is déanaí ***ar astaíochtaí*** meatáin a bheith ag gabháil leis sin, lena ***n-airítear*** i gcás ***inar féidir***, an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 12(6). ***Ní mór*** modh ***an chainníochtaithe*** (amhail ***sraitheanna*** UNFCCC nó leibhéil OGMP) ***arna úsáid sa tuarascáil a shonrú le haghaidh*** gach ***cineáil astaíochta***; | (iii) maidir le hola agus gás iontaise, ***faisnéis lena sonraítear tomhais dhíreacha an onnmhaireora, nó i gcás inarb ábhartha, tomhais dhíreacha an táirgeora ar astaíochtaí meatáin ar leibhéal an láithreáin, arna ndéanamh ag soláthraí seirbhíse neamhspleách, sa tréimhse bliana féilire dheireanach atá ar fáil lena n-áirítear sonraí in aghaidh an chineáil mhionsonraithe, aonair, cineál na foinse astaíochta*** agus ***faisnéis mhionsonraithe maidir leis na modheolaíochtaí cainníochtaithe a úsáidtear chun astaíochtaí meatáin a thomhas; tomhas agus*** tuairisciú ***a dhéanamh*** ar a ***chuid*** astaíochtaí meatáin, go neamhspleách nó mar chuid de ghealltanais ***i leith fardail*** náisiúnta GCT a thuairisciú i gcomhréir le ceanglais Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC), agus ***i dtaobh an bhfuil*** sé ***i gcomhréir le*** ceanglais tuairiscithe ***UNFCCC nó i gcomhréir le*** caighdeáin ***Chomhpháirtíocht Ola*** agus ***Meatáin Gáis 2.0***. Ní mór cóip den tuarascáil is déanaí ***maidir le hastaíochtaí*** meatáin a bheith ag gabháil leis sin, lena ***n-áirítear,*** i gcás ***ina mbeidh fáil uirthi***, an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 12(6)***, i gcás ina bhforáiltear sin sa tuarascáil sin***. ***Sonrófar an*** modh ***cainníochtaithe*** (amhail ***leibhéil*** UNFCCC nó leibhéil OGMP) ***a úsáidtear sa tuairisciú do*** gach ***cineál astaíochtaí***; |

**Leasú 264**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VIII – mír 2 – pointe iv**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iv) maidir le hola agus gás, ***cibé acu a chuireann nó nach gcuireann an t-onnmhaireoir*** bearta rialála nó deonacha i ***bhfeidhm*** chun a astaíochtaí meatáin a rialú, lena n-áirítear bearta amhail suirbhéanna ***braite*** agus ***deisithe sceití*** nó bearta chun scaoileadh agus bladhmadh meatáin a rialú agus a shrianadh. Ní mór tuairisc ar na bearta sin a bheith ag gabháil leis sin, lena n-áirítear, i ***gcas*** inar féidir, tuairiscí ó shuirbhéanna braite agus deisithe ***sceití*** agus ó imeachtaí scaoilte agus bladhmtha i ndáil leis an mbliain féilire is déanaí atá ar fáil; | (iv) maidir le hola agus gás, ***faisnéis lena sonraítear*** bearta rialála nó deonacha ***an onnmhaireora, nó*** i ***gcás inarb ábhartha, bearta rialála nó deonacha an táirgeora*** chun a astaíochtaí meatáin a rialú, lena n-áirítear bearta amhail suirbhéanna ***chun sceitheadh a bhrath*** agus ***a dheisiú*** nó bearta chun scaoileadh agus bladhmadh meatáin a rialú agus a shrianadh***; suirbhéanna agus cláir chun sceitheadh a bhrath agus a dheisiú atá déanta le 2 bhliain féilire anuas agus faisnéis faoin scaoileadh ar fad; agus imeachtaí bladhmtha le 2 bhliain féilire anuas***. Ní mór tuairisc ar na bearta sin a bheith ag gabháil leis sin, lena n-áirítear, i ***gcás*** inar féidir, tuairiscí ó shuirbhéanna braite agus deisithe ***sceite*** agus ó imeachtaí scaoilte agus bladhmtha i ndáil leis an mbliain féilire is déanaí atá ar fáil; |

**Leasú 265**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VIII – mír 2 – pointe v**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (v) maidir le gual, ***cibé acu atá nó ach bhfuil an t-onnmhaireoir ag déanamh tomhais*** agus tuairisciú ar a astaíochtaí meatáin, go neamhspleách nó mar chuid de ghealltanais ***fardal*** náisiúnta GCT a thuairisciú i gcomhréir le ceanglais Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC), agus ***cibé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann*** sé ceanglais tuairiscithe ***UNFCC nó a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann sé*** caighdeán idirnáisiúnta nó Eorpach ***le haghaidh faireacháin***, tuairisciú agus fíorú astaíochtaí meatáin. Ní mór cóip den tuarascáil is déanaí ar astaíochtaí meatáin a bheith ag gabháil leis sin, lena n-áirítear i gcás inar féidir, an fhaisnéis dá dtagraítear | (v) maidir le gual, ***faisnéis lena sonraítear sonraí astaíochtaí meatáin ar leibhéal foinse an onnmhaireora arna dtomhas le haghaidh astaíochtaí meatáin aeir aerála, arna ríomh*** agus ***arna gcainníochtú i gcomhréir leis an modheolaíocht a thuairiscítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn V; tomhas agus*** tuairisciú ***a dhéanamh*** ar a ***chuid*** astaíochtaí meatáin, go neamhspleách nó mar chuid de ghealltanais ***i leith fardail*** náisiúnta GCT a thuairisciú i gcomhréir le ceanglais Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC), agus ***i dtaobh an bhfuil*** sé ***i gcomhréir le*** ceanglais tuairiscithe ***UNFCCC nó i gcomhréir le*** caighdeán idirnáisiúnta nó Eorpach ***chun*** |

in Airteagal 20(6). Ní mór modh an chainníochtaithe (amhail sraitheanna UNFCCC nó leibhéil OGMP) arna úsáid sa tuarascáil a shonrú le haghaidh gach cineáil astaíochta;

***faireachán***, tuairisciú agus fíorú ***a dhéanamh ar*** astaíochtaí meatáin. Ní mór cóip den tuarascáil is déanaí ar astaíochtaí meatáin a bheith ag gabháil leis sin, lena n-áirítear i gcás inar féidir, an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 20(6). Ní mór modh an chainníochtaithe (amhail sraitheanna UNFCCC nó leibhéil OGMP) arna úsáid sa tuarascáil a shonrú le haghaidh gach cineáil astaíochta;

**Leasú 266**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VIII – mír 2 – pointe vi**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (vi) maidir le gual, ***cibé acu a chuireann nó nach gcuireann an t-onnmhaireoir*** bearta rialála nó deonacha ***i bhfeidhm*** chun a astaíochtaí meatáin a rialú, lena n-áirítear bearta chun scaoileadh agus bladhmadh meatáin a rialú agus a shrianadh. Ní mór tuairisc ar na bearta sin a bheith ag gabháil leis sin, lena n-áirítear, i ***gcas*** inar féidir, tuairiscí ó imeachtaí scaoilte agus bladhmtha i ndáil leis an mbliain féilire is déanaí atá ar fáil; | (vi) maidir le gual, ***faisnéis lena sonraítear*** bearta rialála nó deonacha ***an onnmhaireora*** chun a astaíochtaí meatáin a rialú, lena n-áirítear bearta chun scaoileadh agus bladhmadh meatáin a rialú agus a shrianadh***; toirteanna meatáin scaoilte agus bladhmtha arna ríomh i ngach láithreán táirgthe le 2 bhliain féilire anuas; agus pleananna maolaithe scaoilte agus bladhmtha atá i bhfeidhm sa láithreán táirgthe***. Ní mór tuairisc ar na bearta sin a bheith ag gabháil leis sin, lena n-áirítear, i ***gcás*** inar féidir, tuairiscí ó imeachtaí scaoilte agus bladhmtha i ndáil leis an mbliain féilire is déanaí atá ar fáil; |

**Leasú 267**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VIII – mír 2 – pointe vi a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(vi a) tagairt dá phlean gníomhaíochta féin maidir le laghdú meatáin i gcomhréir le hAirteagal 15 de [dícheall cuí inbhuanaitheachta corparáideach]*** |

## IARSCRÍBHINN: LIOSTA DE NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Rinneadh an liosta seo a leanas a tharraingt suas ar bhonn deonach amháin faoi fhreagracht eisiach an Chomhrapóirtéara Jutta PAULUS. Fuair an Comhrapóirtéir ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas agus an dréacht-tuarascáil á hullmhú aici:

| Eintiteas agus/nó duine |
|---|
| Agora-Agrar |
| Buanionadaíocht na hOstaire |
| Baker Hughes |
| CAN |
| CATF |
| Changing Markets |
| Buanionadaíocht na Danmhairge |
| DEUS |
| DG ENER |
| DUR |
| Environmental Action Germany (DUH) |
| EARSC |
| EEB |
| EDF |
| EIA |
| Equinor |
| Bonneagar Gáis na hEorpa |
| Aireacht Fuinnimh agus Aeráide na Gearmáine |
| Buanionadaíocht na Gearmáine |
| Ollscoil Harvard |
| HBS |
| Honeywell |
| industriAll |
| InfluenceMap |
| An Institiúid um Beartas Comhshaoil Eorpach |
| IMEO |
| IOGP |
| Karryos |
| KREAB |
| NSZZ „Solidarność” |
| Özden Terli |
| Picarro |
| Buanionadaíocht na Polainne |
| Sensirion Connected Solutions AiSight |
| Smith Group |
| STEAG GmbH |
| Thüga |
| Uniper |

| |
|---|
| VERAX Engineering |

18.7.2022

## LITIR ÓN gCOISTE UM THALMHAÍOCHT AGUS UM FHORBAIRT TUAITHE

An tUasal Pascal Canfin
Cathaoirleach
An Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

An tUasal Cristian-Silviu Buşoi
Cathaoirleach
An Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

IPOL-COM-AGRI D(2022) 23270

Ábhar: Tuairim maidir leis an Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hastaíochtaí meatáin a laghdú in earnáil an fhuinnimh agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/942 (COM (2021) 805 - 2021/0423 (COD)

A Chathaoirleacha, a chairde,

Faoin nós imeachta thuasluaite, iarradh ar an gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe (AGRI) tuairim a chur faoi bhráid do choiste faoi Riail 56.

An 15 Meitheamh, bhí Rapóirtéir Choiste AGRI, Elsi Katainen, ina cathaoirleach ar chruinniú de Scáth-Rapóirtéirí Choiste AGRI chun an togra ón gCoimisiún a mheas. Thug siad dá n-aire nach ndéanann an Rialachán seo difear díreach d’earnáil na talmhaíochta agus an bhithgháis.

Astaítear meatán ón talmhaíocht ó fhoinsí atá go hiomlán éagsúil agus faoi chásanna éagsúla nuair a chuirtear i gcomparáid iad leo siúd ón earnáil fuinnimh iontaise, agus ní foláir iad sin a chur i gcuntas ar bhonn leithleach.

Thairis sin, is féidir an tionchar atá ag meatán bithghineach ar an teocht dhomhanda, de réir mhodh cuntasaíochta na n-astaíochtaí, a cheistiú. Dá bhrí sin, is modh míchuí é coibhéis CO2 a chur i bhfeidhm chun astaíochtaí meatáin in earnáil na talmhaíochta a thomhas. Ina theannta sin, is gá idirdhealú a dhéanamh idir carbón bithghineach gearr-timthriallach agus carbón fad-timthriallach a eascraíonn as eastóscadh acmhainní iontaise.

Agus na fionnachtana sin á gcur san áireamh, d’iarr Comhordaitheoirí an Choiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe orm ag an gcruinniú a bhí acu an 12 Iúil 2022, a dtuairim a chur in iúl, agus táim ag déanamh amhlaidh i bhfoirm na litreach seo chugat de

bhun Riail 56.

Mise le meas,



Norbert Lins

## NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Laghdú ar astaíochtaí meatáin in earnáil an fhuinnimh agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/942 |
| **Tagairtí** | COM(2021)0805 – C9-0467/2021 – 2021/0423(COD) |
| **Dáta tíolactha chun na Parlaiminte** | 15.12.2021 |
| **Coistí freagracha**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ENVI 7.3.2022<br>ITRE 7.3.2022 |
| **Coistí ar iarradh tuairim orthu**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | BUDG 7.3.2022<br>AGRI 7.3.2022 |
| **Gan tuairim a thabhairt**<br>Dáta an chinnidh | BUDG<br>3.3.2022 |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | Pascal Canfin 28.6.2022<br>Jutta Paulus 28.6.2022 |
| **Rapóirtéirí roimhe seo** | Silvia Sardone, Jutta Paulus |
| **Riail 55 – An nós imeachta comhchoiste**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | <br>9.6.2022 |
| **Pléite sa choiste** | 10.10.2022 29.11.2022 |
| **Dáta an ghlactha** | 26.4.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 114<br>–: 15<br>0: 3 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Mathilde Androuët, Bartosz Arłukowicz, Marek Paweł Balt, Traian Băsescu, Aurélia Beigneux, François-Xavier Bellamy, Monika Beňová, Hildegard Bentele, Hildegard Bentele, Tom Berendsen, Alexander Bernhuber, Michael Bloss, Markus Buchheit, Delara Burkhardt, Martin Buschmann, Cristian-Silviu Buşoi, Jerzy Buzek, Pascal Canfin, Sara Cerdas, Mohammed Chahim, Tudor Ciuhodaru, Ignazio Corrao, Beatrice Covassi, Ciarán Cuffe, Nicola Danti, Maria Angela Danzì, Marie Dauchy, Esther de Lange, Bas Eickhout, Cyrus Engerer, Valter Flego, Heléne Fritzon, Niels Fuglsang, Jens Geier, Andreas Glück, Nicolás González Casares, Catherine Griset, Christophe Grudler, Robert Hajšel, Teuvo Hakkarainen, Anja Hazekamp, Martin Hojsík, Pär Holmgren, Ivo Hristov, Jan Huitema, Yannick Jadot, Adam Jarubas, Karin Karlsbro, Seán Kelly, Izabela-Helena Kloc, Łukasz Kohut, Ewa Kopacz, Joanna Kopcińska, Zdzisław Krasnodębski, Miapetra Kumpula-Natri, Peter Liese, César Luena, Marian-Jean Marinescu, Marisa Matias, Georg Mayer, Liudas Mažylis, Marina Mesure, Marina Mesure, Tilly Metz, Iskra Mihaylova, Silvia Modig, Dolors Montserrat, Alessandra Moretti, Dan Nica, Niklas Nienaß, Ville Niinistö, Ville Niinistö, Ljudmila Novak, Grace O'Sullivan, Jutta Paulus, Mauri Pekkarinen, Mikuláš Peksa, Jessica Polfjärd, Erik Poulsen, Frédérique Ries, María Soraya Rodríguez Ramos, Maria Veronica Rossi, Silvia Sardone, Christine Schneider, Günther Sidl, Ivan Vilibor Sinčić, Sara Skyttedal, Maria Spyraki, Maria Spyraki, Riho Terras, Grzegorz Tobiszowski, Nils Torvalds, Edina Tóth, Véronique Trillet-Lenoir, Achille Variati, Petar Vitanov, Alexandr Vondra, Mick Wallace, |

| | |
|---|---|
| | Pernille Weiss, Pernille Weiss, Emma Wiesner, Michal Wiezik, Tiemo Wölken, Anna Zalewska |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Stefan Berger, Ioan-Rareş Bogdan, Ivan David, Ivan David, Anna Deparnay-Grunenberg, Matteo Gazzini, Jens Gieseke, Sunčana Glavak, Klemen Grošelj, Alicia Homs Ginel, Ladislav Ilčić, Radan Kanev, Ska Keller, Ondřej Knotek, Dace Melbārde, Dace Melbārde, Marcos Ros Sempere, Marcos Ros Sempere, Jordi Solé, Nicolae Ştefănuță, Grzegorz Tobiszowski, Sarah Wiener, Jadwiga Wiśniewska |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Pablo Arias Echeverría, Alessandra Basso, Vasile Blaga, Susanna Ceccardi, Paola Ghidoni, Krzysztof Jurgiel, Zbigniew Kuźmiuk, Katrin Langensiepen, Aušra Maldeikienė, Jan Olbrycht, Elżbieta Rafalska, Bogdan Rzońca, Eleni Stavrou, Kosma Złotowski |
| **Dáta don chur síos** | 28.4.2023 |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 114 | + |
|---|---|
| ECR | Ladislav Ilčić, Krzysztof Jurgiel, Izabela-Helena Kloc, Joanna Kopcińska, Zdzisław Krasnodębski, Zbigniew Kuźmiuk, Elżbieta Rafalska, Bogdan Rzońca, Grzegorz Tobiszowski, Alexandr Vondra, Jadwiga Wiśniewska, Anna Zalewska, Kosma Złotowski |
| NI | Martin Buschmann, Maria Angela Danzì |
| PPE | Pablo Arias Echeverría, Bartosz Arłukowicz, Traian Băsescu, François-Xavier Bellamy, Hildegard Bentele, Tom Berendsen, Stefan Berger, Alexander Bernhuber, Vasile Blaga, Ioan-Rareş Bogdan, Cristian-Silviu Buşoi, Jerzy Buzek, Jens Gieseke, Sunčana Glavak, Adam Jarubas, Radan Kanev, Seán Kelly, Ewa Kopacz, Esther de Lange, Peter Liese, Aušra Maldeikienė, Marian-Jean Marinescu, Liudas Mažylis, Dace Melbārde, Dolors Montserrat, Ljudmila Novak, Jan Olbrycht, Jessica Polfjärd, Christine Schneider, Sara Skyttedal, Maria Spyraki, Eleni Stavrou, Riho Terras, Pernille Weiss |
| Renew | Pascal Canfin, Nicola Danti, Valter Flego, Klemen Grošelj, Christophe Grudler, Martin Hojsík, Jan Huitema, Karin Karlsbro, Iskra Mihaylova, Mauri Pekkarinen, Erik Poulsen, Frédérique Ries, María Soraya Rodríguez Ramos, Nils Torvalds, Véronique Trillet-Lenoir, Emma Wiesner, Michal Wiezik |
| S&D | Marek Paweł Balt, Monika Beňová, Delara Burkhardt, Sara Cerdas, Mohammed Chahim, Tudor Ciuhodaru, Beatrice Covassi, Cyrus Engerer, Heléne Fritzon, Niels Fuglsang, Jens Geier, Nicolás González Casares, Robert Hajšel, Alicia Homs Ginel, Ivo Hristov, Łukasz Kohut, Miapetra Kumpula-Natri, César Luena, Alessandra Moretti, Dan Nica, Marcos Ros Sempere, Günther Sidl, Achille Variati, Petar Vitanov, Tiemo Wölken |
| The Left | Anja Hazekamp, Marisa Matias, Marina Mesure, Silvia Modig, Mick Wallace |
| Verts/ALE | Michael Bloss, Ignazio Corrao, Ciarán Cuffe, Anna Deparnay-Grunenberg, Bas Eickhout, Pär Holmgren, Yannick Jadot, Ska Keller, Katrin Langensiepen, Tilly Metz, Niklas Nienaß, Ville Niinistö, Grace O'Sullivan, Jutta Paulus, Mikuláš Peksa, Jordi Solé, Nicolae Ştefănuță, Sarah Wiener |

| 15 | - |
|---|---|
| ID | Mathilde Androuët, Alessandra Basso, Aurélia Beigneux, Markus Buchheit, Susanna Ceccardi, Marie Dauchy, Ivan David, Matteo Gazzini, Paola Ghidoni, Catherine Griset, Georg Mayer, Maria Veronica Rossi, Silvia Sardone |
| NI | Ivan Vilibor Sinčić, Edina Tóth |

| 3 | 0 |
|---|---|
| ECR | Teuvo Hakkarainen |
| Renew | Andreas Glück, Ondřej Knotek |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh